

891.6284 Tol

L.O. 848

NIOCLÁS TÓIBÍN - SCRÍBHNEOIR DE CHUID NA hATHBHEOCHANA

Miontráchtas le haghaidh Chéim Mháistir Ealaíne

Roinn na Nua-Ghaeilge, Dámh an Léinn Cheiltigh
Coláiste Phádraig, Maigh Nuad

Ceann Roinne: An toillamh Oír. Pádraig Ó Fiannachta
Stiúrthóir: An toillamh Oír. Pádraig Ó Fiannachta
Údar: Etaín Ó Siadháin

LÚNASA, 1986.

CAIBIDIL 1

Beathaisnéis	1-7
Cúlra Liteartha.....	8-18
Cúlra Áitiúil.....	19-27

CAIBIDIL 11

Saothar do Pháistí.....	28-58
-------------------------	-------

CAIBIDIL 111

Na hÚrscéalta.....	59-92
--------------------	-------

CAIBIDIL IV

Na hAistriúcháin.....	93-118
-----------------------	--------

CAIBIDIL V

Conclúid.....	119-123
---------------	---------

SAOTHAR FOILSITHE: Leabhair..... 124-126

Altanna..... 126-129

LEABHARLIOSTA..... 130-132

AGUISÍN I: Conradh leis an nGúm

AGUISÍN II: Liosta shaothar neamhfhoilsithe

BUÍOCHAS

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Ollamh Oirmhínneach Pádraig Ó Fiannachta, a threoraidh mé nuair a bhí an taighde idir láimha agus a bhí sásta dréacht de gach caibidil a léamh; don Leabharlann, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad, go háirithe Susan, Bean Durack; do Mháire Ní Chonghaile a dhein an tráchtas a chlóscríobh.

Mo bhuíochas go speisialta dom mhuintir - mo chéile Séamas, a thug misneach dom, mo mháthair Eibhlín a bhí mar inspioráid dom, agus mo pháistí Cearbhall agus Iseult a bhí foighneach agus tuisceanach.

Tá mé go mór faoi chomaoín ag Deirdre Tóibín, iníon Niocláis. Chuir sí fáilte romham, bhí sí sásta labhairt liom i dtaoibh a hathar agus thug sí cabhair dom teacht ar fhoinsí dá chuíd.

COIMRIÚ


Iarracht atá sa tráchtas seo ar dhuine de scríbhneoirí na hAthbheochana, Nioclás Toibín (1890-1966) a thabhairt chun cuimhne agus a mheas ina chomhthéacs ama. Oileadh mar mhúinteoir náisiúnta é ach níor chaith sé ach bliain amháin ag múineadh i scoil náisiúnta. Cé go raibh scéalta leis i gcló ó 1909 eascraíonn an chuid is mó dá shaothar ó 1922 go dtí 1955. Dáiríribh, bhí sé ina scríbhneoir gaírmiúil ó 1934 ar aghaidh. I rith na mblianta seo, bhí sé ag obair do Chonradh na Gaeilge mar Thimire, do Choistí Ghairm Oideachais agus i gColáiste na Rinne, ina bhaile dúchais féin.

Toisc gur mheas sé go raibh am na práinne tagtha do shlánú na Gaeilge, chuir sé chuige ábhar múinte Gaeilge agus ábhar léitheoireacht Gaeilge a chur ar fáil do lucht foghlamtha na teanga. 'Siad na príomhranna a shaothraigh sé 'sna leabhair aige ná - Leabhair scoile, idir scéalta, ceachtanna, agus drámaí; aistriúcháin ina raibh stair, tíreolas, litríocht, úrscéalta; scriobh sé dhá úrscéal chruthaíocha. Léiríonn na leabhair seo go léir an saibhreas agus líofacht Ghaeilge a bhí ag Nioclás pé acu scríbhneoreacht chruthaíoch nó aistriúchán a bhí i gceist.

Aistriúchán is ea cuid mhaith dá shaothar. Dá bhí sin níl cuimhne chomh láidir air is atá ar scríbhneoirí cruthaíocha eile. Sí an aídhm a bhí aige féin ná an teanga a choiméad beo trí corpus léitheoireachta Ghaeilge a chur ar fáil do lucht léite agus lucht foghlamtha. D'éirigh leis é sin a dhéanamh.

LEATHANACH NODA

- | | | |
|------|---|------------------------------|
| FthF | : | Féirín thar Fhéiríni |
| BN | : | La Belle Nivernaise (Daudet) |
| BNG | : | La Belle Nivernaise (Tóibín) |
| CC | : | Ceap Ceapadóireachta |



CAIBIDIL A HAON

BEATHAISNEIS, CÚLRA LITEARTHA AGUS CÚLRA ÁITIÚIL

Rugadh Nioclás Tóibín sa bhliain 1890 i mBaile na nGall, Rinn ó gCuanach, Co. Phort Láirge. Bhí cúigear clainne ag Citi agus Séamus Tóibín: Séamus, Seán, Dáibhí, Páid. B' é Nioclás an duine ab óige orthu. Iascairí ab ea a mhuintir i bhfad siar agus bhí Gaeilge aige ó dhúchas.

Chuaigh sé ar an ngnáthbhunscoil sa Rinn. Nuair a bhí sé sé bhliain déag chuaigh sé chuig Coláiste na Rinne. Meánscoil i seo a cuireadh túis leí tamall beag roimhe sin, sa bhliain 1906. Bhí mórsheisear ar an gcéad dream scoláiri a tháinig go dtí Iolscoil na Mumhan, mar a tugadh ar an gColáiste ar ball. Ina measc seo, bhí Séamus Ó Ceallaigh, Nioclás Tóibín, Seán Ó Curraoin, Eilís Ni Chuirrín, Nóra Ní Ghriofa, Séamas Turraoin agus Séamus Mionbhial.¹

Tá stair bhunú Choláiste na Rinne scriofa ag Pádraig Ó Cadhla.¹ Timire fé Chonradh na Gaeilge ab ea Pádraig fén. Tháinig sé go dtí an Rinn sa bhliain 1903. Chuir sé ranganna Gaeilge ar fáil do dhaoine fásta. Bhí fear cumasach eile, An Dr. Micheál Ó Siocháin, sagart agus ollamh gColáiste Phádraig, Maigh Nuad, a chuir suim san obair seo, leis. Bhí teach aige ar Cheann Helvic, agus chaitheadh sé an tsaoire ann. Ghlac sagart cáiliúil eile ón Rinn, An Dr. Oir. Risteárd de Hindeberg páirt in athbheochain na Gaeilge. Bhí sé ina ollamh le ceol i gColáiste na hollscoile, Corcaigh. Fuair Pádraig Ó Cadhla éisteacht ó mhuintir na Rinne

1 Ó Cadhla, P. "Stair Choláiste na Rinne", An Sguab, 1922-1923.

nuair a chéad tháinig sé i 1903. Ní raibh aon drochmheas acu ar an nGaeilge. Ag tagairt dó ..dón uair sin, dúirt sé :

Bhí an Ghaeilge go hiontach acu go léir agus ní bheadh uathu ach roinnt taithí d'fháil ar í a léamh. Rinneamar iarracht de sin agus bhí amhráin agus scéalta againn sa tslínár áiríomargo raibh dhá uair a chloig caite againn.... Thoghamar roinnt daoine tuisceanacha a bheadh ós cionn na hoibre. Shocraigh mé féin teacht chucu dhá thráthnóna sa tseachtain chun an léamh a mhúineadh dóibh.¹

Ní hionadh mar sin go bhfuarthas gach cabhair agus tacaíocht san áit nuair a cuireadh chun suíomh a lorg le haghaidh bhunú na meánscoile i 1906. Bhí an triúr thuasluaite: Pádraig Ó Cadhla, An Dr. R. de Hindeberg agus an Dr. M. Ó Siadháin mar mhúinteoirí sa scoil, chomh maith le beirt eile: Séamas Ó hEochaíd (An Fear Mór) agus Diarmaid Stocs.

Sa dá bhliain a chaith Nioclás mar scoláire i gColáiste na Rinne, fuair sé tuiscint ar thábhacht an chultúir Ghaelaigh. Dar leis gurb í an teanga an ghné a ba phríomha le ceaomhnú, má bhí slánú i ndán don chultúr seo. Théadh sé ar ais ag múineadh go dtí an Coláiste gach samhradh ar feadh na mblian ina ndiaidh sin.

Mar chruthú ar an dearcadh seo aige faoin dtábhacht a bhain leis an gcultúr agus leis an dteanga, tuigimíd go raibh sé ag bailiú béaloidis - idir scéalta agus amhráin, ó na seandaoine thart ar Bhaile na nGall agus an Seanphobal chomh luath le 1908. Chuige seo, fuair sé spreagadh ón Dr. Ó Siadháin.²

1 An Sguab Deireadh Fómhair 1922.

2 Tá idir lámhscríbhinní agus clóscríbhinn dá chuid le fáil i lss 15 agus 16 ag Coimisiún Béaloideas Éireann i mBelfield. Is aisteach a laghad oibre leis is atá ar fáil ann.

An córas le haghaidh oiliúint mhúinteoirí a bhí sa tír ag an am ná seo: bhí tamall mar phointíseach le caitheamh ag duine a bhí ag smaoineamh ar dhul le múinteoirreacht mar ghairm bheatha. Chuaigh Nioclás ag múineadh mar "chúntóir sóisearach" go Coláiste Cholmáin i Mainistir Fhear Maí idir 1909 agus 1911. Fiú le sin, b'éigean scoláireacht a ghnothú le dul chuig an Coláiste Oiliúna. Ach bhí éirim aigne thar an meán ag Nioclás agus fuair sé The King's Scholarship. Sa bhliain 1911 chuaigh sé go Sráid Mhaoilbhríde agus na Central Model Schools i mBaile Átha Cliath. Bhí an cursa curtha de aige faoin mbliain 1913. Tuigtear ó thuairisci an Choláiste Oiliúna go rabhthas sásta leis mar ábhar múinteora. Seo mar a scrióbh an tUasal Peyton, Ollamh le hOideachas, ina thaobh:

Mr Tobin is earnest and painstaking at his work in the schoolroom. He understands how to develop lessons and to keep up attention. He is a native Irish speaker and he conducts Irish classes energetically and successfully!

Bhí an béaloides agus an seanchas aige ón gcliabhán agus ó chuimhne na seandaoine thart ar a bhaile dhúchais. Anois bhí oiliúint múinteora faigte aige. Tá an chuma ar an scéal, mar sin, gur bhain sé úsáid as an dá rud seo i.e. an béaloides/seanchas agus an mhúinteoirreacht ar son leas na Gaeilge agus gur fhan sé dílis don aidhm sin lena shaol.

Má thosaigh sé ag breacadh béaloidis chomh fada siar le 1908, ní raibh sé i bhfad gan cúpla rud a chur i gcló. Ní raibh fiche bliain slán aige fós, an uair seo. An chéad phíosa a thuigimid uaidh na scéilín a chuir sé go dtí an Lóchrann i mí Bealtaine 1909 i dtaoibh Dhomhnaill Úi Chonaill. Bhí scéalta go flúirseach i gcónai faoin Liberator² ar bhéal na ndaoine. Insint ar scéal béaloidesa, curtha ar fáil do

1 Páipéirí an Teaghlaigh, Baile na Manach. Tá tagairt eile leo seo Feabhra 1915, ó cheannasaí an Choláiste, an tUas. Mulholland a deir "Mr Tobin is very earnest and painstaking. He will prove himself faithful and diligent in the discharge of his duties".

2 Féach An Rí gan Choróin, Ríonach Úi Ogáin, BAC, 1984.

lucht léite an Lóchrann atá anseo aige. In Eanáir na bliana 1916, scríobh sé alt in Timire an Chroí Naofa Iosa faoin teideal "Breath na Sainte". Roimh dheireadh na bliana sin bhí alt aige san iris chéanna "Filíocht agus Deas-chaint". Samplaí iad seo den bhéaloideas á úsáid aige mar bhunábhar chun ceachtanna Gaeilge a mhúineadh.

Lá Meithimh 1918, deimhníonn miontuairisci Choiste Timireachta Chonradh na Gaeilge go bhfuarthas litir ó Nioclás Toibín, an Rinn, ag lorg poist.¹ Bhí sé ag múineadh don Chonradh ón uair seo ar feadh ceithre mbliana, mar mhúinteoir taistil. Fiú i rith an Chogaidh Chathardha, tá a fhios againn go raibh sé gníomhach mar mhúinteoir i gCill Chainnigh, mar bhí ceadúnas rothair aige ó Ogleagh na hÉireann, Lúnasa 1922.²

Phós sé Siobhán Jennings, nó Siobhán Ní Sheaáin mar a thugtaí uirthi, in 1922, i nDún Garbhán. Bhí a hathair J. Jennings ina Chigire Condae den Royal Irish Constabulary do Phort Láirge. Bhí deartháir amháin le Jennings mar phríomhlinnealltóir ar an Iarnród Bengal - Náipur sa Ind, agus bhí deartháir eile leis, dochúir, ina oifigeach leighis le rialtas Shasana nuair a thugtaí Gold Coast, British West Africa, ar Ghana. Stát-seirbhiseach í Siobhán i mBaile Átha Cliath roimh phósadh di.

Ba mhór an chabhair agus an tacaíocht a thug Siobhán do Nioclás i gcónai. Bhí sí an-dilís don Ghaeilge, cé nár tógadh le Gaeilge í. Ní leor a rá gurbh í Siobhán an chéad bhean tí a bhí ag Coláiste na Rinne, ná go ndeineadh sí na profaí a léamh do Nioclás, san obair dó. Uair amháin nuair a bhí Nioclás ag múineadh i gCeatharlach agus gur buaileadh tinn é, dob í Siobhán a chuaigh isteach sa scoil mar ionadai dó.

1 Leabharlann Náisiúnta na hÉireann Iss 9792

2 Páipéiri an teaghlaigh, Baile na Manach

Scriobh Siobhán féin leabhar The Leprachaun's Purse - scéalta do pháistí morán cosúil leis na scéalta ag Sinéad Bn. de Valera. Taobh amuigh den iarracht seo, níor scriobh sí aon rud faoin a hainm féin ach thug a fuinneamh agus a hacmhainn do Nioclás. Is fiú a mhiniú anseo gurbh ag Siobhán a bhí an Fhraincis agus nach ag Nioclás féin. Tá dhá scéal agus dráma leis a d'aistríodh ón Fhraincis: Mon Oncle et mon Curé; La Belle Nivernaise; agus An Dubh 'na Gheal. Dob í Siobhán a d'aimsigh iad mar scéalta oiriúnacha agus a bhí ina hidir-scéalaí nuair a bhí Nioclás á dtiontó go Gaeilge. Beidh trácht níos déanaí ar cheann amháin de na scéalta sin La Belle Nivernaise nuair a a bheidh plé fhaoi chúrsaí aistriúcháin.

Thuig Siobhán nach raibh ró-chumas ag Nioclás mar scríbhneoir cruthaíoch agus b' shin ceann de na fáthanna gur thaobhaigh sé na haistriúcháin. Thuig sí go maith an cumas teanga agus múinteoireachta a bhí aige maidir le Gaeilge agus dhein sí gach ab fhéidir chun an bua seo a thabhairt chun críche agus foirfeachta ann.

Thosaigh sé ag scriobh leabharanois agus tháinig an chéad leabhar ón a láimh 1923. An Barra: Leabhairín do pháistí, foilsithe ag an Comhlucht Oideachais. Foilsíodh sé leabhair ar fad leis san mbliain chéanna sin. Ina measc, bhí an leabhar is cáiliúla ar fad dá chuid, b'fhéidir, Oíche ar Bharr Tuinne mar a bhfuil cur síos ar shaol na n-iascraigí sa Rinn.

In 1922 chuaigh an teaghlach chun cónai í i gCeatharlach mar a raibh Nioclás ag muineadh do Bhráithre Naomh Pádraig. Bhi sé le post eile a fháil i gCeatharlach. Mar a deir Diarmaid Breathnach - cibe

tuaiplis a rinne an t-easpog (Ó Foghlú) ní raibh aon phost dó.¹

Bhí sé ag muineadh leis na Bráithre seo go dtí 1928 agus leis an gCoiste Gairm Oideachais go dtí 1934.

Bhí beirt clainne ag Siobhán agus Nioclás: Naoise a fuair bás i 1974 agus Deirdre atá ina poitigéir i mBaile Átha Cliath. I rith an ama seo go léir, bhí sé ag muineadh, ag taistéal agus ag scrióbh in éineacht. Tharla gur theip ar antsláinte aige agus chaith sé iomlán bliana san ospidéal. Ní raibh sé riamh ró-láidir ina dhiaidh sin, agus níor fhill lán-aimsireach ar an muinteoireacht ach thug níos mó ama don scribhneoirreacht, D'fhan sé dílis don Choláiste sa Rinn mar a théad sé gach bliain sa Samhradh ag muineadh Gaeilge agus amhránaíochta.

Taobh amuigh de scrióbh na leabhar, bhíodh alt á chur aige go dtí an Carlow Nationalist go rialta. Ach nuair a chuir Éamon de Valéra tú le nuachtán úr in 1934 ar ~~ar~~ thug sé Scéala Éireann, bhí ardán sa bheiris ag Nioclás. Is suimiúil agus is fiúntach leathanaigh Scéala Éireann a léamh sna blianta tosacha san. Bhí an-éagsúlacht ábhair á plé ag scoláirí de gach sórt, tré Ghaeilge. Ina measc bhí Nioclás Toibín. Scriobh sé alt san nuachtán seo gach mí ar feadh i bhfad. Tiocfaimíd ar ais chuig na haltanna sin ar ball mar is iontu atá fealsúnacht Niocláis le feiscint ar chúrsaí oideachais, ar chás na Gaeilge agus ar chúrsaí scribhneoirreachta i gcoitinne.

Sa bhliain 1934, d'fhág Muintir Toibín Ceatharlach agus thángadar go Baile na Manach i ndeisceart chathair Bhaile Átha Cliath. Bhí Nioclás ag scriobh leabhar don Ghúm ar an gcuid is móanois. Bhí sé ag muineadh

1 Breathnach, D 1882-1982 Beathaisnéis 1 lch 113. Cé go raibh an scéal seo cloiste agam ó Dheirdre, i nÍón Niocláis, chuir sise an tuaiplis i leith sagairt: an tAth. Mac Suibhne, nó Swayne sa Bhéarla.

go páirt-aimsireach don Choiste Gairm Oideachais i nDún Laoire. An leabhar deireanach a foilsíodh leis ná Féirín thar Fhéiríní 1959.

Idir dhá linn, tá liosta fada leabhar a cuireadh go dtí an Gúm ach nár foilsíodh iad, ar chúis nó ar chúis eile. Ar an liosta seo, tá leabhar ar shaol Éamon de Valéra, a thug cead dó tabhairt faoin obair i 1945.¹

Dheineadh sé páipéisí scrúduithe a cheartú don Roinn Oideachais gach bliain agus bhíodh sé ag craoladh ar Raidió Éireann ó am go chéile, leis. Amhránaí binn ab ea é, go raibh fíorthuiscint aige do bhri na n-amhrán agus úsáid an chrítheáin. Scríobh sé filiocht, sheinneadh se an veidhlín go maith. Is mó uair a'chloig a chaith sé ag múineadh amhrán don aos óg nó d'ábhair múinteoirí ar chúrsaí oiliúna.

Ní raibh an tsláinte go maith aige ar feadh tamaill. Chaitheadh sé cuid mhaith dá am saor sa ghairdín mar a raibh bláthanna agus torthaí á bhfás aige. Bhíodh tìnneas scamhóga ag cur isteach air go minic agus b'éigin é a chur isteach san ospidéal ag Baile Lochlainn. Ní fada a mhair sé ann, go bhfuair sé bás ar an 21ú Iúil, 1966.

Nuair a bhí sé curtha ina áit dhúchais féin sa Rinn, chuir Siobhán roimpi bailiúchán a dhéanamh de na píosaí fánacha leis a bhí scaipthe ar fud lámhscríbhinní, nuachtán, agus tréimhseachán. Thug sí an Duanaire Déiseach ar an leabhar seo. Tá mórchuid leis ná fuil ann, ach tá go leor ann a léiríonn an éagsúlacht bua a bhí ag Nioclás mar ghaeilgeoir agus mar scríbhneoir agus mar bhall den eathbheochain chultúrtha.

1 Páipéisí priobháideacha an teaghlaigh.

An Cúlra Liteartha

Taobh amuigh de thuairisci loma a bheatha ag aon scribhneoir, is gá aird a dhíriú tamall ar na rudaí sin a raibh tionchar acu air. Pé acu dearfach nó diúltach dóibh, cuireann siad le hiomlánú an phictiúir den bhfeart agus lenár dtuiscint air.

Ar na tionchuir a bhí ag feidhmiú i saol an Tóibínigh, is féidir dhá roinn a dhéanamh: an cúlra liteartha agus an cúlra áitiúil. An cúlra liteartha - baineann sé le cúrsaí náisiúnta agus náisiúnachais na hÉireann ag an am. Baineann sé go mór mór le gluaiseachtaí a chuaigh le hathbheochan na teanga agus cur i láthair litriocht na Gaeilge agus an díopóireacht idir cumadóirí agus caomhnóirí na teanga. Baineann an dara roinn leis na Déise féin, a d'aithin sé óna óige mar aonad Gaeltachta; an saibhreas liteartha a fuair sé i bhfoirm béaloidis ó sheandaoine na háite sin agus an oiliúint a fuair sé mar mhúinteoir náisiúnta, a chruthaigh an ghairmiúlacht ann. Tá baint ag an dá roinn seo le múnlú an fhir arbh Gaeilgeoir, mhúinteoir agus scribhneoir é agus chífeart a dtoradh sin ina shaothar i gcaibidilí 2-4 thíos.

D'fhéadfáí a rá gurbh í gluaiseacht na Rómánsaíochta barrchéim na hint-leachtúlachta san 18ú céad. Leathnaigh an għluaiseach ar fud na hEorpa agus tosaíodh ar shuim a chur sa meán-aicme. Deineadh anailís don chéad uair ar cheisteanna faoin socháí agus faoin bhforbairt shóisialta. Chuige seo, tosaíodh ar sheanchas na ndaoine agus ar bhéaloideas go giñearálta a bhailliú. B'é James Mac Pherson a dhírigh aird dhaoine liteartha ar chúrsaí Čeiltteacha, le scéalta Oisín agus an Ossianic Society aige. Ait go leor, b'é Cath Culloden 1745, nuair a scriosadh

agus a loiteadh lucht leanúna Shéarlais agus na Stiobhartaigh, a réitigh an tslí don saghas seo litríochta mar gheall ar an miotas a d'fhás i ndiaidh an chatha seo.

Tá sé suimiúil, ó luaim James Mac Pherson nach in Éirinn amháin a bhí rialtas Shasana ag brú na teanga fé chois. 1609 do ritheadh Reachta Oileán Í, chun Alba agus go háirithe an Ghaeltacht a tharraingt níos dlúithe agus níos cinnte isteach le móraonad polaitíochta Shasana.

Deir ceann de na clasáil sa dlí sin: "every gentleman or yeoman possessed of over 60 head of cattle should send his eldest son or daughter at least, to the Lowlands to receive an English and Protestant education."¹

D'fhoilsigh Mac Pherson sraith dánta próis a dúirt sé a bhí aistrithe aige féin ó lámhscríbhinní Gaeilge na hAlban. E féin a cheap iad, dáiríribh agus is tríd an diospóireacht a lean a bhfoilsiú a tháinig suim i gcúrsaí Fiannaíochta don chéad uair. Maidir le hÉirinn, de réir mar a tháinig fás ar chumhacht Shasana ón 17ú Aois, bhi an teanga ag dul i léig. Ina ainneoin sin, bhí daoine ar nós Robert Huntingdon, uachtarán Choláiste na Trionóide, a dúirt

Me thinks the Nation should make their language triumphant also, and the rather, because their are Laws against it.² For why should a free people retain any marks of Slavery.²

Dhá chéad bliain ina dhiaidh sin a chomharlaigh Thomas Davis gur cheart an teanga a bheith "Cherished, taught and esteemed".³ Ó chuir na Gaeil suim i bpolaitíocht náisiúnta ag aimsir na nÉireannach Aontaithe, ní

1 Chapman, M. The Gaelic Vision in Scottish Culture Ich 233.

2 Analecta Hibernia 1, 1930 Ich 163 Cúrsaí creidimh a bhí mar aidhm ag Huntingdon "Therefore perhaps they'll endure the scriptures in their own Tong, tho' not in ours".

3 Ó Cuív, B. "Irish in the Modern World" in Ó Cuív B (ed) A View of the Irish Language Ich 125.

raibh aon iarracht ar shlanú na teangeal acu féin, ná ag a dtaoisigh. Go dtí seo, ba shaoirse pholaitíochta nó saoirse chreidimh a bhí mar aidhm ag daoine. Dónall Ó Conaill, arbh cainteoir ó dhúchas é "[could] witness without a sigh, the gradual disuse of the Irish". Nuair a tháinig lagtrá i gcúrsaí polaitíochta tar éis Cogadh na Talún agus bás Pharnell, is ea a tháinig caoi féachaint ar an teanga mar aidhm intí féin.

Faoin uair gur rugadh Nioclás Tóibín bhí na heagraíochtaí móra, a mbeadh baint acu le hathbheochan na Gaeilge úrthagtha nó ar tí teacht. Orthu seo is féidir a luadh Society for the Preservation of the Irish Language 1877; Cumann Lúthchleas Gael 1884 agus Conradh na Gaeilge 1893. Cad iad na heagraíochtaí seo agus conas a tharla gur thángadar go léir chun solais ag deireadh na naoú haoise déag? Cé go raibh an teanga in ísle brí ag an uair seo, ní féidir a shéanadh go raibh ithír thorthach a treabhadh ag eagraiochtai a chuaigh roimhe: na heagraíochtaí sín a chuir suim i stársheanchas agus béaloides agus lítríocht na nGael. Agus fiú murab í an Ghaeilge teanga ná lánaidhm gach eagraiochta díobh san, bhíodar mar chloch bhunaigh don rud a bhí le teacht.

Ní gá stair gach cumainn a ríomhadh anseo, ach focal nó dhó a léireoidh stair chúrsaí na Gaeilge anuas go dtí an Saorstát. Bhí an SPIL freagrach as cead a fháil an Ghaeilge faoin teideal Ceilteach a chur ar chlár na mBunscol, san Acht um Oideachas 1878. Bhí Dughlas de hÍde ina bhalla den chumann seo. Is iontach go deo an tionchur a bhí aige ar chúrsaí uile cultúrtha na tíre seo ón uair sin amach, gur toghadh ina chéad uachtaráin é sa bhliain 1948.¹

¹ Féach Ó Floinn,D. The Integral Irish tradition,1968.

In 1882 tháinig an chéad uimhir de Irishleabhar na Gaeilge amach. Iris an SPIL a bhi freagrach ann. Thuigeadar go raibh tábhacht le hiris ina mbeadh ábhar léite i nGaeilge ag daoine. Cheap Dughlas de hÍde gur leis an iris seo a thosaigh ~~a~~thbheochain na nua-theanga.

Tháinig an Cumann Lúthchleas Gael ar an láthair in 1884, bunaithe ag Micheál Ciosóig, a bhí cheana féin ina bhall den SPIL agus a bhí san IRB leis, deirtear. Bhí na cumainn lúthchleasa agus spóirt, a bhí ann roimhe seo, go mór faoi thionchur Shasana - ag imirt cluichí Shasanacha agus ag múnlú Sasanach óg leo. Ní bhíodh cead ballraíochta ach ag an meánaicme gallda. Bhí daoine óga na tíre lag-mhisniúil, gan aidhm chinnte, ná treoir acu don chaitheamh aimsire. Bhí tábhacht ag lúthchleasa, fiú ar son sláinte na ndaoine. Taobh amuigh de sin, is ar éigean nach raibh sean-chluichi na nGael ligtha i ndearmad ag daoine. Ach nuair a bhunaigh Micheál Ciosóig an cumann lúthchleasa aige, níor bhí fhada gur muscláodh seanghradam na nGael sna daoine agus an mórtas cine sin a chruthaíonn náisiún, seachas dream daoine. Níor bhí fhada leis go raibh na paróistí ag marú a chéile le neart díograise logánta i gcúrsaí peile agus iomána.¹

Téann aibíocht coírp agus intinne i dteannta a chéile. Chabhraigh na heagraíochtaí liteartha agus lúthchleasa seo ní hamháin leo féin agus lena chéile ach chabhraigh siad leis an bhfosc náisiúnachais a bhí ag dúiseacht go forleathan sa tír.

Ach dob é an Conradh buaicphoinnte na ngluaiseachtaí fad a bhain le Gaeilge. Féach cad a dúirt Michael Collins i dtaoibh an Chonradh:

1 Puirseal, P. The G.A.A. and its time Ich 47.

"The Gaelic League [was] the most important event of the C19th century. It checked the peaceful penetrations and once for all turned the minds of the Irish people back to their own country."¹ Bhí daoine de gach cinéal agus gach aicme sa Chonradh. Ar na cinnírí agus bunaitheoirí, b'íad Dr. D. de hÍde, Eoin Mac Néill agus an tAth. Eoin Ó Gramhnaigh, na daoine ba mhó tábhacht. Bhí dhá aidhm ag an gConradh a)
a) Caomhnú na teanga náisiúnta agus í a leathnú mar theanga labhartha;
b) Foilsíú litriocht na Gaeilge agus nualitriocht a chothú sa Ghaeilge. Aidhmeanna nua ar fad ab ea labhairt na teanga agus cothú na litriochta nua, nach raibh ag aon cheann de na heagraíochtaí roimhe seo. Thar aon rud eile, chomharlaigh an Conradh go labhrófaí an Ghaeilge. Bhí ar na baill féin an teanga a fhoghlaim agus a chur in úsáid ag na cruinnithe. Ach bhí ganntanas mhúinteoirí Gaeilge, leabhar agus áiseanna eile teagaisc chun aidhmeanna an Chonradh a thabhairt i gcrích.

In 1897 chuir an Conradh túis le hOireachtas na Gaeilge. Bhí sé sin bunaithe ar Eisteddfod na Breataine Bige. Thug an tOireachtas seans do dhaoine a gcumas liteartha a thriail agus a chothú.

Sa bhliain 1910 bhuaigh fear óg fiche bliain d'aois, duais an Oireachtais lena aiste Agallamh Idir Iascaire agus Mairnéalach. B'é Nioclás Tóibín an fear óg sin. Níor cuireadh oiliúint mhúinteora air fós; bhí sé ag scriobh ón saibhreas seanchais agus béaloidis a bhí bailithe aige óna mhuintir féin agus ó mhuintir na háite thart ar a áit dhúchais. Ón uair sin amach bheadh ceangal idir Nioclás agus an Conradh ar feadh i bhfad mar Mhúinteoir taistil, ag cabhrú le aidhmeanna an Chonradh a chur i gcrích.

1 Béasláí, P. Michael Collins and the Making of an New Ireland 1ch 16.

Dóibhsan a chuir suim i slánú na teanga, bhí troid fhada rompu le go dtabharfaí aitheantas ionlán don Ghaeilge ag an rialtas agus ag eagraíochtaí stáit faoin rialtas sin. Bhí daoine oilte, éifeachtúla ar dhá thaobh na hargóna. Bhí an Dr. Mahaffy, propast Choláiste na Tríonóide. Bhí sé ina bhall de Bhord Náisiúnta an Oideachais. Bhí sé glan in aghaidh Gaeilge a chur ar churaclaim na mBunscoil. Tharla diospóireacht cháiliúil idir an Dr. Mahaffy agus an Dr. D. de hÍde i dtaoibh fhiúntas na teanga Gaeilge: "Trinity College versus the Irish people". Dá bharr seo fuair de hÍde aitheantas idirnáisiúnta don Ghaeilge mar ábhar taighde acadúil.

Má bhí Gaeilge fós ag lucht na nGaeltachtaí, is in olcas a bhí cúrsái ag dul. Theipfí ar fad ar an ghluaiseacht aithbheochana mura bhféadfai Gaeilge a chur á múineadh sna scoileanna. Is minic a deirtear gur ar éigean má bhí léamh agus scriobh na Gaeilge ag caoga duine sa tíre um dheireadh na naoú haoise déag. Tomás Ó Concheáin, duine de chead timirí an Chonradh, fuair sé amach i 1900 go raibh Gaeilge ag 90% de sheandaoine i nGaeltacht Iarthar Chorcaí. Ach a) ní labhraíti Gaeilge leis na páistí agus b) ní mhúintí Gaeilge ar scoil ann.

Chun an tír a mhealladh ar ais chun na Gaeilge, chuir an Conradh rompu ranganna teanga agus staire a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, bhí scoraíochtaí do dhaoine fásta agus litríocht na Gaeilge nuair ab fhéidir, sna scoileanna. Go luath tar éis bhunú an Chonradh, tháinig an "Irisleabhar" faoina chúram, leis an Ath. Ó Gramhnaigh mar eagarthóir. Tháinig fás ar líon na gcóipeanna a. dhioltaí agus uaireanta a fhoilsíti. Mealladh daoine chun scéalta a scriobh don "Irisleabhar". Tugtaí céad áit dóibh sin a scriobhfadh i dteanga simplí na ndaoine. Tháinig as seo agus chomórtaisí liteartha ar nós an Oireachtas, an diospóireacht is mó caint i ngluaiseacht na hAithbheochana ar fad: Caomhnóiri agus Cumadóiri.

Bhí an dá thaobh den scéal ann: na caomhnóirí agus na cumadóirí. Thuig na caomhnóirí go raibh an traidisiún scriofa easnamhach. Thuig siad leis, go raibh traidisiún sheanchas béal na Gaeltachta an-saibhir agus go raibh an bás i ndán dó mura ndéanfai teacht i gcabhair air láithreach. Bhí meas ag na cumadóirí ar scribhneoirí nua-litríocht na hEorpa - leithéidí Marcel Proust, Rombaud na Fraince; Fontane na Gearmáine. Bhí a fhios ag lucht leanúna na nua-litríochta go gcaithfí scribhneoirí na hÉireann a mhealladh agus a mhúnlú chun litríocht náisiúnta chruthaíoch a ghiniúint. Is cinnte go raibh géarghá leis an dá shaghas meona i dtaobh na litríochta. Bhí saibhreas na sean-chaíochta mar fhoinse ag an gluaiseacht nua-litríochta agus scribhneoireachta.

Dúirt Seán Ó Tuama chomh déanach le 1961

Níl aon amhras ann ná gur mhór mar a chabhraigh dúchas na seanchaíochta sa tír seo leis an bhfosc nua-aimseartha gearrscéalaíochta. Níl aon amhras ann leis ná gur mhór an spreagadh an t-éileamh leanúnach a bhí ar na hirisí beaga liteartha ar an ngearrscéal seachas ar aon chinéal eile.¹

Bhí scribhneoirí mar Pádraig Mac Piaraí agus Pádraig Ó Conaire ag moladh modhanna uilíocha scribhneoireachta: an fhírinné agus an réalachas. Bhí daoine mar an tAth. Ó hIcí, a dúirt nach raibh aon bhuntáiste do mhuintir na hÉireann ina leithéid seo. B'fhearr d'Éirinn eolas agus meas a bheith aici ar a teanga agus ar a cultúr féin. "Ní raibh thíriamh ann" a dúirt sé "nár thug tábhacht na teanga don náisiún."²

1. Ó Tuama, S. "Fáistine na Litríochta" Léacht an Oireachtais 1961 in Feasta, Nollaig 1961.

2. O'Hickey, M.P. Rev. The True Nationalist Idea. Paimphléidi Chonradh na Gaeilge 1898.

Bhí an Dr. Ó hIcí, sagart, ollamh le Gaeilge i Maigh Nuad, Leas-Uachtarán ar Chonradh an Gaeilge, páirteach sa chonspóid. Thug sé léachtanna fé chúram an Chonradh agus scríobh sé altanna fada sna nuachtáin fé shaoradh na teanga, Gaeilge sna scoileanna agus an dátheangachas. Is iontach an méid próis Béarla, prós snasta liteartha a scrióbhadh fé cheist na Gaeilge ag an uair seo. Seo sampla ó láimh an Ath. Uí Icí féin

Amongst the essentials of nationality, understood aright, none is more fundamental, none more important, none strikes deeper roots, none is more far-reaching in its results, than a national language.¹

Níorbh oideachasóirí amháin a thuig gá na teanga don náisiún. Bhí daoine ar nós Mary E.L. Butler a raibh suim aici i gcúrsaí na mban thar chúrsaí eile, sa Chonradh. Cheap sí go raibh

The nation is in danger; the question of the preservation of its very soul is at stake and it behoves all who have sprung from this sacred soil to rally and make one un-wavering stand, so that the last conquest of Ireland, the conquest of her soul, may never be completed. ²

Sagart cáiliúil eile, an Dr. de Hindeberg, an fear céanna a raibh baint aige le bunú Choláiste na Rinne, chuir sé milleán ar an gcléir faoi staid na teanga - neamhshuim na cléire a thug sé air. Maidir le litríocht Ghaeilge na fichiú haoise agus an scribhneoiréacht chruthaíoch, bhí an Dr. de Hindeberg go láidir den tuairim, go gcaithfí caint na ndaoine a sheachaínt agus litríocht a scriobh a bheadh bunaithe ar, nó ar chomhchéim leis an nGaeilge Chlasaiceach a scrióbhadh an Céiteannach. Bhí ard-aidhm ag de Hindeberg sa mhéid sin,

1 O'Hickey, M.P. op cit Ich. 2

2 Butler, M.E.L. Irishwomen and the Home Language. Paimphléidi Chonradh na Gaeilge Uimh 5, 1900.

gan amhras. Ní raibh easpa foclóra do thuairim nō do ghnō ar bith sa Ghaeilge in aimsir an Chéitinnigh agus a chomhscoláiri. Mar shampla, ba í seo ré Aodh Mhic Aingil agus a chomh-Proinsiasach Éireannach ar an Mór-Roinn, an ré as a dtáinig saothar ar nós Foras Feasa ar Éirinn in Gaeilge; Scathán Shacraiminte na hAithri nō Acta Sanctorum Hiberniae. Ach ní hionann sin is a rá go n-oirfeadh an Ghaeilge Chlasóiceach do gluaiseacht athbheochain na teanga labhartha, ná do mhúineadh na teanga sin, ná fós don litríocht scriofa. Samhlaigh cóip de Collected Plays of Shakespeare no The Canterbury Tales le Geoffrey Chaucer á thabhairt do eachtrannach a bhí ag iarraidh Béarla a fhoghlaim sá lá inniu.

Dá mhéid daoine oilte a cheap go gcaithfí an teanga a fhuascailt, bhí an méid céanna tuairimí acu faoi mod us operandi na gluaiseachta. Mar shampla de shagart eile a raibh a mhalairt ar fad de thuairim aige is a bhí ag an Dr. de Hindeberg, luaitear an Dr. Ó Siadháin.² Bhí an fear seo, a ceapadh ina easpog níos déanaí, lán tsásta go mbeadh gnáthchaint na ndaoine in úsáid sa litríocht. Nár bh é an sagart seo a ghriosaigh Nioclás Tóibín chun seánamhráin agus scéalta a bhailiú ó na daoine a bhí fós beo.

Ag filleadh tamall ar an neamhshuim seo a luaídh an Dr. de Hindeberg - tá sampla suimiúil de le fail ó cheantair Niocláis féin. Amhrán a bhí coitianta ag na seandaoine sna Déise ná Na Prátaí Dubha. Ceapadh an t-amhrán seo a bhaineann le haimsir an Ghorta, ag Máire Ní Dhroma, bean gan scolaíocht ná léamh. Tá mothú doimhin ar dhroch-chás na ndaoine agus ar ghéire na hainmhe a bhí orthu le linn an Ghorta, le brath san

1 Féach Ó Cleirigh, T. Aodh Mac Aingil agus Scoil Nua Ghaeilge Louvain.

2 Déanfar plé ar an Dr. Ó Siadháin i gCúlra Aitiúil sa chaibidil seo.

amhrán. Ach cé gur ghriosaigh an Dr. Ó Siadháin Nioclás le tabhairt faoi bhailliú béaloideis agus amhráin den tsórt seo, b' shin an ceantar céanna ina raibh sé crosta ag an sagart an t-amhrán a chanadh, mar gur thóg sé ceist faoi thoil Dé.

Ní hé Dia a cheap riamh an obair seo
Daoine bochta a chur le fuacht is le fáin.

Ag deireadh na díospóireachta seo ar fad, is dócha gur thaobhaigh gach scríbhneoir a rogha féin litríochta. Bhí baint idir an rogha seo agus claonadh agus acmhainn an scríbhneora. Bhain Nioclás triail as an scríbhneoireacht chruthaíoch leis na húrscéalta aige ach is mó go mór an chuimhne a bheidh air mar mhúinteoir agus mar aistritheoir de chuid na hathbheochana. Sheas sé leis an dream a cheap go gcaithfí an teanga a shláinú ó shínidiú an chultúir ghallda. "Athghaelú" mar a thug Dughlas de hÍde ar an aidhm aige féin agus lean Nioclás an bóthar céanna. Beidh an cheist seo faoi chaibidil nuair a dhéanfar plé ar a shaothar féin.

Sa bhliain 1926 cuireadh túis le scéim nua foilsitheoirreachta chun leabhair Ghaeilge a chur ar fáil do na scoileanna: An Gúm. An tAire Oideachais, Proinsias Ó Deirg, a bhí freagrach as. Bhain an scéim go speisialta le leabhair a measadh a bhíeadh oiriúnach le haghaidh téacsleabhair sna meánscoileanna, nó do lucht foghlama na Gaeilge i gcoitinne. Bhí roinnt mháith daoine ag gabháil den obair seo - múinteoirí ach go háirithe, agus ina measc bhí Nioclás Tóibín.¹ Thug sé idir bun-saothar agus aistriúchán don Ghúm agus níor foilsíodh gach iarracht a

1 Bhí cainteoir dúchasach Déise eile, múinteoir agus cara saoil le Nioclás, ag obair don Ghúm leis. B' shin Seán Ó Curraoin. Scriobh sé Beirt Déiseach, Psaltair na Rinne: Aistriúchán ar scéalta Washington Irving agus Tolstoi atá aige sa chéad leabhar, chomh maith le béaloideis a bhailigh sé féin ina óige sa Déise.

chuir sé chucu ach oíread'.¹ Chuir sé leagan Gaeilge ar Lambe's Tales from Shakespeare agus cé gur glacadh leis, ní fhaca sé solas an lae riámh.

Ach fiú munar fhoilsigh an Gúm gach iarracht scríbhneoirreachta ag Nioclás, b' é an Gúm an príomh-fhoilsitheoir aige ó 1927 ar aghaidh. Níl aon cheist ach gur chabhraigh an Gúm le Nioclás chun Gaeilge a chur ar fáil do lucht scoile. na tíre sna leabhra a tháinig óna láimh.

1 Féach Agusín 11 le haghaidh liosta de shaothar neamhfhoilsithe an Tóibínigh.

An Cúlra Áitiúil

Is ionann nach móir, Déise Mumhan agus deoise Phort Láirge agus Leasa Móir.¹ Déiseach ab ea Nioclás Tóibín agus bhí na Déise i gcónaí chun tosaigh ina smaointe. Is fiú mar sin féachaint chuig na Déise chun comhthéacs áitiúil a lorg dá shaothar.

Níltear róchinnte i dtaobh stair bhunú na nDéiseach. Cloíonn Mac Gréagóir¹ le tuairim a bhí ag Seán Ó Donnabháin agus Eoghan Ó Comhraí - gur bunaíodh na Déise mar thuath thart ar 275 A.D. Pé scéal é, tá daoine ag déanamh cónaí ann le fada agus tá cruthú seandálaiochta againn air sin. Tá suas le daichead cloch ogham agus tithe i bhfoirm cruiceoige ann. Tá folachtaí fia gar don Cheapach Cuinn. Tá iarsmaí Lochlannacha i bPort Láirge: fuarthas bád 33 troigh ar fhaid sa tSiúir, agus tá clogtheach Naomh Deaglán san Ard Mhór. Tá an fhianaise ann go raibh áitreabhoírí ann go leanúnach agus tá saibhreas chultúr gach dreama díobh fágtha ann. Ina theannta seo go léir, bhí an Ghaeilge sna Déise agus meon, aigne, tuiscint agus eolas na nGael. B'í an Ghaeilge an barrbhua ar an liosta seo ar fad. Deir Professor Curtis "The native cause had always been identified in the minds of the Gaelic race with the Irish language".²

Ag an uair go raibh Mac Gréagóir ag scriobh, bhí lag trá tagtha ar lucht labhartha na Gaeilge sa dúiche. Bhí imní air go muchfaí gaeilgeoirí ag an mBéarla. Dá n-imeodh an Ghaeilge bheadh athrú saoil i ndán don dúthaigh agus don thír. Cheap sé gur faoin rialtas agus faoi dhaoine cumhachtacha a bhí an fhreagracht an teanga a shlanú. Ní miste a rá gur mhaígh Mac Gréagóir gurbh Déiseach é féin, gur scriobhadh an leabhar sna Déise agus i measc na ndaoine a chabhraigh leis, luann sé Nioclás.

1 Mac Gréagóir, A. Stair na Déise 1938. Réamhrá.

2 Ó Cuív, B. Irish in the Modern World in O Cuív A View of the Irish Language 1ch 132.

In óige Niocláis, bhí na Déise fós inaitheanta mar aonad neamhspléach ó thaobh teanga agus cultúir de. Níos caoile fós, paróiste na Rinne féin, bhí tuath de theaghlaigh agus ceardanna socair daingean le fáil ann. Rud atá níos suntasaí fós, níorbh Chaitlicigh na háitreabhóirí ar fad, ach ní raibh aon naimhdeas creidimh ann. Bhí tiarnaí talún - Villiers Stuart sa taobh sin tíre, i lár na naoú haoise déag. Bhí cáil orthu i measc na dtionóntaithe mar dhaoine carthanacha. Dob iad a chothaigh an iascaireacht sa dúthaigh, ag tógail cuain agus tithe do na hiascairí.¹

Iascaireacht agus beagán feirmeoireachta a bhí acu chun iad féin a chothú. Bhíodh na fir ar an bhfarraige agus na mná ag baile. Is minic na mná i bhfeidhl i gcóras mar sin. B'fhéidir gurb shin an fáth gur mhair an teanga beo san áit - é sin agus an neamhspléachas a bhí acu ar an saol gallda. Ní raibh an Rinn saor ar fad ar an saol gallda. Bhí stáisiún nó beairic ag an RIC ag Baile na nGall agus bhí tithe na "bhuitéirí" ag Heilbhic.² Chomh maith le sin, bhí tionóntaithe a labhair Béarla ag Villiers Stuart. Gabháltas an-bheag a bhí ag furmhór na ndaoine, cui'd acu gan ach acra talún amháin acu.³ Bhíodar ag brath go mór ar na prátaí, ach bhíodh eorna acu agus uaireanta muca. Ach is beag an méid duine a fuair bás de dheascaibh ocrais nó galair in aimsir an Ghorta Mhóir, i gcomparáid le háiteanna eile sa tír. Bhí an daonra san áit níos airde in 1851 ná roimh an Gorta.⁴ Caithfidh gur thug an fharraige cothú nach raibh le fáil ag daoine bochta eile. Is i ndiaidh an Ghorta a d'fhás cáil ar an Rinn do thionscal na hiascaireachta a mhair suas go dtí na caogaidí sa chéad seo.

1 Lewis, Samuel Topographical Dictionary of Ireland 1837.

2 Bhaitséar ag Ó Duinnín sa bhFoclóir, leath.74 : Watcher, coastgd. (Rg.). Logainmneacha as Paróiste na Rinne: Coimisiún Logainmneacha 1975, féilte Heilbhic - féach Páirc na Bhaidhteirí: Ó Waiter an Bhéarla: fir chustaim.

3 Griffith's Valuation 1851 leath 101-113.

4 Census of Ireland 1851 - daonra.

Bhí suim acu i scolaíocht cé nár bh nós leo dul le hoideachas ollscoile. Bhí Scoil Bhronnta sa Rinn thart ar 1820 ag na Protastúnaigh agus is cosúil gur fhreastal na páistí chaitiliceacha ar an scoil seo leis. Agus nuair a bunaíodh an Cumann Lúthchleas Gael sa Rinn in 1890 - an bhliain chéanna a rugadh Nioclás - bhí an Ministéir Cleaver ina phatrún acu. Thug sé £5 don eagraíocht agus chomharlaigh sé dóibh Gaeilge a labhairt agus na rialacha a leanacht.¹

Tá talamh na Déise le feiscint go mion is go minic i scribhinní an Tóibínigh. Tá sé nádúrtha go scriobhfadh duine faoin áit is mó a raibh cion agus aithne aige féin. Ag caint dó ar Topophilia, nó grá don áit dúchais, dúirt Yi-Fu Tuan "Perception, attitude and value help prepare us to understand ourselves ...Topophilia is the effective bond between people, place or setting. It is both diffuse as concept, vivid and concrete as personal experience".²

Baineann an tírghrá leis an téama céanna seo, an Topophilia. Ó tharla fás na náisiúin san Eoraip, tá brí eile le tírghrá seachas an bhriá bhí ag na Sean-Ghréigigh, nó Rúisigh nó aon mhórthreabh daoine fadó. Tá an dá shaghas tírghrá ann: áitiúil agus impiriúil.³ Braitheann an tírghrá áitiúil ar eispéaras pearsanta áite. Tá an t-aitheantas seo leochallach, ní mhairfidh aon rud buan. Tagann, dá bharr seo, fonn an áit agus an cultúr sin a chosaint, a chaomhnú. Is cuid dínn féin an áit seo. Deir na siceolaithe go dtagann 80% de phearsantacht an duine ó a thuistí agus óna thimpeallacht. Mar mhalairt ar sin go léir, tá an tírghrá impiriúil ró-leathan don duine aonair. Is rud é a bhaineann

1 Waterford News 24 Bealtaine, 1890 - in Déise 1980 Ich 61.

2 Tuan, Yi-Fu Topophilia: a study of environmental perception, attitudes and values, Ich 54.

3 Tuan, Yi-Fu - Ich 62.

ró-mhínic le cumhacht, le fáiltas agus le foréigean, agus fuath a thabhairt dóibh san a thiocfaidh trasna ar an aidhm seo - naimhde an stáit. Dulce et decorum est pro patria mori. Ach is grá don duiche máguaird - sléibhte, aibhneacha, páirceanna, foirgintí, agus na daoine a bhaineann leo (taobh istigh de limistéar an phobail, nó tuath na SeanGhaeilge), - is brí le tírghrá don duine aonair. Leo seo is féidir a áireamh an teanga nó an chanúint a labhartar, na logainmneacha atá le fáil, na ceirdeanna a chleachtaítear san áit. Seo iad na rudaí is mian leis an duine go leanfaí díobh agus go ndéanfaí iad a chosaint.

Aon scríbhneoir arbh fhiú an teideal san a thabhairt air, chuir sé cuid dá chuimhneáin ina shaothar. Uaireanta, cuirtear i mbéal 'persona' éigin sa scéal iad; uaireanta bíonn siad le feiscint i dírbheathaísnéis an scribhneora. Ní bhíonn d'eolas againn ach ár gcuíd eispéaras féin, is cuma cén clúdach a chuirimíd anuas air.

Ní raibh aon leisce ná aon náire ar Nioclás Tóibín, an ceantar as a dtáinig sé a úsáid mar shuíomh dá scéalta. Ní raibh sé de cheart aige, dar leis, báloideas na háite a athrú go dtí ionad éigin eile. Bíonn sé cruinn cúramach leis an tíreolas a thugann sé. Má shiúl an Rábaire As Charraig na Siúire amach Chúl na Muc go Gleann Atharlach, is cinnte go raibh san indéanta. B'fhéidir ná fuilanois, nuair atáimid cleachtach ar charr a thiomáint in ionad siúl agus go mbíonn gach contúirt don bheatha leis an trácht!.

Duine a thug seasamh agus aitheantas don cheantar taobh amuigh den chabhair a thug sé i mbunú Choláiste na Rinne ab ea an fear seo, an Dr. Micheál Ó Siocháin. Scoláire oilte, é ina Ollamh i Maigh

Nuad, bhaileigh sé samplaí den chanúint agus "Sean-chaint na nDéise" a thug sé air. Chuir sé i gcló i 1910¹ an trian den méid a bhí bailithe aige sa pharóiste le trí bliain anuas. Leabhar cúnta don bhfoghlaimeoir a bhí ann, ach níl leagan ná foirm ann nach raibh cloiste aige. Dhein Risteárd B. Breathnach mórsaothar de chaint na nDéise daichead bliain ina dhiaidh sin leis, ach is leis an chéad *eag-ráin* a bheidh mé ag plé anseo.

Dar leis an Dr. Ó Siadháin , ba í canúint na Déise an chanúint ba lú tionchar ón mBéal. Tá cúpla alt ar chúl an leabhair aige le Tomás Ó Muireadhaigh - "He is not merely a native speaker, he is a native thinker". Thuig na daoine sa cheantar dhá shaghas Gaeilge a bheith ann: Gaeilge na bhfeirmeoirí agus Gaeilge na n-iascraigí. Bhí na feirmeoirí níos cúraimí maidir le foghraíocht, gramadach agus ní ghlagadh siad le focail iasachta. Bhí teanga na n-iascraigí neamh-chruinn ó thaobh fuaime agus ghlagadh sí le focail Bearla, aq cur -ail leo. Ní hionann san is a rá go raibh canúint na Déise truailithe. Ní raibh. Ach bhí an dá shraith ann iad araon ag foghlaim óna chéile. Deir an Dr. Ó Siadháin: "It would be difficult to exaggerate the wealth and variety of the Irish in East Munster".² Beidh mé ag iarraidh an pointe sin a chruthú maidir le cumas Niocláis ar ball ach anseo, ní miste sampla nó dhó de Ghaeilge na Rinne ag an Dr. Ó Siadháin, a thabhairt. Tá an leabhar roinnte amach i gcodanna aige, fé ainmfhocail, aidiachtaí, réamhfhocail 7rl.

1 Sheehan, M. Sean-chaint na nDéise.

2 Ibid loc. v

Le gach sampla den fhocal, tugtar abairt shamplach chun an comhthéacs a léiriú, díreach mar a bhí cloiste aige ón gcainteoir.

Samplai

- 1 'Sliuchtadh: "thá an pláta sliuchtaithe go maith'ge'n a madra".....
Slíobadh is said of a cow licking a calf i.e. licking what is not food.¹
Tá sé suimiúil go mbeadh an dá théarma ann agus an beagán san de dhifriocht ann san úsáid. Tá an dá fhoirm ag an Duinníneach, cé nach míníonn sé go bhfuil úsáid éagsúla acu.
- 2 'Cialachan (leath 68) Ciallacan (leath 257): Morning fast. "Dhein sé maireachtain sa bhfásach gan fiú a chiallacan bhriseadh".²
Tá leagan 'céalachán' ag Ó Dónaill agus ag an Duinníneach.
Níl an leagan thuas ag ceachtar acu.
- 3 'Calbhar: "ti' muar gan trusgán: a large unfurnished house.
Scrabiles expresses a similar meaning.³
Samhlaigh focal ar leith do thigh mó� folamh. Ait go leor, ní féidir liom ceachtar den dá fhocal thusa a aimsiú in Ó Dónaill ná i nDuinnín faoin lítriú sin. Féach ceallúir ag Ó Dónaill.
- 4 'Casadóir: A small paper bag. Méaracán is used by some.³
Tá "turner; a twisted paper bag ag Duinnín. Níl ach 1. winder, turner. 2. reproacher, reviver ag Ó Dónaill faoi castóir.³
Méaracán: Níl an míniú seo ag Ó Dónaill ná ag Duinnín.

1 Sean-chaint na nDéise Ich 186.

2 Sheehan, P. Rev. Sean-chaint na nDéise Ich 66.

B'fhéidir go dtugann an cúpla sampla san nod don saibhreas a bhí sa teanga ag muintir na Rinne. Thug an Dr. Ó Siadháin faoi deara go raibh claoídh chun simpliú ar ócайдí ach ní de bharr leisce ná mí-chruinneas gramadaí. Má bhí frásáí a tuigeadh a bheith ina n-aonad ni dheintí iad a bhriseadh ar son na gramadaí, m.sh. "ag déanadh na hoibre" ach "ag déanadh obair mhaith". Sa chás seo is frása é "obair mhaith". Sampla eile "Bhí ceann an bhean bhocht fé ruth an trucail" nuair is frása é 'an bhean bhocht'. Bhí daoine áirithe ann a bhí poncúil maidir le hinfhilleadh sa dara díochlaonadh nuair a d'iarr cúrsaí gramadaí é ach ní raibh siad in aiteanna eile. Dar leis an Dr. Ó Siadháin, b'iad seo na cainteoirí ab fhearr sa dúiche - muintir na Seana Chille.

Sa bhliain 1962 chuaigh foireann ón gCoimisiún Logainmneacha go dtí an Róinn. Scéim trialach a bhí ann féachaint cé mhéid ama agus airgid a thógfadh sé ar an gCoimisiún Logainmneacha ar fad aon reigiún a bhailliu agus a ordú agus a fhoilsiú, den tir ar fad. Cheapadar ar deireadh ná féadfaí é a dhéanamh don tir ar fad, ach foilsíodh an obair pháirce a deineadh sa Rinn mar shampla den saothar a fhéadfaí a dhéanamh. Mar sin, níor deineadh aon anailís ná comhscrúdú ná brí na bhfocal a lorg, ach an liosta lom a chur in ord de réir gach baile fearainn. Ag glacadh leis gur Páirc, Gort, Páircín, Goirtín, Bóthar, Bóithrín, Crosaire, Garraí agus Cuid na hainmneacha is coitianta a bheidh ar na gabhlátais, tá ceann anseo is ansiúd atá stairiúil suimiúil agus a léiríonn rud éigin sainiúil fén cheantar. Ní deirim nach bhfaighfeá a leithéid céanna de logainm i nGaoth Sáile nó ar an mBuailtín. Ach dóibh siúd a chónaigh agus a bhí préamhaithe sa Rinn, bhí brí agus aithne áitiúil ag na hainmneacha seo a chuir lena h-aithne orthu féin. Nach é an rud céanna a bhí ar siúl ag an Dr. O Siadháin:

ag buanú an cheangail idir an teanga agus na daoine. Dob' fhiú an liosta plandaí atá aige sa leabhar a iniúchadh. An bhfuil na plandaí seo le fáil go forleathan sa tir nō an amhlaidh go bhfuil cuid acu a bhain leis an Rinn amháin, díreach mar a bhain an teanga agus na logainmneacha.

Samplaí

- 1 An Féith : Páirc an Fhéith. b.Fearainn Baile na Cúirte Theas Ait bhog fhliuch. Cé go dtugann Ó Duinnín swamp air ní ró-mhinic a bhíonn an brí seo ag féith.
- 2 Bhí sruthán ar gach taobh de. Rinn na dTurcach a thugtaí air. Baile fearainn Baile na nGall Beag. Ní daoine ach prátaí atá i gceist le Turcaigh.
- 3 San bhaile fearainn céanna
An Bansá (ó Manse an Bhéarla)
Bansa an tSagairt
Ar thíos an Bansá don Sagart? Ar thíos an Sagart don Bhansa?
- 4 Sa bhaile fearainn céanna
Strapa Mháire Róiste. Ciallaíonn seo go raibh an áit gairid don bhfarraige. Strapa is ea cosán de chéimeanna i bhfaill farraige.
- 5 B. fearainn: Baile na nGall Mór
Páirc na Reilge. Is anseo a chuireadh daoine a fuair bás den bhfiabhras buí in aimsir an Ghorta.
- 6 Bóthar an Bhleaic
Ó long den ainm a bádh anseo nō fear gorm a bádh ann is go mbíodh a thaibhse le feiscint.
- 7 Baile fearainn Uí Shearúcháin
Murty Dillon's School (i mBéarla) áit a mbíodh scoil scairte.

Níl ansan ach trasghearradh an-bheag ar an rogha atá le fáil - baineann cuid acu le tíreolas na háite. Clais nó tobar nó úllghort; cuid eile ag cruthú daoine áirithe a bheith ann - mar shampla, Páirc Graves. Bhí dochtaír den sloinne seo ina oifigeach leighis san áit i lár na naoú haoise déag. Uaireanta, bíonn ainm le rian an ghrinn air: Cúl an Choicís - is cosúil go raibh líon bradán ag fear san áit ar feadh coicíse, gan breith ar bhreac.¹

Is ins an ceantar dlúth, neamhspléach seo a rugadh Nioclás Tóibín. Ceantar a thuig an difríocht idir an taobh istigh agus an taobh amuigh den réigiún san, agus a fhios ag daoine gur istigh a bhí an roinn ab'fhearr. Áit a chothaigh daoine mar Áine Ní Fhoghlu an file; scríbhneoirí agus múinteoirí eile ar nós Tomás de Bhial, Seán Ó Curraoin. Ní hionadh mar sin go raibh Nioclás réidh, nuair a tháinig a sheal, don ghairm a bhí roimhe.

1 Cf Ó Dónaill faoin bhfocal cúil

CAIBIDIL A DÓ
SAOTHAR DO PHÁISTÍ

D'fhéadfáí a rá maidir le saothar an Tóibínigh gur saothar do pháistí a bhí i ngach rud a scriobh sé ó thús deireadh - páistí maidir le haois, nó le cumas teanga nó le caighdeán intinne. Ach scriobh sé cuid mhaith leabhar go speisialta ar mhaithe le páistí scoile agus lucht foghlamtha sna scoileanna. Is ar an gcuid sin dárshaothar agus ar a scil múinteoirreachta a bheidh an chaibidil seo ag luí.

Ag an uair gur thosaigh Nioclás ag soláthar leabhar scoile, bhí Saorstát Éireann díreach ar a chosa. Cad iad na scoileanna, cén saghas córas oideachais agus cén polasaí teanga a bhí ag an ríaltas nua seo?

Ó thaobh na Gaeilge de, is é seo an uair freisin go raibh an Stát nua ag iarraidh polasaí i leith na teanga go náisiúnta agus i leith na teanga ó thaobh an oideachais de, a leagadh síos. B'é chéad aidhm an mhionchlár sna scoileanna ná polasaí i leith athbheochain na teanga a thabhairt i gcrích. Tar éis an dóchais agus na suiméa musclaíodh ag Conradh na Gaeilge agus ag an náisiúnachas go ginearálta, bhíothas ag súil go mbeadh an teanga in athréim arís, i gcionn tamaill an-ghairid. Ceart nó mí-cheart, ba ar an gcóras oideachais a bhí an ríaltas ag brath, cumas náisiúnta Gaeilge a bhuanú.

Mar a deir Maurice O'Leary¹ ina thráchtas "The fallacy of state policy however, was that the burden or task of the restoration, was laid totally on the shoulders of the educational system. In other words this meant that since it was politically impossible to begin on the read to a restoration, the job of preserving Irish was turned over to the schools."

1 O'Leary, M. Irish in Education: Policy and Problems. M.A. 1982 Ich 5

Ainmníodh Aire le Gaeilge sara raibh Aire le hOideachas ann. Chiallaigh seo gur deineadh pleanáil do na scoileanna ar bhonn teangeolaíochta seachas ar bhonn oideachais. Sa bhliain 1861 bhí Gaeilge ag 25% den daonra. Fén mbliain 1911 bhí an codán seo íslithe go dtí 18%.¹ Nuair a tháinig an rialtas nua isteach, d'athraigh stádas na Gaeilge ó ghnáthábhar scoile go stádas priomhábhar scoile.

Cinneadh polaitiúil, in am an ghátair, ag rialtas nua an tSaorstáit, a bhí san Athbheochain, dar le Akenson.² Nuair a chéad tháinig rialtas an tSaorstáit le chéile, bhí orthu athbheochain na teanga a glacadh chucu féin mar pholasai ar dhá chúis. 1. Chuir an freasúra ina leith gur ghéilleadar do Shasana sa Chonradh agus fuaireadar san Aithbheochain bealach chun a ndíograis agus a ndílse a thaispeáint dá gcomhÉireannaigh. 2. Cé gurbh cheannaircigh iad ní raibh polasaithe fuinte eagraithe acu don todhchai. Nó mar a dúirt Seán Ó Faoláin² le binn "their hearts were full but their minds were vacant: into the vacuum there swept the first exciting idea to hand....we must not imagine that they had all the virtues, and the virtue of political thought they had not". Chun a cheart a thabhairt do Sheán Ó Faoláin, d'admhaigh sé san alt céanna³ "Yet, if we do not possess our own native language and what it contains, we are spiritually and intellectually the poorer".

Pé acu cúrsái polaitiochta nó cúrsái ídealachais a ba chúis leis, chaith an rialtas nua ró-iarracht le Gaeilge sna scoileanna agus leis na múinteoirí. Ní raibh sé - fuirist - e sin a dhéanamh. Bhí ar dtús na scoileanna féin. Scoil bheag ag gach paróiste -

1 Batterberry, R. Oideachas in Éirinn 1500-1946 Ich. 253

2 Akenson, D.H. A Mirror to Kathleen's Face Ich.43

3 Ó Faoláin, S. "The Gaelic Cult", Bell Nollaig 1944, Ich 192

b' shín an oidhreacht a fuair an rialtas ó Shasana - le níos lú na 50 páiste i ngach trí scoil as cúig. Bhí sé níos costaisí trí scoil éagsúla a thógáil agus a chothú ná aon scoil amháin ina mbeadh trí sheomra ranga agus triúr múinteoirí agus acmhainn an triúr a roinnt ar an scoil ionmlán. Ach bhí cúiseanna stairiúla leis an gcóras sin.

Tá trí phointe eile ar cheart a chur san áireamh anseo :-

1. Faoi mar a deir Tomás Ó Domhnalláin¹ linn is fíorbheagán múinteoirí bunscoile a raibh aon Ghaeilge acu. Is mar réiteach ar an bhfaidhb seo a bhunaigh an Rialtas na Coláistí Ullmhúcháin cáiliúla sin - meánscoileanna speisialta Gaeilge ina ullmhaíti iarrthóirí do na Coláistí Múinteoiríreachta, triú leibhéal. Chaith an Rialtas roinnt mhaith airgid ar bhuanú na teanga ag an am, móide dianchúrsaí samhraidh, le tuarastal mhúinteoirí chun Teastas Dhátheangach a ghnothú. In Earrach na bliana 1922, bhí cailíocht, sa Ghaeilge ag níos lú ná 50% de na múinteoirí náisiúnta ach faoin mbliain 1937, bhí gach múinteoir cáilithe.
2. An dara rud ó thaobh múineadh na Gaeilge ná an ganntanas leabhar. Bhí teirce uafásach leabhar Gaeilge ina mbeadh scéalta, eachtraí, filíocht, i ngnáthGhaeilge a thuigfeadh daoine. Gaeilge léannta a chleachtaigh na cumainn litríochta san naoú haois déag, agus ní bheadh a gcuid foilseachán san oiriúnach do pháistí scoile. Bhí an easpa seo le brath ar an gcóras ionmlán, ón mbunscoil go dtí an ollscoil.
3. Mar bharr ar gach donas, níor thuig a lán daoine, tábhacht na Gaeilge don chultúr, don féin-aitheantas ná don aitheantas náisiúnta. Ligeadh don Ghaeilge dul in éag fiú ag lucht a labhartha. Ní raibh ach drochmheas ag a lán uirthi. Tá scéal an signum ar eolas ag go leor daoine agus scéal náireach é, leis.² Bhí bata scóir ag an dalta. Dá labhraíodh sé Gaeilge lena

1 Ó Domhnalláin, T. Language Problems and Language Planning
Vol. 1 1977 Ich 85-89.

2 Batterberry, R. op. cit. Ich 159

mhuintir, chuití gearradh beag nó signum sa tslat. Ansan nuair a théadh sé ar scoil, chuireadh an múinteoir pionós air de bharr Gaeilge a chleachtadh in ionad Béarla. Ach buiochas leis an gConradh, tháinig athrú ar an scéal sin.

Iosánach agus ollamh le h0ideachas san Ollscoil Náisiúnta, an tAthair Ó Corcorán a mholt Modh Díreach le teanga a mhúineadh. Tugtar an Córas A B C ar an gcóras seo leis. Bhí an modh múinte dara theanga seo feicthe aige in úsáid i Meiriceá, agus bhí sé an-thóghtha leis an toradh. Córas é a d'úsáid an teanga nua amháin i ranganna na náisiún. Is minic nach raibh teanga mháthartha na leanáí ar eolas ag múinteoir an dara theanga. Nuair a glacadh leis an modh múinte seo ag rialtas an tSaorstáit i 1923, bhí Éire chun tosaigh ar thíortha eile an domhain maidir le múinteoireacht den tsaghais seo. Fiú i dtíortha eile ina raibh dhá theanga acu: An Bhreatain Bheag, An Bheilg, Canada, ní raibh na saineolaithe teangeolaiochta tagtha ar an tuairim seo fós. Nuair nach mbíonn le cloisint ag an bhfoghlaimeoir ach fuaiméanna na nuatheanga, téann sé i dtaithí a gcloiste agus ansan a labhartha díreach mar a tharlaíonn le páiste ag foghlaim cainte don chéad uair.

Seo a tharla in Éirinn: "A new programme early in the 1930s laid down that Irish be the sole medium of instruction and activities during the first three years of schooling. This meant that English-speaking children throughout Ireland, on commencing attendance at primary school, were immersed in an Irish language environment for all classroom interactions in infant and first class. It was hoped that schools gradually would be teaching all subjects, except English, through Irish".¹

1 O'Leary, M. Ich 5.

Tuigtearanois go forleathan ag saineolaithe teanga agus ag múinteoirí go bhfuil níos mó ná eolaíocht teanga i gceist le foghlaim nó múineadh an dara teanga. "Téann teanga i bhfeidhm ar chultúr chomhluadair agus téann an comhluadair i bhfeidhm ar theanga sa tstí go bhfuil soisialú pobail i gceist mar aon le soisialú an tsaoránaigh féin."¹

Seo é an tuairim chéanna á nochtadh ag fear eile. "Má theastaíonn uainn ár saoránaigh a bheith sáite inar gcultúr comhluadair áirithe, ní miste dóibh an teanga a ghlacadh chucu féin, ní mar uirlís cumarsáide amháin ach mar ghléas a thugann deis agus aga dóibh nósanna agus cultúr ionlán ag comhluadar a thuiscint agus a ghlacadh mar chuid dá saol"². Sinsmaointe de chuid beirt oideachasóirí gairmiúla an lae inniu. Thángadar san ar an tuairim tré staidéar a dhéanamh ar an teoiric. Ach bhí daoine ar nós Nioclás Tóibín agus múinteoirí na lua ré a ghlac leis caoga bliain roimhe sin.

Cad a thairg an córas nua seo? D'fhéach an córas seo i ndiaidh struchtúr teanga, foclóir agus comhrá cruthaíoch a sholáthar do na daltaí.

Córas maith é a chuir béis ar an teanga labhartha agus a bhí, mar a dúrt, chun tosaigh ar mhodhanna eile an ama.

Tá dhá phríomh-rud a bhaineann le haithbheochain teanga agus ní foláir an dá bheart seo a oibriú i dteannta a chéile.

1. Go bhfoghlaimeofaí an teanga
2. Go leanfaí ansan dá húsáid go laethúil mar ghnáth-nós duine ina chumarsáid teaghlaigh agus oifigiúil. Oileadh na múinteoirí, sean agus nua leis an modh oibre seo agus bhí an toradh le feiscint ag Cigiri na Roinne.³

1 Ó Suilleabhaín, S.V. "Múineadh na Dara Teanga" in Leachtaí Cholm Cille IX Ich 13

2 Ó Fathaigh, M. Páipéar neamhfhoilsithe ag C. O Corcaigh. Aibreán 1985.

3 Tuairisc na Roinne Oideachais 1928-29 Ich 83.

San am céanna tá barr feabhas ag dul ar na daltaí a thagann as na bunscoileanna agus más fearr ná riamh an bhail atá ar an nGaeilge sna meánscoileanna is ar na bunscoileanna is ceart cuid den bhuiochas a bheith.

Fuair Nioclás Tóibín oiliúint mar mhúinteoir náisiúnta faoin chóras sasanach. Nior chóras oideachais olc é ar mhórán slite. Bhí de bhuntáiste aige go raibh Gaeilge aige óna mhuintir. Thosaigh sé ag scríobh agus ag múineadh ábhar mhúinteoirí thart fén am go raibh an rialtas náisiúnta ag iarraidh túis a chur le hathbheochan agus láidriú na teanga. Thuig sé an gá a bhí le leabhair oiriúnacha a bheith ar fáil do na scoileanna, agus an gá a bhí le mhúinteoirí oilte in úsáid na leabhar sin. Thóg sé an obair seo mar chúram air féin idir scribhneoireacht na leabhar agus múineadh i mbunscoileanna, le Conradh na Gaeilge, mar thimire agus in iarscoileanna leis an gCóras Gairm-Oideachais.

Ba nós le Nioclás úsáid a bhaint as bunábhar béaloideasach. Chomh fada siar le 1908 nuair nach raibh aige ocht mbliana déag agus é fós ina scoláire ag freastal ar Choláiste na Rinne, bhíodh sé ag bailiú na scéalta ó dhaoine sa dúiche. Tá a fhios seo againn mar tá lámh-scríbhinní dá chuid sa Choimisiún Béaloideas inniu.¹ Ar thaobh an leathanaigh i ls amháin aige tá an nota seo "Fuair mé an scéal seo ó Nóra Ní Chinnéide 1908". Tá idir scéalta fén chreideamh agus scéalta fiannaíochta aige. Ach cé gur bhailigh sé na scéalta seo agus amhráin ina óige, níl aon fhianaise againn go raibh sé fostaithe mar bhailitheoir ag an gCoimisiún. Is amhlaidh go bhfaca sé sa bhéadoideas meán chun Gaeilge agus an cultúr Gaelach a mhúineadh. Tá a rian seo le feiscint gó minic ina chuid scéalta.

1 Iss 1539 agus 1672 scéalta eile bailithe aige ó sheanchaithe na háite - Seán Ó Muirgheasa (An Handy) agus Tomás Cheothánaigh.

Baineann nó bhaineadh caint na Gaeltachta le traídisiún labhartha. Sin cuid den fháth go dtugann Nioclás suíomh dá scéalta sna Déise, go minic. Nuair a luaitear nach raibh léamh agus scriobh na Gaeilge ach ag caoga duine ag deireadh an chéid, luaitear é ar bhealach a thugann dearcadh míchruinn ar chúrsaí na teanga. Ní bhíodh gnó ag an ngnáth-mhuintir le scriobh agus léamh. Go háirithe sna ceantair Gaeltachta, mar ar chaith furmhór na ndaoine a saol ar an bhfeirm, bhí gá le tuiscint do na séasúir agus don aimsir má bhí siad lena leas a dhéanamh.

Saol cruaidh oibre ar bheagán brabúis a bhí riamh i gceist le saol na Gaeltachta. Eisceacht de shaghas éigin a bhí sna Déise. Níor áiríodh í leis na Ceantracha Cúnga. Bhí talamh mhéith san áit agus bhí taithí na farraige ag na Déisigh leis. Deireann T. Jones Hughes

We find for example that in the baronies of Middlethird, Upperthird and Decies without Drum in Co. Waterford over half of the occupiers of the most highly valued farms were of Gaelic stock. With this evidence in mind, it is easier for us to understand why in this country and on the Curraghmore Estate and within a stone's throw of a large port city, Irish was spoken by the majority of the population in 1851. Communities such as these may have retained a greater than usual degree of self-respect and self-confidence in the adverse conditions which prevailed.¹

Má tá sé fíor,² bhí caighdeán saoil thar an meán ag na Déisigh, saol ina raibh saibhreas teanga agus litríochta. Bhí Nioclás Tóibín ag iarraidh a chuid féin a dhéanamh ionas nach gcaillfí an saibhreas seo ar fad, ar pháistí na nDéise agus ar pháistí na tíre.

Bhain gairm na scríbhneoirreachta agus an léamh leis an sagart fadó, agus roimhe sin leis an bhfile.³ Agus maidir leis an bhfile, meabhair

1 Jones Hughes, T. "The Large Farm in C19 Ireland" in Gold Under the Furze p.97.

2 Nac ait mar sin gur minic a d'fhéarmadtar na Déise ag áireamh ionad Gaeltachta do dhaoine.

3 Féach Ó hÓgáin, D. An File.

cinn agus cuimhne mhaith a sheas dō agus dá oidhre, an seancháí, nuair ba chuí traidisiún an tuath a chosaint agus a chaomhnú.

Déiseach eile, Pádraig Ó Milléadha, múinteoir, file agus bailitheoir béadoidis, chuaigh sé thart ag lorg seanchais agus scéalta, i 1935 agus 1936. Seo mar a deir sé: "Bhí an port céanna á sheinnt ag gach éinne i. gurbh é an feall nár ghabhas thar bráid fiche bliain ó shin, nó mar sin, an fhaid a bhí a leithéid seo nó a leithéid siúd ina bheathaíd. Aige seo nó aci siúd a bhí na scéalta agus na heachtraí gurbh fhiú iad do chur síos".¹ Níor bhailigh Nioclás scéalta agus seanchas ar an mbonn céanna le Pádraig Ó Milléadha ach is cinnte gur bhain sé úsáid astu ag tógáil cuid de na scéalta aige, go háirithe na scéalta sna leabhair cheachta do dhaoine óga - Teoiní agus Títhe Lóistín mar shampla. Deir Axel Olrik²: "(Sage) is an all inclusive term and is meant to incorporate such forms as folktales, myth, legend and folksong".

An stil éasca chaínteach a bhíonn ag Nioclás Tóibín, is cuid de thíonchar an tseanchais é "Sagart Paróiste a tháinig go dtí paróiste an Charáinn. An tAth. Mártan a ainm". Sin an oscailt atá ag Nioclás ar scéal "An tAth. Máirtan" as Teoiní agus Tithe Lóistín. Taidhreamh a bhain don sagart - nach raibh i leabhar Naomh Peadar oiread agus duine amháin ón Charann. Ar aghaidh leis an sagart go dtí an Purgadóir. An scéal céanna anseo roimhe. Má is ea, níl ach aon áit amháin fágtha agus ar ndóigh is ann atá muintir an Charáinn, an paróiste ar fad le blianta siar agus le blianta soir leis. Scéal le greann agus le huafás, le hard atmasfear. Abairtí gairide neamhfhoclacha "Amárach an Luan. Eisteód faoistin na sean. Ní móran é sin. Dé Máirt na páistí. Ní bhead i bhfad leo san". Ach de bharr dian-iarrachta an tsagairt, casann an paróiste ar ais chun na Críostaíochta agus 'sé deireadh an

1 Ó Milléadha, P. "Seanchas Sliabh gCua" in Béaloideas 6 uim.2 Ich 87.

2 Olrik, A. "The Epic Laws of Folk Narrative" in A. Dundes The Study of Folklore Ich 129-142.

scéil ná go bhfuil "coinneal lasta i láimh gach duine acu agus iad go léir d'aon ghuth ag amhrán".

Le dul ar aghaidh ~~go dtí an~~ saothar ag Nioclás Tóibín le hainilis a dhéanamh orthu mar áiseanna múinteoirreachta Gaeilge. An Toradh (1923) agus Ceap Ceapadóireachta (1939) a bheidh fé scrúdú. Roghnaíodh an dá leabhar seo ó thosach agus ó lár na tréimhse scríbhneoirreachta. Pléifear An Toradh ar dtús.

Tá fiche ceacht agus seacht ndán ann móide sraith ceisteanna ag deireadh gach ceachta chun cabhrú leis an múinteoir caint agus comhrá a chur ar siúl sa rang. Tá meascán suimiúil ann de scéalta, stair, béaloideas agus greann. Baineann an chuid is mó de na hamhráin le stair na hÉireann. Dánta nō amhráin, gabhann ceol le gach ceann acu, agus sa tstí sin, d'fhoghlaimeodh an leanbh ceol agus dán. Ní leabhar tur atá anseo ach rud bríomhar le luas agus rithim ann. Le cleachtadh agus le héifeacht cuireann Nioclás cursa Gaeilge ar fáil laistigh de seachtó dó leathanach.

Chun túis maith a chur leis, úsáideann sé ócáid a thuigfeadh gach páiste sa tír, ba chuma arbh as baile mór, cathair nó baile beag dóibh-páiste atá ag impí ar a mháthair ligint dó fanúint sa bhaile ón scoil. Taobh istigh den scéilín seo, tá rudai suimiúla le thabhairt fé ndeara;

1. Tá an scéal roinnte leath ar leath orthu, Máthair agus Dic - Ceacht an Chomhrá Díreach.
2. Tá na habairtí gairid, níl an iomarca focal a bhainfeadh den chiall.
3. Aimsir Láithreach agus Modh Ordaitheach ar fad: an dá rud is túisce a chloiseann an páiste óg sa teanga máthartha; nó sa chás seo, an foghlaimeoir sa dara teanga.

4. Athrá sa chomhrá ag an mbeirt chun pointe a chur abhaile.
5. Cleas suime: tá forbairt sa scéal. Beidh luach saothair i bhfoirm leabhair nua le fáil ón Máistir acu san a bheidh ar scoil inniu agus ar deireadh imíonn Dic ar scoil lena chara Nic, go sona sásta.

Ansan tá ceisteanna ag deireadh ceachta. Leis na luathcheisteanna níl ag teastáil mar fhreagra ach focal aonair agus fágtar an mórchuid cainte ag an múinteoir. "Cá bhfuil Dic?". "Sa leaba". "Cad tá air?" "Leisce". Roimh deireadh an cheachta, is ag na daltaí a bheidh an seans le comhrá a dhéanamh. "Cén scéal a bhí ag a chara?". "Cad ba cheart don mháthair a dhéanamh?". Sa tstí seo, meallann an múinteoir na páistí, tré féinmhuijnín a mhúscailt, tabhairt fén chomhrá agus a gcuid féin a dhéanamh den ócáid. Tá sé ráite ag an Dr. Seán Ó hEigearaigh gur chaith an múinteoir 75% den am ranga ag caint nó ag múineadh, rud a fhág isteach is amach le 20 soicind ag gach dalta le cleachtadh ar an nuatheanga. Leis na ceachtanna ag Nioclás, is amhlaidh a chaithfí tromhlach am an ranga ag déanamh forbairt ar bhunábhar an cheachta. Léiríonn sé seo go raibh tuiscint dhoimhin nádúrtha ag Nioclás ar mhúinteoireacht teanga i bhfad sarar tosaíodh ar an taighde sa tír seo. Thuig sé leis conas suim na ndaltaí a choiméad beo an fhaid a bhí modhanna cainte agus foclóir ócáidí á ndaingniú in aigne an ranga.

Ní ar son an fhoghlaimeora amháin a réitigh Nioclás na ceachtanna seo. Ba mhór an chabhair do mhúinteoirí na nodanna a bheith ag deireadh gach ceachta. D'fhéadfadh mhúinteoir maith a chuid féin a dhéanamh de agus breis a chur leis. Fós ní bheadh an rang thíos leis má bhí an múinteoir ar easpa shamhlaíochta. Idir Mheán Fómhair 1924 agus deireadh na scoilbhliana 1925, dioladh 9,824 coip den Toradh, rud a thaispeánann gurbh áis mhúinteoireachta é a raibh glaoch air ag bunmhúinteoirí na tire.

I dtaoibh le leagadh amach an leabhar seo, tagann amhrán nō dán mar bhriseadh idir gach cúpla ceacht. Níl aon cheisteanna ar na dáonta. Níor theastaigh ón údar go mbainfí aon úsáid bhreise as na dáonta seo. Ba leor iad a chur de ghlannmeabhair ar son na dea-Ghaeilge a bhí iontu, ar son an tuiscint a thabharfaidís do na daltaí orthu féin, Gaeil, agus b'fhéidir ar son na staire a bhí le fáil iontu ar eachtra éigin a tharla, cosúil le Cath Chéim an Fhiaidh. Tá dhá dhán ann a bhaineann le dúiche Déise - Chill Chais agus A Chomaraigh Aoibhinn Ó. Ní dócha gur do pháistí na nDéise amháin a scríobhadh an leabhar seo. Bhí sé ar fáil do na scoileanna go forleathan sa tir. Ach ba mhaith le Nioclás go dtuigfí go raibh leithéidí Sléibhte na gComarach ann agus gurbh i gCill Chais a loisceadh agus a loiteadh na coillte ar eagla go mbeadh ionad éalaithe ag na Gaeil iontu.

Thosaigh an scoilbhliaín i mí Meán Fómhair. Mar sin, tá sé oiriúnach gurb é an Fómhar an chéad cheacht aige ar na séasúir. Tá na ceithre séasúir ann agus iad scartha go maith ó chéile i measc na gceachtanna eile. Má ba leabhar bliana a bhí le bheith sa Toradh, d'fhág seo go sroichfeadh an rang an ceacht fén nGeimhreadh in am tráth. Ba mhar a chéile é leis na ceachtanna faoin Earrach agus faoin Samhradh. Tá an ceacht faoin bhFómhar tugtha i bhfoirm scéil, faoi Shile atá ag dul ar cuairt go tigh Neil agus an Fómhar á bhaint. Tá foclóir saibhir ann fé bharraí, spealadóirí, nósanna bainte agus ceangailte ag an meitheal; tae amuigh sa pháirc tráthnóna, fiú an tsuim a chuir Sile féin san obair go dtí go raibh ar a cumas punann a cheangal.

Ar leibhéil eile, tugtar fé ndeara go bhfuil an Aimsir Ghnáth-Chaite in úsáid, aimsir atá dian go maith ar fhoghlaimeoirí aon lá. Ach céiltear é sa cheacht ionas gur mó léis an dalta an t-eolas ná an dua a bhaineann leis an cleachtadh gramadaí.

Fén dtaca go dtugann an ceacht faoin Earrach tá leagan amach eile in úsáid. Nós a bhíodh á chleachtadh minic ag Nioclás Tóibín, go-dtagadh sé bua na cainte agus na tuisceana d'ainmhithe agus d'éiníní. Rian de thionchar shaol béaloidesas é, leis. Nach mbíodh an deas seo ag Aesop chun ár bpeacaí a léiriú dúinn? Ar mhaithe le héagsúlacht atá sé ag Tóibín anseo agus chun gur féidir caint a dhéanamh sa chéad phearsa, uathú. Tá triúr óg ag dul ar scoil, feiceann siad uainín agus dreoilín "beirt (sic) de chuid an Earraigh" ag comhrá cois cláí. Scéal na codarsnachta¹ atá acu - uainín an-sásta lena chuid den tsaoil, agus a mhadra-chara Seip; ach tá an dreoilín an-uaigneach ó d'imigh an chuid eile den ál agus eagla air go mbéarfarr air ag duine daonna agus go dtachtfar é aon nójiméad.

Ina lár seo, tuigtear dúinn cad eile a bhíonn ar siúl san Earrach: féar ar ghlaisceacht, gort ina gheimhar, fear ag cur sciolán, fear eile ag leathadh síl, cuid eile den talamh fós ina bhranar. Bláthanna an Earraigh á n-ainmníú: sailchuach, peidhcán, sponc agus coinnlecorrá i measc a thuilleadh.

Tagaimid ansan go dtí an cleachtadh ag deireadh, áit a ndeintear an ceacht a dhaingniú agus a chur abhaile, agus mar a ndeintear leathanú más féidir ar eolas an dalta. Tugann an dreoilín féin caoi do Nioclás an béaloides faoin dreoilín um Nollaig a thabhairt isteach, i dteannta le gnáthcheisteanna ceachta. Tugann sé fiú ábhar diospóireachta don rang leis an gceist an ceart a bheith ag fiach an dreoilín?

1 Cf Dundes, A. The Study of Folklore.

Ar eagla go gceapfadh éinne gur rud trom tirim atá i gceist le múineadh agus foghlaim na Gaeilge, tá ceacht aige fé thomhasanna. Le breis beochta a chur ann, tá an ceacht seo i bhfoirm comhrá:

1. Comharsa: Bhíos ag gabháil síos an bóthar ar feadh an lae agus ansin chaitheas an bóthar a thógaint ar mo dhroim. Sin ceist agatanois, déan í a réiteach.

Neil: Tá an freagra agam. Bhí sé suas díos an dréimire.

2. Comharsa: Barraille bán agus dhá shaghas bídh ann. Cad é sin ?

Neil: Tá sin agam. Sin ubh.

3. "Máthair: Cad is lú ná súil fríde?"

[Níl an cheist seo chomh fuirist le freagairt. Cabhraíonn Máthair Neil leí] "Cad is lú ná pingin? Leathphingin".

Mar sin leathshúil an freagra.¹ Leis an imeartas seo múineann sé an difir atá idir leathshúil agus leath súile, nó leathchois agus leath coise.

Tá éagsúlacht ábhar ceachtanna sa leabhar leis. Tá scéal fé long-bháthadh, le foclóir na farraige: anfa, gaoth anoir, foithint, cuan, agus conas mar a chuirtear fios ar fhoirinn an bháid sabhála. Tá cur síos ar dhuine a tharrtháil le fáinní corc 7rl. Instear conas cluiche do pháistí a imirt: Coilichín Coc. Seal sa leaba ag Neil nuair atá sí buailte tinn; fiú píosa deas staire; Cloigtheacha na hEireann agus a ndáileadh. Tá caighdéan ard Gaeilge agus caighdéan ard oideachais á thabhairt agus á lorg sa leabhar i mbeagán leathanach.

Ag dul ar aghaidhanois gó dtí an dara leabhar scoile a roghnaiodh,
Ceap Ceapadóireachta, tháinig sé amach sé bhliain déag tar éis fhoilsiú An Toradh. Tá leagadh amach éagsúil ar fad ar an leabhar seo ar dhá chúis: 1. Bhí an méid sin de thaithí breise ag Nioclás ar an múinteoireacht idir dhá linn. 2. Bhí an Córás A,B,C a luamar cheana, tagtha i réim ag an Roinn Oideachais, do mhúineadh na Gaeilge. Tá

sé soiléir gur thaobhaigh Nioclás an modh seo ar chomhairle na Roinne.

Tá seans ar ndóigh, toisc go mbíodh sé ag obair don Ghúm, go gcaithfeadh sé cloí le treoracha áirithe, má bhí sé ag súil go bhfoilseofaí a chuid leabhar. Tá a fhios againn¹ go raibh roinnt mhaith nár fhoilsigh an Gúm, ar chúiseanna éagsúla.

Ceachtanna faoi ábhar corportha ar an gcuid is mó a bhí sa Toradh: ócáidí difriúla laethúla, agus úsáid aimsirí gramadaí agus cleachtadh orthu. I gCeap Ceapadóireachta tá an caighdéan ardaithe chun déileáil le cúrsái teibí agus cúrsái litríochta. Mínionn sé i gceacht, an difríocht idir aiste agus ceapadóireacht, dar leis. Ní bhíonn san aiste de ghnáth ach cur síos ar an ábhar de réir eolas a scríbhneora. Ach maidir leis an scéal ceadapóireachta ansin "Ní gá a bheith de réir na fírinne, cé gur maith an bhail air an cheapadóireacht a bheith nádúrtha ann agus dath na fírinne a bheith uirthi."²

Ní hamháin go dtugann sé cabhair agus comhairle don mhac léinn maidir lena chuid oibre, tugann sé apologia dúinn ar a shaothar féin agus ar an modh oibre a lean sé. Chuige seo, leagann sé síos ceithre ríail ar cheart a leanúint:

1. An focal ceart a thoghadh
2. Smaoineamh a nochtadh go cruinn
3. Comhcheangal smaoinimh ó abairt go chéile in alt
4. Comhcheangal smaoinimh ó alt go chéile³

1 Páipéirí priobháideacha an teaghlaigh, Baile na Manach.

2 C.C. Ich 52

3 C.C. Ich 53

Roimhe seo caithfear an obair ar fad a leagadh amach i gceart "an pictiúr a bheith go soiléir ós comhair na haigne ionas go mb'fhearrde crioch agus crot na haiste sin". Is léir go raibh ní hamháin scil na múinteoirreachta aige, ach go raibh an teoiric aige agus go raibh sé sásta é a roinnt.

Is é is-cúis leis an difir idir leagadh amach An Toradh agus leagadh amach Ceap Ceapadóireachta ná an aidhm a ceapadh dóibh araon. Foinsí eolais iontu féin na scéalta sa Toradh, le go mbainfeadh na daltaí sásamh astu, agus forbairt ar an ócáid iontu. Níl sna scéalta anseo ach bealach chun dul ar aghaidh go dtí an terminus ad quem - sé sin an príomhchúis atá leo.

Tá an córas A B C roinnte amach go rialta idir Gramadach, Focail agus Abairtí agus Ceapadóireacht fá seach. Is ar na codanna seo agus ar an bhforbairt a dhéanfadh na daltaí leo, a luífeadh éifeacht na múinteoirreachta anseo. Is fiú samplai den ghrmadach, agus den bhfoclóir a lorg. Seo samplai ó thosach an leabhair:

Cad é an difir atá idir má agus dá. Athscríobh an abairt seo le má agus dá roimpi. Nuair a bhíonn an lá go breá téimid ag siúl!¹

Seo sampla den bhfoclóir:

Mínigh neachtar acu agus ceachtar acu. Cuir in abairtí iad. Cum abairtí ina mbeidh bhéarfainn liom, bhéarfainn dó agus bhéarfainn air, a thaispeánfaidh go dtuigeann an dalta an difir bhunúsach atá in úsáid na mbriathra san.

Sna samplai seo thuas, níor úsáideadh ach leagan amháin den chaint sa bhuntéacs. Ciallaíonn seo go gcaithfidh an dalta dul i muinín a réamhfhooclóra féin, nó go gcabhróidh an múinteoir de réir a acmhainne agus a shamlaiochta féin.

Saibhriú ar bhunsraith na teanga é seo a chuirfeadh ar chumas na ndaltaí dul i ngleic le coincheap níos casta an chéad uair eile. Is ar an gcomhrá a fhásann an saibhriú agus as féinmhuiinín an dalta.

Gné eile dá mhúinteoiriacht atá le feiscint anseo ná fonn daoine óga a réiteach don saol iarscoile. Is mó duine nach bhfuair oideachas ionlán dara leibhéal ag an uair. Tá cuid mhaith de Cheap Ceapadóireachta tugtha do scil an litir a scriobh. Ar dtús leagann sé amach comhairle ar chomhdhéanamh na litreach: seoladh, dáta, beannú 7rl agus conas a bheith slachtmhar agus poncúil ina taoibh. Tugann sé samplai de litreacha chuig gaolta: máthair ag scriobh chuig cailín atá ar scoil cónaithe; nia ag scriobh chuig aintín.

Ar na ceachtanna gramadaí a ghabhann leosan, níl aon leisce air a bheith dian. "Pioc amach as na litreacha seo na hainmneacha agus cláraigh iad de réir na nDíochlaonta is dual".¹ Maidir le Focail agus Abairtí, féach go n-úsáideann sé an uain chun éagsúlachtaí a léiriú: "Is mór liom"¹ a bhí sa litir, ach mínígh "is mór agam; ní mór liom; ní mór dom".

Sampla eile a thaispeánann an t-ardchaighdeán a bhí á mhúineadh: "mínígh amhail sa bhfocal flaitheamhail"¹. Anois tá an mac léinn dulta ar aghaidh ag pointe gur féidir leis ainilís teibí a dhéanamh ar an teanga seachas a bheith á foghlaim nó a húsáid in ócáidí. Is mó mac léinn ollscoile nach féidir leis sanasaíocht den tsaghlas san a dhéanamh, sa chéad bhliain dó.

Tar éis an litir mhuintire nó teaghlaigh a chumadh, tagann an litir ghnó: fógra ar phost agus an freagra a ghabhann leis mar iarratas ar an bpost. Tá bunús na foinímeolaíochta le foghlaim sna ceachtanna

ag deireadh, agus b'fhéidir beagán den chanúnachas, leis." Conas a fhuaimnítear, bf, df, gf, ins na focail seo:

scuabfadhbh stadfadbh fágfadhbh ?

Dé cúis gur p, t, c atá agat ?

Abair dhá lá. Conas a deirtear na foghair: Bhfuil difríocht eatarthu?"¹

Níor mhiste aire a dhiriú ar ghné eile de Nioclás an múinteoir anseo. Ba mhór leis i gcónai eolas a thabhairt ar Éireannaigh a raibh tábhacht áirithe ag baint leo. Tugann sé cur síos gairid ach beacht ar bheirt cháiliúil: Seán Ó Donnabháin agus Eoghan Ó Comhraí. Conas nach féidir iad a scarúint ó chéile nuair atá duine ag trácht ar chúrsaí léinn, mar gur oibrigh siad as lámha a chéile; go raibh ceangal an phósta eatarthu, leis. Luann Nioclás téacsanna ársa ar chuireadar eagarr orthu mar shampla, Annála Ríochta Éireann, Leabhar na gCeart; Leabhar Gabhála, ag Ó Donnabháin. Ní olc é mar thuiscint ar scoláirí na naoú haoise déag, ar na sean-téacsanna féin agus ar an gcomaoín a chuireadar ar scoláirí agus ar aos léinn an lae inniu.²

Tá roinnt mhaith firici curtha isteach ar an dá leathanach go leith de théacs aige. Léimíd faoin Dr. Newman ón Ollscoil Chaitliceach; faoi [Arbois] de Jubainville agus Kuno Meyer. Eachtrannaigh iad go léir a tháinig faoi anáil na beirte thuas, gur luíodar le staidéar na Gaeilge agus an toradh a tháinig as.

Ní fhágann sé cúrsaí gramadaí nó forbairt teanga ar lár anseo nó in aon áit eile: " - Mínigh eagar. Cad iad na focail a deintear as?"³ Leis an cur síos beathaisnéiseach seo ar an mbeirt scoláire mar

1 C.C. Ich 50

2 C.C. Ich 69

3 C.C. Ich 70

shampla aige, iarrann Nioclás ar an mac léinn aiste a scriobh ar Phádraig Mac Piarais, An tAthair Peadar Ó Laoghaire nó ar Cholm Cille - triúr Gael stairiúla.

Musclaíonn Nioclás fiosracht agus suim na ndaltaí le ceist mar so "Cad is béaloideas ann?". Bí cinnte go raibh a shain-mhíniú féin aige ar an mbéaloideas. Molann sé dóibh eolas a lorg fé lámhscríbhinní cáiliúla na hÉireann - Leabhar Cheannannais nó eolas faoi na Ceithre Máistrí féin.¹ Taobh istigh den aon cheacht amháin, tá sé ag múineadh ar leibhéal éagsúla in éineacht. Mar is dual don mhúinteoir eacht is fearr i gcónaí, is i ngan fhios don mhac léinn atá an mhúinteoir eacht seo ann.

Tá alt nó dhó ón Toradh athchlóite anseo i gCeap Ceapadóireachta. B'fhéidir gur cheap sé go raibh siad oiriúnach don leabhar nua seo, nó b'fhéidir go raibh an Toradh as cló faoin dtaca seo. Pé scéal é cé go bhfuil an buntéacs mar an gcéanna, gan aon athrú, tá an-difriocht sa bhforbairt múinteoir eachta a ghabhann leis. Luaim mar shampla an t-alt "Leabhair agus Léamh".² Sa Toradh luíonn an fhorbairt ar bhunchoincheap na léitheoir eachta: cé acu is fearr, léamh nó scriobh, agus ar ábhar an téacs a féin. Ach i gCeap Ceapadóireachta tá ainmneacha a ngabhann an tuiseal geineadach leo, le piocadh amach; claoinsint a chur ar an sliocht iomlán. Líon: cé méid brí atá ag an dalta leis agus míniú a thabhairt ar úsáid na mbrí san, in abairtí. Tugann sé cnámarlach aiste ar "Leabhar atá léite agam" agus iarrann ar an mac léinn aiste ar "An Leabhar is taitneamhá dar léigh mé riamh" nó aiste ar amharclann nó leabharlann.

1 C.C. Ich 71

2 Toradh: Ich 48; C.C. Ich 72

Roimh dhul ar aghaidh go dtí an chéad chuid eile dá shaothar, an drámaíocht, is fiú tamall a chaitheamh le Féirín thar Fheiríní.

Seo é an leabhar déanach óna láimh, a tháinig amach i 1959. Bailiúchán de dheich scéalta atá ann, gan aon cheachtanna ná gluais ná forbairt de shaghas ar bith. Níor ghá go n-úsáidfi é mar théacs scoile cé gurb shin an aidhm a bhí leis.

Cad is scéal gairid ann? Cinnte, níl aon ghaol aige leis an úr-scéalaíocht, agus ní bhaineann sé le traidisiún na ngearrscéalta mar a thuigtear an cinéal sin ag Maupassant nó O. Henry. Ní hionann iad agus an saghas scéil a chleachtaigh Máirtín Ó Cadhain mar shampla.

Is dócha gur féidir 'eachtra' nó 'aiste' a thabhairt ar an saghas seo scéil ag Nioclás. Tá sé mar a bheadh caibidil as scéal fada, b'fhéidir - ionlán ann féin ach gan forbairt liteartha le feiscint air go minic.

Is dóigh gur as a shamhlaíocht féin a tháinig amhábhar na scéalta seo agus nach raibh sé i gcomórtas na húrscéalaíochta leo. Ní gá genrc an ghearrrscéal a lua maidir le Nioclás. Níl fianaise ar aon rud dár scríobh sé gur thaobhaigh sé an cinéal scéalaíochta seo. Gach seans, dá gcuirfí ceist air, go séanfadh sé a leithéid mar rud gallda nō neamhghaelach ar a laghad. Cuimhnigh go raibh sé go mór ar thaobh ghluaiseacht an díghallú ar Éirinn, a mhól lucht an Chonradh.

Ma ba chúrsaí oideachais agus oideachas le Gaeilge a bhí mar mhór-aidhm sna haistí seo ag Nioclás, agus is dóigh gurbh ea, mínionn sé an chuma agus an comhdhéanamh atá ar na scéalta. Is féidir comhairle nō treoracha a tugadh, a liostáil ina leith, féachaint ar chloígh sé go cúramach leis an gcuspóir. Agus má dhein, an cruthú é sin ar a chumas mar oideachasóir agus mar mhúinteoir, sa chéad áit, agus mar scríbhneoir sa dara háit?

- i. Amhábhar a roghnú gur fiú scéal é.
- ii. Abhar an scéil a bheith in oiriúint dóibh siúd ar scriobhadh é.
- iii. Teanga, idir fhocail agus fhuaim a bheith roghnaithe go cúramach chun atmasfear cui a chur trasna.
- iv. Tosach, lár agus deireadh agus pé forbairt is gá istigh a bheith leis an saothar.²

Tá an-éagsúlacht scéalta le fail i Féirin thar Fhéirini agus tógfaimid anois dhá shampla difriúla chun scagadh a dhéanamh faoi na pointí sin thusas.

- a) An Comhgar (scéal atá suite i gCanada)
- b) Sliabh na mBan (finnscéal de chuid na hÉireann)

An Comhgar ar dtús.

Bhí sé sínte ar a bhéal agus ar a aghaidh sa scobarnach, a shúile faoin a bhfabhraí dearga, suite siar ina cheann, agus é ag glinniúint agus ag briollacadh ar bhothán tí ná raibh i bhfad uaidh.

Sin é an oscailt atá leis an scéal. Ní ar a shuaimhneas atá an fear seo, tuigtear láithreach. Tá rud éigin neamhgnáth tarlaithe nó ar tí a tharla mar "Bhí a chroí ag bualach i gcoinne a easnaiocha mar a bheadh casúr gabhann ar an inneoin".

Ní fada atá le feitheamh ag an léitheoir. Mínionn an laoch (cé gur saghas friothlaoch é dáiríribh) Gruagach Mac Ruáin lena chaint féin "Ba chóir go mbeadh bodach an chóta deirg imithe dem bholadh anois" ar sé go diamhar. "Ní foláir nó táim cois na teorann. Chomh luath agus a bhead trasna na teorann, beidh liom".¹

Tá an 'laoch' seo ar a theitheadh ó na póilíní agus cuma éigin ar an scéal gur ag na póilíní atá an ceart. Ní scaoiltear gach rún leis an léitheoir in aon bhabhta. Téann an laoch ar aghaidh chuig an bothán

¹ FthF 1ch 65

² Toibin, N. "Scribhneoireacht agus Scribhneoiri," Sceala Éireann 17.4.1935

agus buailimíd le lánúin óg. Innleogai an fear. Tá sé sínte ar a leaba le cos bhriste ag feitheamh le turas go dtí an t-ospidéal. Éiríonn le Gruagach fáil isteach sa tigh go fuirist á rá le bean a'tí gur mianadóir é a chaill a churachán san abhainn agus atá ar an dé deireadh de dheasgaibh gan béile bídh a ithe le roinnt lá. Glacann sí trua agus tugann béile dó, cé go bhfuil imní éigin uirthi ina thaobh.

Go hobann, cloiseann an laoch torann amuigh. An Marcra Póilín a bhí sa tóir air, tá sé tagtha suas leis ar deireadh. Deineann Gruagach beart tapaidh "Ar t'anam. Brostaigh. Go mear. Tá ort mé cheilt. An fear amuigh ansin, sin duine den Marcraíd Póilíní. Is ar mo thóirse atá sé. Má's áil leat bheith buan, cuir i bhfolach in áit éigin mé agus ná sceidh orm. Brostaigh. NÓ dar an gunna so im láimh, beidh an scéal ina mhurdal."¹ As seo amach tá atmasfear teann dásachtach le brath. Gheibheann an laoch láimh in uachtar ar an mbeirt sa tigh, ar an bpóilín; cuireann iachall ar an mbean teacht leis féin ag déanamh méar ar eolas dó go dtí an teorann, ag bagairt gach saghas éigin uirthi lena linn. Is nuair atá gach dóchas imithe, ise sa choill leis an laoch, an bheirt fhear ceangailte, i bhfanntais sa bhothán, go dtagann fuascailt.

Dhruid sí beagáinín cliathánach uaidh, agus sháith i ndiaidh a chinn go hobann é leis an láimh a raibh an caolcheangal uirthi - Creaic - B'shin glóir inleoige glór a raibh an ghreim agus an fáscadh ag gabháil leis.²

Tá an comhghuisí go léir anseo chun scéal suimiúil a dhéanamh do dhaoine óga. Tá rian de Jack London The Call of the Wild ag baint leis, b'fhéidir. Tá ábhar an scéil oiriúnach do lucht scoile - filleann an feall ar an bhfeallaire mar is cóir; tá gluaiseacht agus gníomhú i ngach abairt chun a suim a choiméad beo iontu, scoláirí. Tá an foclóir an-simplí ó thaobh an scéal a thuiscint; anuas ar sin tá saibhreas

1 FthF Ich. 75

2 FthF Ich. 85

breise don té a lorgaionn. "Sicín ag grágallamh";¹ "Meilmíneach"² atá aige ar sprionlóir a bhí tachtaithe cheana ag laoch. Suimiúil go leor níl an focal seo féin ag Ó Dónaill. Is maith liom an focal castóir ag Nioclás ar an gunna glaice atá ag an laoch. NÓ é seo mar chur síos ar an mbithiúnach bhrúidiúil atá sa laoch "Ní raibh scriobh ná léamh ar an dealramh a bhí air ná ar an bhféachaint uafásach a bhí ina shúile."³

Scil atá go maith ag Nioclás anseo is ea cumas scéal iomlán mar seo a insint laistigh de thrí leathanach is fiche. Níl rud is mó a ghoilleann ar scoláirí óga ná an leadrán agus tuairisci fada liteartha. Is cuma cén luas atá faoi scéal, má tá an iomarca miontuairisci ann, teipfidh air mar scéal don aos óg. Níor theip Nioclás orthu.

Tá scéalta ann le léamh agus tá scéalta ann le haithris. Scéal ón dara roinn is ea Sliabh na mBan. Finnscéal nó síscéal é a bhfuil rian láidir de scéalaíocht na ndaoine le brath air. Tá go leor scéalta mar seo le fáil scaipthe ar fuaid shaothar Niocláis. Niorbh eisean a chum iad, ach eisean atá á n-aithris ar a shainmhodh féin agus á gcur ar fáil do lucht léite na leabhar.

Ceangal idir sheanré na bhFiann, le Fionn, na Mná Fionna a thug ainm don sliabh ársa Sliabh na mBan bhFionn, agus an t-am i láthair, atá sa scéal. An chumhacht agus an bhaint a bhí ag na sioga le saol na ndaoine. An maitheas nó an t-olc a fhéadfaidís a imirt ar lucht na tuaithe. Scéal é seo faoi iníon a sciobadh ag na Mná Uaisle agus iarlais a fágadh ina diaidh. Príomhcharachтар an scéil ná an bhean abhrais: fanann sí ina sui déanach ag sníomh ollna 'le solas áirneáin'.

1 FthF Ich 66

2 FthF Ich 67

3 FthF Ich 83

Oíche go dtáinig na Mná Uaisle isteach sa teach le bean óg i bhfanntais, chabhraigh an bhean abhrais le na leigheas, mar a dhéanfadh aon Chríostaí. Níor thuig sí cé a bhí chuici ag an am. Mar chúiteamh ar an leigheas thug na Mná Uaisle cabhair di san sníomh, go raibh an obair go léir déanta roimh maidin. Ghabh sí buíochas leo, agus d'imiodar. Thángadar uair eile ag cabhrú agus d'imiodar.

Ansin tagann an casadh sa scéal, ar ais chuig an iarlais. An oíche a fuair sí bás, tháinig na Mná chuig an bhean abhrais ag iompar na hiarlaise díreach mar a tharla cheana. D'aithin an bhean abhrais an leanbh ach níor lig tada uirthi. In ionad í a leigheas, chuir an bhean abhrais biorán suain in ceann, gur fágadh an 'cailín' fé chúram sa tigh aici. Ar ball thóig an bhean abhrais an cailín chuig a muintir féin. Bhí an láimh in uachtar fachta aici ar na Mná Uaisle agus bhí an fior-leanbh ar an saol arís.

Níor fhill na Mná Uaisle go ceann bliana. Bhí siad ag lorg díoltais ar an mbean abhrais. D'iarradar uirthi corcán mór uisce a bheiriú - chun í féin a fhiuchadh ann! Luíonn an chuid eile den scéal ar ghliceas an bhean abhrais - conas mar a d'éirigh lei í féin a chosaint ar na Mná Uaisle. Tá an léitheoir ag súil go n-éalóidh sí óna gcumhacht agus nach dtiocfaidh siad suas í. Ar bhealach éigin, tá cumhachtaí áirithe ag an mbean abhrais í féin: tuigeann sí conas daoine a leigheas, tuigeann sí biorán suain, tuigeann sí geasa. Nuair a chuir sí an ruaig ar na Mná Uaisle, dhún sí an doras, chas sí an eochair sa għlas agus chuir de gheasa ar an eochair an doras a choiméad dúnta. Ansan "chuir sí an ursal ina seasamh ag an iarta agus chuir faoi gheasa í gan corrai as an áit sin. Chuir sí gach aon rud sa teach ina ionad féin ar an gcuma sin, agus chuir sí iad fé chruaidh-gheasa gan corrai as an áit ina rabhadar nó go dtógfaidh sí féin na geasa diobh.¹

1 FthF Ich 98.

Teipeann ar na Mná Uaisle ar deireadh, agus cosúil le gach scéal eile dá leithéid, ní hé go bhfuil deireadh an scéil ann, ach tá deireadh leis go fóill "D'imíodar leo go feargach. Táid in airde in áit éigin sa chnoc ó shin agus ní clos dom gur thángadar anuas go fóill." ¹

Ar leibhéal na múinteoirreachta de, tá eolas tugtha ar conas a ainmníodh Sliabh na mBan, sliabh atá móré le rá sna Déise. Thairis sin, tá eolas ann ar cheard na sníomhadóireachta. Bhíodh an cheird seo á chleachtadh go forleathan sa tír seo go dtí aimsir an Chéad Chogadh Dhomhanda, san Iarthar, sa Tuaisceart agus san Iar-Dheisceart. Bhíodh an bréidín á shníomh ag lucht na n-oileán go dtí le déanaí. Dob' fhiú, le Nioclás eolas a thabhairt ar a leithéid agus an úsáid a baintí as:

Bhíodh olann á cur chuici ón ndúiche móirthimpeall agus dhéanadh sí an olann a chíoradh agus a ghlacadh agus a shlámadh agus a shníomh ansan ar ball, bhíodh sé ina shnáth agus é tochraiste ina cheirtliní aici.²

Usáideann sé an focal ladhar le seanchiall bhunaigh ach é neamhghhnáth inniu: ag caint fé bhean sí "thóg sí ladhar olla" agus arís "tháinig an tarna bhean isteach agus ladhraighe an olann"³

Níl aon leagadh amach ag Nioclás sa leabhar seo ar na ceachtanna. Ní hionann san is a rá nach bhféadfá cleachtaithe agus ceachtanna a bhunú ar a bhfuil ann. Cén múinteoir a ligfeadh thairis tuairisc na ngeasanna sa scéal seo, gan trácht a dhéanamh ar na Fianna, Bruíonta, an Fhiannaíocht agus an Ruaraíocht mar threise ar an bhféiniúlacht Ghaelach.

1 FthF 1ch 100

2 FthF 1ch 90

3 FthF 92

Is dóigh gur féidir a rá, ó na sampláí a luadh as an dá leabhar próis thuas, agus ó na sampláí éagsúla múinteoirreachta, gur éirigh leo mar ghléasanna teagaisc agus mar shás múinteoirreachta don dream agus don am ar ceapadh iad.

Tagaimidanoischuigna drámaí. Ní foláirnóbhí tuiscintagus báidh an-doimhin ag Nioclás do pháistí óga. Gan dabht is mar mhúinteoir náisiúnta a hoileadh é chéad lá. Ach sna scéalta agus sna drámaí aige do dhaoine beaga, léiríonn sé iogaireacht thar an coitiantacht dóibh siúd atá ag tosú ar an gcóras scoile. Ní raibh coiste réamh-scoilíochta, ná naíonraí sa bhfaisiún an uair sin, chun cabhrú leis an leanbh féinfhorbairt a chothú, taobh amuigh de shaol an teaghlaigh, ach fós gan a bheith i suíomh smachtúil na scoile.

An Cochaillín agus An Cúiteamh (1936) an sampla atá roghnaithe anseo. Dhá dhráma atá ann; "Do Leanhai Gaedhal So" mar a dúirt an t-údar san réamhrá. Téama idirnáisiúnta é an scéal faoi pháiste agus ainmhí fián ar a thóir, go gcuireann an t-ainmhí dreach dhuine daonna air féin. Sa dara dráma, tá béagán de neamh-urchóid na leanaí ag baint leis - éiníní ag caint le daoine agus draiocht agus mistéir a thaitníonn le páistí óga.

Ceachtnó dráma do pháist fíoróga atá anseo sa Chochaillín. Is mó an tábhacht a bhaineann le saorghluaiseacht an linbh ná le scileanna dráma a léiriú. Is maith leis na naíonáin a bheith ag siúl thart agus tugtar gach deis dóibh anseo. Ós rud é go mbíonn saol an linbh lán le hiontas agus le dráma, is deise leo fós a bheith páirteach sa ghníomhaiocht ná a bheith imeallach. Sé sin, ní dráma do lucht féachana a bhí anseo ach dráma do na haisteoíri, na páistí féin. Bionn páistí

imeallach, cuir i gcás nuair atá an múinteoir ag léamh nō ag aithris dóibh fé rud éigin. Ach fós taid féin ag suí sna binsí scoile go ciúin béasach, le lámha beaga fillte. Tá an fhoghlaím i rang na gníomhaiochta i bhfad níos tapúla agus níos sásúla, ná mar atá sa rang suite.

Níl páiste beag ar domhan nach n-aithníonn a chuid féin le cion. Is cuid tábhachtach é an aithint sin d'fhorbairt an phearsa aige féin. Féach mar is maith le Cochaillín an clóca beag, cé go bhfuil sé ag éirí beag dí. "Is maith liom an cochaillín, mar sin é an ainm atá orm, an cochaillín". Tá a máthair á cur go tigh an mháthair chríonna, agus comhairle á thabhairt faoi chontúirt na coille agus a bheith béasach le Mamó. Tá an cineál cainte céanna in úsáid anseo is a chloisfeadh aon "chochaillín" beag ón a máthair féin ag baile "Abair Muire dhuit ar maidín, a Mham chríonna agus ná bí dána ag féachaint timpeall ort féin i ngach cúinne den tseomra".¹

Nuair atá Cochaillín imithe sa choill ag triall ar a máthair chríonna, deireann an mháthair gur fada léi go dtiocfaidh na daoine óga don bhainne. Cleas é seo ag an údar chun an chuid eile den rang a thabhairt isteach sa scéal. Níl an bhaint is lú idir Cochaillín agus Bó na Leath-adhairce, veidhlín á sheimint agus Páidín Ó Raifeartaigh. Ach nach deas an suíomh é le hamhrán a fhoghlaím? Chun caoi a thabhairt do Chochaillín a bheith dulta fada go leor isteach sa choill, deineann an rang Cor na Síog sara ndeireann an mháthair leo scaipeadh abhaile go tapaíd. Imíonn na páistí ach fanann Páidín.

Oscalaíonn amharc 11 le Cochaillín ag canadh di féin sa choill ar a slí go tigh na seanmháthar. Nuair a bhuaileann sí leis an Mac Tire, ní

1 An Cochaillín Ich 9

bhíonn ionadh ná eagla uirthi roimhe agus ar ndóigh, tá bua na cainte ag gach Mac Tíre beo!

Mhuire dhuit, a Chochaillín
Dia is Muire Dhuit, a Mhac Tire

Tugann sí gach eolas uaithi don strainséar seo cá bhfuil a triall, cén fhaid! atá sé agus conas an áit a aithint. Fiú glacann sí comhairle ón strainséar, in aineoin chomhairle a máthar agus deineann sí moill ag bailiú bláthanna.

Tá scéal Chochaillín Dearg ar eolas ag gach páiste ach is mar ócáid siamsa is mó a bhíonn sé ag Nioclás Tóibín. Is féidir le páistí óga scéal an uafáis a shlogadh siar gan aon dua. Nuair atá an Mac Tíre imithe, tosaíonn Cochaillín ag canadh Babaró. Tagann scata páiste - muíntir uile an ranga - agus iad ag canadh Dreoilín do fuaireas-sa thíos ar an Inse. Tá líne nó dhó le rá acu agus imíd le brat.

In amharc 111 tá briseadh beag leis an traidisiún oifigiúil. D'itheadh an Mac Tíre Mamó, shuíodh sa leaba agus d'fhanadh leis an gcleas céanna a imirt ar Chochaillín. Ach sa dráma ag Nioclás tháinig an Cochaillín chomh tapaidh céanna leis an Mac Tíre, gur chuir Mamó amach an fhuinneog i, ag lorg fiaí coille. Díreach nuair a bhí an Mac Tíre ar tí Cochaillín a cheapadh, tar éis a rá gur "chun ite na fiacla fada géara a bhí aige", lamhchamh Conchubhair Ó Coillte é d'aon iarracht.

Gan an trua is lú acu don Mhac Tíre agus an corpán fós ag a gcosa, tá féasta ag Mamó, Cochaillín agus Conchubhair. Tá na páistí eile thart leis ag canadh Bhíos-sa Lá i bPort Láirge. Tagann Máthair Chochaillín agus Páidín agus bionn rince le ceol uirlise chun deireadh a chur leis an dráma. Fanann Conchubhair chun aire a thabhairt do Mhamó.

Tá úsáid chliste á baint ag Nioclás as an dráma seo. Bhí sé ag cothú siamsa nó scoraíocht do pháistí óga ina raibh ceol agus amhráin agus rannpháirtíocht do chách. Thug sé ócáid dó amhráin agus rince a mhúineadh dóibh i gcomhthéacs a bhí tarraingteach suimiúil. Is dóigh go bhféadfadh na ranganna naíonán tabhairt faoin dráma sin le taitneamh agus tairbhe.

Is cliste mar a roghnaíonn sé an bunábhar. Níl oiread agus abairt amháin casta focalach sa dráma. Tá faoiseamh gach fiche líne nó mar sin, le hamhráin nó ceol rince. Tá sé an-ghairid. Ach istigh ann, tá sceoín, greann, uafás, grá tuistí, gach gné a gcuireann páiste óg suim iontu. Sin a bhí uaidh a dhéanamh.

Is mar a chéile aige sa dráma eile sa leabhar, An Cúiteamh. Síscéal béaloideasúil atá anseo aige fé Dhomhnall a chuaigh amach ar an saol chun a fhortún a lorg. Ceapadóireacht ar bhunsmaoineamh in Óige an tSaoil le Micheál Ó Colmáin atá ann. Imíonn Domhnall ó bhaile agus tarlaíonn dó ócайдí neamhghácha. Roinneann sé a chuid le seánbhean ar an mbóthar agus le spideog. Cabhraíonn sé le breac á chur isteach sa loch, agus le liuprachán atá i bhfastó sa sceach. Cabhraíonn sé leo go léir ar bhealach éigin agus fágann siad a mbuiochas aige. Nuair a fhágtais leis féin é, tosaíonn sé ag canadh.

Amharc 11 agus tá Domhnall 'i gcaisleán an rí mar a bhfuil iníon an rí ag fáil bháis. Tá fógra tugtha ag a hathair go dtabharfar í mar chéile don bhfeir a leigheasfaidh í, mar tá sí tabhartha suas ag na dochtírí. Gan amhras freagraíonn Domhnall an glaoch seo, ag canadh Ar Éirinn ní neosfainn cé hí. Leigheasann Domhnall an cailín le lacht a thug an tseánbhean dó ach tá sí ró-óg le pósadh. Má chomhlíonann sé trí choinníoll dodhéanta, geallann sí é a phósadh. Imíonn Domhnall

bocht fé mhairg ach ní fada go mbuailtear na trí cairde leis: an spídeog, an breac agus an liuprachán. Níl uathu ach seans chun a shaothar a chuíteamh le Domhnall agus ní fada go mbionn na trí choinníollacha comhlíonta, an cailín ar láimh aige, féasta agus siamsa ar siúl i Ráth Cruachan agus gach duine ag canadh Beidh Ríl againn.

Dráma é seo do rang níos airde ná na naíonáin. Tá áit ann do lucht féachana. Tá an greann ar leibhéal níos safaiticiúla ná mar atá sa Chochaillín. Tá na habairtí níos faide agus níos casta. Tá leanúnachas a thuilleann aire an 'léitheora'. Tá fíorcheacht an dráma anseo leis, ní hionann agus saorghluaiseacht an Chochaillín. Brathann cuid den atmasféar ar shamhlaíocht na bpáistí féin agus ar léiriú an mhúinteora.

Ag an uair gur chum Nioclás na drámai seo, bhí teirce uafásach drámai Gaeilge do dhaoine fásta, gan trácht ar aon rud do pháistí scoile. Caibidil nua i litríocht na Gaeilge sa fichiú haois is ea an drámaiocht agus bhí Nioclás Tóibín i measc na gceannródaithe eile leis an genre seo. Mar aon le gach saghas eile litríochta a triail sé, agus a cheannaigh sé ba ar son léiriú na Gaeilge a d'úsáid sé é. Tá cúpla dráma aige do dhaoine fásta. Sa bhliain 1923 d'aistrigh sé dráma fraincise go Gaeilge An Dubh 'na Gheal; d'aistrigh sé dráma ón mBéarla ag H. Kehoe When Wexford Rose nó Nuair a d'adhaamar an gleo i 1936 agus dhein sé dráma as ceann dá úrscéalta féin Róisín Bán ar a thug sé Tigh Leath-slí i 1947.

In alt a scríobh sé Léacht fé phortaiocht agus amhránaíocht¹ luaigh Nioclás na saghasanna amhrán a bhíonn á lorg ag daoine le múineadh do pháistí, grá, caoineadh, cogadh Gael le Gall. Ansan dúirt sé

1 Fáinne an Lae Samhain 3, 1923.

Caithfear sár-iarracht a dhéanamh ar fhlíocht a mhúineadh sna scoileanna; í a mhúineadh go maith ionas go dtiocfaidh do bhuchailí óga agus do chailíní óga taitneamh a thabhairt dos na hamhráin deasa seo; in áit a chéile beidh aiséirí an fhile againn; beidh amhráin agus dánta againn a oirfidh don aois atá agus a bheidh.¹

Dúirt Eoin Mac Néill², fear liteartha agus fear stáit, "The chief function of the Irish education policy is to conserve and develop Irish nationality. Education then is either nationality in its making or its undoing".

Má tá aon fhírinne sa ráiteas sin, caithfear Nioclás Tóibín a áireamh ar dhuine den dream a chabhraigh "in its making" trína shaothar don Ghaeilge agus don chóras oideachais.

1 Fáinne an Lae Samhain 3, 1923.

2 Dáil Éireann 187, 11 Samhain 1925.

Liosta dá shaothair do dhaoine óga nó do ranganna scoile.

1. An Barra: Leabhairín do Pháistí 1923
2. Ceachtanna Gaeilge 1923
3. Oíche ar Bharr Tuinne 1923
4. Teoiní agus Tithe Lóistín 1923
5. An Toradh 1923(?)
6. An Geamhar: do Pháistí 1927
7. An Cochaillín agus An Cúiteamh 1936
8. Ar gCúrsaí féin: scéalta do dhaoine óga 1937
9. Ceap Ceapadóireachta 1939
10. Firín Donn na Píbe: Gearrscéalta 1944
11. Domhnaillín 1949
12. Ag déanamh glóir 1954
13. Taidhreamh beirte 1955
14. Féirín thar Fhéiríní 1959



CAIBIDIL A TRÍ

ÚRSCÉALTA

Maidir leis an úrscéal, tá ıdir flúirse agus teirce scríofa ina thaobh. Flúirse sa Bhéarla agus sa bhFraincis ar theoiricí, ar fhás agus ar fhorbairt an úrscéil. Ar ndóigh is genre é an t-úrscéal atá le fáil sna teangacha san le breis agus dhá chéad bliain. Ach tá leabhair agus ailt tearc fós sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ar úrscéal na Gaeilge. Tá géarghá le taighde ar fhorbairt chinéal an úrscéil sa Ghaeilge. Is fíor gur éirigh go maith le genre gearrscéalaiocht na Gaeilge mar go raibh leanúnachas nádúrtha ón tseanfhoirm scéalaiochta "The shortstory is the natural result of a fusion between the ancient form of the folk-tale and the preoccupations of modern literature"¹. Ach, níl céad bliain slán fós ag úrscéalaiocht na Gaeilge. Ceannródaithe ab ea daoine mar údar Shéadna, an tAthair Peadar. Mar sin, nuair a tosaíodh ar an úrscéal a chleachtadh ag tosach an chéid seo, ag scribhneoirí na Gaeilge, ní raibh traídisiún úrscéalaiochta Gaeilge acu mar thaca - cur leis nó cur ina choinne. Bhí an fás neamh-threoirithe seo ag brath go minic ar chúrsaí sóisialta, cúrsai cultúir agus cúrsaí polaitíochta.

Cad is féidir a rá faoin úrscéal atá fíor d'aon teanga agus d'aon tir? Go bunúsach, insíonn sé scéal. Cheap E. M. Forster gur chuaigh a phréamhacha siar go dtí an aimsir réamhstairiúil. "Neanderthal man listened to stories, if one may judge by the shape of his skull. The primitive audience was one of shock-heads, gaping around the camp-fire, fatigued with contending against the mammoth or the woolly rhinoceros and only kept awake by suspense. What would happen next?"²

1 Kiberd, D. "Storytelling: The Gaelic Tradition" in Rafroidí, P (ed.) The Irish Short Story Ich 14.

2 Forster, E.M. Aspects of the Novel Ich 18.

Thuig Scheherazade an tábhacht a bhain le tinneall a bheith sa scéal, ar mhaithe le sláinte féin. D'inis sí scéal dá fear céile an rí, agus gach maidin le héirí gréine, stop sí le ceist a choiméad an rí ar bís. An fhiosracht san an ghné is mó tábhacht sa scéal dúinn.

Ach tá níos mó ná scéal i gceist san úrscéal. Cén difir mar sin atá idir scéal agus úrscéal? De ghnáth tá an t-úrscéal níos faide. Tá sé níos faide chun scóip á thabhairt don údar anailís a dhéanamh ar na carachtair agus caoi a thabhairt d'fhás agus d'fhorbairt na gcarachтар seo, pé acu dearfach nó diúltach an fhorbairt sin, fé chúram imeachtaí an úrscéil féin. Difríocht bhunúsach atá le feiscint idir an "seanscéalaíocht" agus an "úrscéalaíocht" is ea an réalachas agus an fhírinne. Bhí na seanscéalta lán den uafás, den laochas, den ósnádúracht, den draíocht agus den mhioscais. Ní hionann agus mianta léitheoirí an lae inniu:

"The modern writer is confronted with an audience of lonely skeptics who insist on a literature which reflects their everyday lives".¹

Insint ar imeachtaí, eagraithe in ord ama, fé rialacha agus luachanna áirithe - sin míniú amháin ar an úrscéal. Tugann Forster cead a chinn don úrscéalaí nuair a deir sé : "The novel is a literary form so wide in its range that generalizations about it are almost impossible. It has no rules, only the art that the writer requires for the particular book, but it ought to be about human beings, contain a narrative, some sort of plot and written from a definite viewpoint".² Chífimid ar ball go gcomhlíonann Nioclás Tóibín na réamhriachtanais seo mar údar úrscéil san dá shaothar leis a bheidh faoi chaibidil.

1 Forster, E.M. Aspects of the Novel Ich 33

2 Forster, E.M. Aspects of the Novel Ich 143-44

Thar mar a tharlaíonn in aon genre lítríochta eile, is féidir leis an úrscéalaí nó an reacaire labhairt i dtaoibh na gcarachtar, chomh maith le labhairt tríothu nó is féidir leis an léitheoir a ligint isteach ar chomhrá eatarthu mar is mian leis. 'Sé sin, is féidir leis an t-eolas a cheilt ar an léitheoir nó é a cheilt ar na carachtair mar is maith leis. Pé modus operandi a ghlacann sé chuige, éiríonn leis an údar má dheineann sé croí an duine a chorraí.

Ag casadhanois ar úrscéalaiocht na Gaeilge, is féidir a rá go raibh dhá roinn ama i gceist: iadsan a bhí ag scriobh suas go dtí aimsir an Dara Cogadh Domhanda agus iadsan atá ag scriobh ó shin i leith. Tá tionchar an eorapachais agus an uilliochais le feiscint i dtéamaí agus i dteanga an dara leith seo - idir scríbhneoirí próis, filíochta agus drámai. D'fhéadfai daoine mar Máirtín Ó Cadhain, Séamas Ó Néill, Seán Ó Riordáin, Eoghan Ó Tuairisc a lua mar shamplaí den chineál seo. Ach sa chéad leath, bhí na scríbhneoirí ag déileáil le cúpla rud in éineacht. Bhí an teanga féin, nach raibh in oiriúint fós chun saol nua-aoiseach a phlé. Bhí caighdéan teanga an scríbhneora - má tháinig sé ón nGaeltacht, bhí saibhreas teanga aige ach b'fhéidir nach raibh saibhreas inspioráide aige. An léirmheas is mó is féidir a chaithseamh leis an am sin ná an fháilte a chuirtí go minic roimh leabhair Ghaeilge, ba chuma cén caighdéan lítríochta a shroiseadar, nó cén t-ábhar machnaimh a bhí le fáil iontu.

Is léir go raibh éagsúlacht tuisceana ann ar an rud ba úrscéal. Ba mhínic scéalta gairíde seachas gearrscéalta. Ach ag glacadh leis an úrscéal ar bhonn an-leathan is féidir a rá gur dhein an uile dhuine a bhí páirteach sa ghnó seo, a chuid féin chun túis a chur leis an obair, chun tacaiocht a thabhairt dá chomhleacaithe agus chun misneach a thabhairt don chuid eile nár thosaigh fós. Deir Máire Mhac an tSaoi

nár bh iad "na deacrachtaí nithiúla is mó a chuir dúluachair ar lucht páirte na Gaeilge ach an siordhabht maidir le fónamh bunaidh an tsaothair", agus arís san alt chéanna "Is teanga í an Ghaeilge a thugann léargas ar mheon sinsearach dúchais.... Ba mhór ar feall é ní hamháin ar mhuintir na tíre seo ach ar chomparáid na náisiún, í a ligint chun báis".¹

Bhí stil, ábhar agus aidhm éagsúil ag gach scribhneoir diobh. An Seabhad - ag iarraidh ábhar léitheoireachta éadrom a sholáthar, go mór mór do mhuintir na Gaeltachta féin. D'éirigh leis comhluadar níos leithne ná sin a mhealladh. Bhfuil leabhar is greannmhara sa Ghaeilge ná Jimín? Tá cál ar "Mháire" toisc gur chuir sé Rann na Feirste ar an léarscáil le Caisleán Óir - scéal rómánsúil. Ach níor chothaigh sé aon teicníc sainiuil. Bhí sé dirithe ar phobal na Gaeltachta agus ní raibh sé i gceist aige comhairle Aodh de Blácam a leanúint, a bhí ag lorg "a modernist literature which would express the individual mind".² Dúirt Pádraic Ó Conaire an rud céanna. "Tá saol nua tagtha. Saol nua ina bhfuil snáthanna na beatha in aimhréidh go mór, agus leis an saol nua aisteach uafásach seo a noctadh agus a chur i gcéill i gceart le fírinne, caithfear modhanna nua scriofa agus fealsúnacht ar leith a shaothrú."³

Cad é an saol nua seo a bhí tagtha? An raibh Pádraic Ó Conaire ag tagairt don fichiú aois nó an raibh sé ag tagairt don saol iarréabhlóideach 1922 in Éirinn? Ní miste a thabhairt chun cuimhne go raibh muintir na tíre cortha tar éis Cogadh na Saoirse agus Cogadh na gCarad. Bheadh cuid mhaith den téar den tuairim gur troid ar son chaoimhnú chultúirgkaelaigh idir teanga agus litriocht a bhí i gceist,

1 Mac an tSaoi, Máire "Scribhneoireacht sa Ghaeilge Inniu" Studies 1955 Ich 86

2 Kiberd, D. "Storytelling: the Gaelic tradition" in Rafroidi, P. (ed.) The Irish Short Story Ich 18

3 Ó Conaire, P. Aisti in eag ag G. Denvir Ich 51

chomh maith le saoirse pholaitiúil. B'fheidir leis nár theastaigh uathu saghasanna nua litriochta iasachta a thriail ag an am seo. B'é Sasana an tír ba ghoire ó thaobh tionchar nua-scríbhneoireacht na hEorpa. Pé rud eile a bhí ag teastáil, ní raibh cuireadh le fail ag Sasana i gcúrsaí litriochta. In 1970, bhí ar chumas cainteora a rá faoi scribhneoirí na tire seo "It would seem that the modern Irish writer sees himself as a recorder of experience, rather than as an explorer of the human condition or a searcher after truth".¹

Nuair a síníodh an Conradh i 1922, tharla roinnt neamhghnách sa tír i.e. gur fágadh an chuid protastúnach/preisbitéireach tionsclaioch den tír ar thaobh amháin den teorainn agus an chuid Chaitliceach neamh-thionsclaioch ar an dtaobh eile. D'fhág an roinnt seo ionannas leathan sa Saorstát. Seo mar a thugann scoláire amháin cur síos ar an stát sin "[Nuair a thuigtear] This homogeneous Irish society in the twenty-six county state was predominantly rural in complexion² and Irish rural life was marked by a profound continuity with the social patterns and attitudes of the latter half of the c19, then it becomes even clearer why independent Ireland was dominated by an overwhelming social and cultural conservatism".³

Faoin dtaca gur dhein Arensberg and Kimball, Meiriceánach, an staideárláíiliúil antraipeolaíochta ar Chontae an Chláir ins na tríochaidí, fuaireadar rompu socháí le stil bheatha agus cultúr nár athraigh puinn ón dara leath den naoú haois déag anall. Niorbh eisceacht é an Clár ar na Contaeacha eile sa tír. Is amhlaidh gur choiméadadh nósanna na sean-stíle in ainneoin athraithe shóisialta agus polaitiúla.

1 Ó Doibhlin, B. "Irish Literature in the contemporary situation" in Léachtaí Cholm Cille 1970 Ich 8.

2 Daonáireamh 1926: 61% den daonra ag cónai taobh amuigh de bhailte nó sráidbhailte.

3 Brown, T. Ireland: A social and cultural history Ich 18.

Anois ag casadh ar Nioclás Toibín agus na húrscéalta aige. I ngach tír agus ag gach am, bhí daoine ag scriobh in aghaidh an leatrom, na sclábháiochta nó pé éagóir shóisialta a bhí suas lena linn. Ar na teidil sin tagann Uncle Tom's Cabin ó Mheiriceá agus Bleak House le Charles Dickens chun cuimhne láithreach ón naoú céad déag; nó The Grapes of Wrath le John Steinbeck faoi oibrithe taistil feirme i Meiriceá i dtríochaidí an chéid seo. Chun go nglacfaidh an pobal an poinnte nó an ceacht, b'éigin don scríbhneoir an éagóir a chur trasna i bhfoirm úrscéil. Bhain Uncle Tom's Cabin le huafás na sclábháiochta. Bhí Charles Dickens ag cur síos ar an éagóir a bhain le páistí óga a bheith ag obair. Clasaicíad an dá leabhar sín agus níl aon dabht ach gur chabhraigh na húdair sin le hathrú meona do theacht ar phobal an dá thír.

Cén bhaint atá acu san le Nioclás? Tá dhá úrscéal aige, Róisín Bán a' tSléibhe (1923) agus An Rábaire Bán (1928). Dhá úrscéal rómánsúla iad. Díshealbhú feirmeoírí beaga, cursaí ciosa agus caimiléireacht tiarnaí talún go ginearálta atá i Róisín Bán. Baineann an Rábaire Bán le scéal an ghrá idir sclábháí agus iníon an fheirmeara, móitíf a bhí coitianta go maith. Clamhsán sóisialta atá ag Nioclás Toibín sa chéad úrscéal: cur in aghaidh an údaráis a bhí ag luí go trom ar na daoine. Cé go raibh Dickens agus daoine mar é ag lorg athruithe shóisialta lena linn féin, ní hionann agus cás ag Nioclás. Bhí an tréimhse sin díreach thart i stair na hÉireann; dá bhrí sin, is dearbhú agus daingniú ar shárú an údaráis sin, an saghas seo scríbhneoireachta.

'Sé Róisín Bán an chéad úrscéal aige agus pléifimid le sín ar dtús. Baineann an scéal le dúthaigh Déise, taobh le Dún Garbhán. Cé nach dtugtar aon dáta, is féidir an scéal a shuíomh idir 1880 agus 1885 nuair a bhí Cogadh na Talún ar siúl agus sarar tháinig fuascailt

do na tionóntaithe. An uair úd chuirteí daoine as seilbh de dheascaibh gan an cíos a ioc. Tá cruthú corportha le fáil ar na himeachtaí sin ins na griangrafanna cáiliúla, Bailiúcháin Lawrence, atá anois ag an Leabharlann Náisiúnta. Ní raibh sna Gaeil ach tionóntaithe agus is minic nach raibh trócaire ná tuiscint ag an tiarna talún dóibh. Ag caint ar an tráth staire seo, deireann T. Jones Hughes "In this kind of atmosphere (post-famine) it is important to recall that by the mid to late nineteenth century even in the commercial farming regions, the Gael was hardly ever a landowner or a freeholder, and his name appeared only infrequently among the lengthly lessor lists. In his own countryside, the highest status that he could hope to attain at this time was that of a large tenant farmer".¹

'Sí Róisín Bán an príomhcharachтар agus baineann a scéal le réiteach nó rogha idir an saol Gaelach agus an saol Gallda, idir ceol binn agus ceol garbh. Rugadh Róisín do mháthair Ghaelach agus do athair Gallda - fear ionaid an tiarna talún - ar dhein a seanathair cleamhnais leis dá iníon. Ní raibh gnáthGhaeil an cheantair maith go leor dó. 'Ciamhan isteach i ngabháltas na bhFaolánach é an céile seo, an Gardúnach. Sibéal (Róisín Bhán) is ainm don aon duine clainne a bhí acu. Bhí muintir an Fhaolánaigh go maith as "arús aoibhinn álainn acu agus airgead le fágaint le huacht". Gael a raibh éiri in airde ann, an Faolánach seo agus léirítéar luath go leor an seasamh nó an 'point of view of the novel' mar a thugann Forster air,² a ghlacann an t-údar dá leithéid seo. Ní bheidh bail air aon lá ná ar a shliocht agus cé go bhfuil an léitheoir ag súil le drochthoradh ar na himeachtaí, fós tá dóchas éigin ann do Róisín agus dá leannán. Láimhseáil phroifisiúnta atá ag an údar ar an scéal seo. Tá tosach, lár agus deireadh ann. Is féidir an scéal

1 Jones Hughes, T. "The Large Farm in C19th Ireland" in Gold under the Furze Ich 97.

2 Forster, E.M. Aspects of the Novel Ich 146

a roinnt amach i dtrí chuid mar seo:-

- | | |
|---------------------------|-------------|
| Caibidil 1-5: Ich 5-36 | Cuid a haon |
| Caibidil 6-9: Ich 37-70 | Cuid a dó |
| Caibidil 10-19: Ich 71-96 | Cuid a trí |

Sa chéad chuid tá leagan amach don suíomh, tá na caractair, an feall agus an rún, agus tá an dá rud a mbeidh baint acu lena chéile san úrscéal seo - saol Róisín féin agus saol agus stádas mhuintir Bhriain, tionónaithe, curtha os ár gcomhair. Sa dara roinn deintear forbairt ar an plota atá casta ach gan a bheith róchasta - i.e. drochstaid na dtionónaithe agus cumhacht an tiarna talún, ba chuma an raibh an ceart ar a thaobh nó nach raibh. Baineann an tríú roinn le comhghéilleadh, léiriú bua agus réiteach. Ní thagann an dénouement go léir i mullach a chéile ach leanann ord áirithe ciallmhar. D'fhéadfadh léirmheastóirí a rá go bhfuil an scéal seo roghairid le háireamh mar úrscéal agus gur cineál novella atá ann. Biodh san mar atá, pléifear leis anseo mar úrscéal de chuid an údair seo agus de chuid na bhfichidí in Éirinn.

Dar liom go bhfuil an scéal seo ag Nioclás bunaithe ar an saol béal-oideasa agus ar a shamhlaocht féin. 'Sé sin le rá nach ar aon eachtra nó eachtrai fé leith, nó ar aon duine fé leith, ach ar agóid shóisialta a bhí forleathan, an dishealbhú. Lean an córas seo go dtí gairid don uair ar rugadh Nioclás féin i 1890. Bheadh daoine thart air agus é ag fás anois go mbeadh beochuimhne acu ar a leithéid.

Ach cad mar gheall ar an scéal féin anois? Fuair máthair Róisín bás luath. D'fhág sí ar a máthair féin an páiste a thógáil de réir mar ba cheart agus gan ligint di dul le seoiníteacht trén í a chur ar scoil i Sasana mar a theastaigh óna hathair. Thóg SeanMháire an

an páistie, thug ainnm ceana Róisín uirthi "Mar nár mhaith liom Sibéal ainnm gallda nach gnách ar chine Gael".¹ Tugann an t-údar le fios nach maith leis Gaeil nach bhfanfadh Gaelach agus cloí le heilimintí an chultúir sin.² Ag túis an scéil tá Róisín naoi mbliana déag, agus í ina cónai lena seanmháthair, í oilte, léannta - nár cuireadh go dtí an scoláire bocht Seán Mac a'Bhaird í le hoideachas a fháil?

Leis an dá bhlúire eolais seo a) go bhfuil fuil Éireannach agus Sasanach inti agus b) go bhfuil ainm eile neamhoifigiúil Gaelach uirthi, tá sé fuirist a thuiscint go mbeidh stracadh agus coibhlint idir an dá chultúr don chailín óg seo. Le rúndiamhair a dhéanamh de, tuigtear dúinn gur fhág SeanMháire, ar leaba a bás di, cáipéis áirithe ag cara comharsan, Siobhán Cháit, Bean an Bhriainigh, nach bhfuil aon eolas ag Róisín ina thaobh, nó cad atá ann a bhaineann léi. Cuirfidh an cháipéis rúnda seo casadh i saol Shiobháin agus a céile Pádraig Ó Briain, nuair a thagann am an cíos a íoc. Ach tuigimid go bhfuil ceangal éigin idir bhás SheanMháire, ardú an chíosa ar Phádraig agus imeacht Róisín go Sasana.

Ina lár seo go léir agus atmasféar duairc á chothú ag an údar, tarlaionn idírlíúd nach bhfuil róthábhacht leis ó thaobh an phlota sa bhréis ar an príomhscéal ach léiríonn sé gur féidir an lá ~~an~~ in uachtar a fháil ar na méirlígh uaireanta, dá olcas iad.

Lá an Chinn a bhí ann, an lá a bhí curtha síos do dhíol an chíosa.³ Chuaigh na daoine isteach de réir mar a ghlaoití orthu ag Dónall, fear fogártha an chíosa. Tháinig seal Dhiarmada Uí Dhuinn, tionóntaí. Ní raibh an cíos aige agus d'iarr sé cairde ar an tiarna talún. Conas

1 Róisín Bán Ich 8

2 Cé go gcaithfí admháil go bhfuil an t-ainm sin Sibéal in Éirinn le fada; go bhfuil ceangal fada siar ag Éire leis an Spáinn agus féach Ceann Sibéal i gCiarrai ~~mar loga dháimh~~.

3 Cf Ó Danachair, C. The Year in Ireland

nach raibh an t-airgead aige? Nár dhiol sé trí sheafoid ar an aonach? Nach raibh beirt bhuaachaill ar aimsir aige agus iníon leis i Meiriceá? Ina theannta seo, bhí cloiste ag Domhnall go bhfuair Diarmaid cúig phunt ón gcailín seachtain ó shin. Cén fáth go mbeadh cairde uaidh? Shin Diarmaid litir an chailín chuig Fiachadún, an tiarna talún. Bhí an cailín díomhaoin duirt sí gan breis airgid, ach le cúnamh Dé bheadh scéal nib'fhearr aici sa chéad litir eile. Fuair Diarmaid spás leathbhliana. Nuair a bhí gach gnó déanta agus na boic mhóra imithe, bhí caint agus cur tré chéile. Labhair Diarmaid "Nior loisc éinne acu ormsa ach Domhnall na Féasóige...thug gach aon fhaisnéis uaidh im thaobh agus ansin ná dúirt sé go bhfuaireas cúig phunt ó mo ghearrchaile atá i Sasana Nua". "Agus conas a tháinig tú as"? "Dúirt mo bhean ...go mbeadh an fhaisnéis ag an tiarna talún agus scríobh sí litir in ionad an litir a tháinig. Thaispeánas don Mháistir í agus thug sé spásach leathbhliana dom. Bhréagnaigh an t-éitheadh an fhírinne"¹! Fiú mura raibh an ceart ina ionlán ag Diarmaid, táimíd páirteach leis agus sásta a bheith páirteach, sa bhréagnú.

Téann Róisín go Sasana, go munitir Fhiachadún, an tiarna talún, ar iarratas a hathair, an Gardúnach. San áit thall, foghlaimeoidh sí nósanna, béasa agus teanga na Sasanach - sé sin go ndearmadfaidh sí agus go dtabharfaidh sí droim láimhe le teanga agus nósanna na nGael.

Níl aon ghnó fágtha ar lár ag an údar a bhainfeadh siar den choibhlint agus den bhrú atá ar Róisín bocht. Is breá le hiníonacha Fhiachadún, Róisín; is maith leo í a thabhairt i ngach áit leo. Is cosúil gur absentee landlord atá sa bhFiachadúnach - tá tailte

leis agus a chuid agus a chroi i Sasana. Bainid cinnte leis an méan-aicme tráchtála. Dá mbeidís níos airdé sa scéim shóisialta ní thógfaidís cailín Éireannach ar láimh. Tá mac leo ina shaighdiúir san Afraic Theas "ag cur smacht agus riar ar chine na tíre sin agus réim an tSasanaigh chun cinn agus chun críche". Mac eile, Seoirse, a gcuirimíd aithne air, is duine séimh bésach é, a bhfuil cuma agus dealramh air, a thuigeann fiach agus seilg agus fós conas bradán a thraochadh ar Abhainn Mhóir na Mumhan. Buachaill é a dtabharfadh aon chaillín a croí agus a láimh dó. Leis an donas ar fad a dhéanamh de, titeann an fear seo i ngrá le Róisín agus ní gá a rá go raibh croí agus focal tugtha aici do Shéamas Óg Mac an Ghabha, ag baile.

Éiríonn leis an údar forbairt a dhéanamh san úrscéal seo ar charactar Róisín nár shrois sé le caractair eile dá chuid. Cailín óg léannta ach neamhurcóideach í a bhí imithe dá rian móran nuair a tháinig sí go Sasana. Níor ghá don mhuintir seo aon obair a dhéanamh ach ag caitheamh sróill agus síoda. "Bhí gach rud ag dul ós cionn meabhrach uirthi agus b'é mhairbh ar fad í ná an teanga mhí-nádúrtha Béarla a bhí acu. Bhainidís geit aistí nuair a labhraídís léi".¹ Ach diaidh ar ndiaidh is féidir léi féachaint ar chúrsaí agus iad a mheas go hoibiachtúil. Braitheann sí uaithi mná agus fir na hÉireann ach ina choinne sin tá suaimhneas, ollmhaitheas agus saibhreas saolta san áit seo ag Sasanaigh. Tuigeann sí cad é mar sclábháiocht a bhaín leis an saol in Eirinn go maith. Ar ghá galántacht chun a bheith sona? Ar ghabhadar le chéile nó ar mhilleadar a chéile. Cén fáth an analís seo go léir aici? Mar go dtuigeann sí anois go bhfuil Seoirse i ngrá léi agus go mbeidh uirthi and dá shaol a mheas agus roghnú éigin a dhéanamh idir cine, creideamh agus cultúr. Ag casadh siar go dtí SeanMháire ar leaba a báis, agus

1 Róisín Bán Ich 38

an eagla a bhí uirthi maidir le Róisín, tá leibhéal eile nua mistéir nó coimheascair sa scéal "Má dheineann mo réir, beidh aici; mura ndeineann beidh sí gan é",¹ ach ní thugteann Róisín féin an bhagairt seo.

Is féidir le Róisin agus Seoirse comhrá a dhéanamh fé na ciníocha éagsúla - an difríocht atá idir Sasanaigh agus Éireannaigh mar shampla. Caoi é seo ag an údar chun a fhealsúnacht féin i dtaoibh na teanga a chur i láthair tré bhéal Róisín "Is i dteangain na nGael atá seasamh na nGael agus is de réir mar a meathfaidh a dteanga a mheathfaidh siad féin".²

Gan aon socrú a bheith déanta idir í féin agus Seoirse tógann an t-údar an suíomh ar ais go dtí na Déise. Ní deacair don léitheoir an difríocht atmasféir a bhraith idir tréimhse a chaitheann an laoch óg Róisín thar sáile agus an chuid eile den úrscéal ag baile in Éirinn. Is fearr leis an údar seo an comhdhéanamh a thugteann sé: Éire agus is fearr a éiríonn leis an scéal a chothú agus a chruthú ann ná i Sasana.

Pé scéal é, tá nod tugtha i bhfad siar go mbeidh achrann ann fé chios agus tá. Tá feall á imirt ar Phádraig Ó Briain agus a bhean Siobhán Cháit ag an Fiachadún agus an Gardúnach. Cén fáth? Mar nach dtabharfaidh Siobhán cáipéis SeanMháire dá cleamhan mhac, an Gardúnach. Tá an Gardúnach suite de, go bhfuil airgead ceilte air ag SeanMháire. Tá pictiúr anseo den chumhacht a bhí ag an tíarna talún ar shaol agus ar bheatha na dtionóntaithe. Má dúirt sé go raibh cíos gan díol b'shin sín. Sa chás seo, dhearbhaigh Fiachadún go raibh cíos gan ioc ag seanathair Phádraig ón mbliain 1850 agus go gcaithfí é a chuíteamh leis. Cad é go díreach a bhí ag dó na geirbe iontu, tionóntaithe?

1 Róisín Bán 11

2 Róisín Bán 1ch 48

Nuaír a tháinig Gladstone i réim i Sasana mar phriomhaire in 1880, ní raibh aon ghnó níba phráinní ná Ceist na Talún in Éirinn. Bhí feabhas éigin tagtha ar na barraí le blianta beaga anuas, cé go mbíodh an dubh ar na prátaí ó am go chéile, fós. Leis sin, tháinig moilliú ar líon na ndaoine a bhí ag dul ar imirce go Meiriceá. D'fhág seo go raibh céatadan mór de dhaoine óga idir 18 agus 35 bliain d'aois a ghlaic páirt i gCumann na Talún.¹ Agus d'admhaigh Gladstone cad é mar thionchar a bhí ag Cumann na Talún ar mhuintir Shasana, nuair a bhí an cheist chonspóideach seo fé dhiospóireacht sa phairlimint.²

Cé go raibh furmhór na n-eachtraí a bhain le "outrage" i gCiarraí agus i Muigh Eo, tharla cúpa díshealbhú i gCill Chainnigh thart fá am an úrscéil. Sin é an cúlra atá ag Nioclás don scéal seo. Tá sé ráite cheana go raibh teirce leabhar Gaeilge sa tir ag túis an stáit. Bhí teirce níos tábhactaí ar bhealach maidir le téacsanna scoile. Cé nach ndeirtear linn cad iad na toscáí a bhaín le scriobh an úrscéil seo, ní miste a cheapadh gur dhaingniú ar sheanchas na hÁite don aos óg, a bhí i gceist aige, cuid den am, ar a laghad.

Tá an-chur síos ag Nioclás ar lá na mbáillí, le teacht ar ais chuig an scéal féin. Daoine a chuimhneodh ar na laethanta sín, bheadh sásamh le baint acu as treascairt na mbáillí agus an tiarna talún; daoine óga a léifeadh faoi don chéad uair, bheadh scéal grinn ann dóibh.

Bhaileigh na comharsain agus na cairde, na tincéirí ina measc, as gach áit chun tacáiocht láimhe agus cairdis a thabhairt do mhuintir Bhriain.

1 Cf Lee, J. The Modernization of Irish Society Ich 82. Bhí trí aidhm ag Cumann na Talún "Popularly known as the Three Fs: Fair rent; Fixity of tenure; Freedom to sell the right of occupancy".

2 Cf Beckett, J.C. Making of Modern Ireland Ich 390.

Bhí teípthe ar Phádraig an cíos a ioc agus bhí sé fógraithe dá ghabháltas é ar an lá áirithe seo. Bhí Maitíú agus a mhiúil ann agus í lán liann, agus Séamas Óg an Ghabha. Tháinig an tAthair Seán, seanchara na mbocht, á ngriosadh, ach ag an am gcéanna, á gcomhairliú gan dul i muinín slaide agus dortadh fola. Nuair abhí an lá leathchaite agus daoine seircthe ag an bhfuacht tháinig na báilli. Roinneadar iad féin thart ar an dtigh agus bothán na-ainmhithe. Bhí miúil Mhaitíú curtha isteach sa bhothán seo. Leis sín, tosaíonn an clampar agus is í miúil Mhaitíú is lárchúis leis. Ag a deireadh tá leathfhorsaí an tSíriam ar lár - fear amháin ar a laghad, a bhfuil cúram sagairt agus dochtúra uaidh. Is mó de chur síos ar imeachtaí na miúlach sa ghnó ná tuairisc na mbáilli a thóg an teach ó chéile agus an léasadh agus an batraíl a fuaireadar ó na daoine.

Cleas an scribhneora gairmiúil atá anseo ag Níoclás. Bhain sé ár n-aire de chúrsaí ag an am chaoi le scéal na miúlach agus an troid chun seans a thabhairt dó gnó a dhéanamh ná cloisfimíd faoi go dtí deireadh an scéil ionas go bhfuil an léitheoir agus na carachtair ar easpa eolais le chéile. Agus ar ndóigh, is fearr agus is fuinte é mar úrscéal dá bharr san. Go háirithe nuair is dóigh leis an léitheoir nár éirigh leis an Sirriam i gceart.

Bhí na báilli ag gabháil den mhiúil ar feadh tamall gan aon chorrai aistí ach leag duine acu láimh ar bhall baolach ar chúl a droime ag an miúil agus mhúscail san í chun gníomhartha. "Níor luaithe a bhí bainte leis an mball baolach ná mar a bhain sí beannóg aistí féin. Bhuaile sí fear a cheannraigh le buille dá ceann sa mbolg agus dhein sí marbhán de. Bhí sé sínte maol marbh trasna béal an dorais. Ansin chrom sí ar éiri ar a cosa tosaigh agus ag caitheamh a cos deiridh san aer.

Ní raibh sé d'uain ag sna bailli ímeacht ná teacht pé áit den mbothán a d'iompóidís, bhíodh cruite deiridh na miúlach ag dul abhaile orthu...¹

Buaicphointe a dó den scéal is ea eachtra na mbaillí agus na miúlach agus is maith mar a thógann sé chun críche é. Ag an bpointe seo, casann sé an scéal ar ais ar Róisín thall i Sasana ionas gur uirthi a smaoinímíd arís seachas anailís a dhéanamh ar ghnó na mbaillí.

Tagann Róisín abhaile ó Shasana fé dheireadh ar iarratas Siobháin. Is dóigh le Fiachadún agus an Gardúnach gur dhein an saoire maitheas di. Cloiseann sí faoi cur as seilbh do mhuintir Bhriain "Ní móir obair mar sin a dhéanamhanois is arís mar theagasc agus mar shampla",² a deir Fiachadún. Nach gráonna an fear a chuirfeadh brú agus buaireamh den tsórt sin ar dhaoine bochta. Maionn sé gur cuireadh an dlí ar mhór-sheisear eile agus táid sa charcar i gCluain Meala. Sé is dóichí ná gurb í an chroch atá i ndán dóibh seisear agus ina measc istigh, tá Séamas Óg an Ghabha, leannán Róisín. Nuair a lorgaíonn Siobhán an litir le SeanMháire le tabhairt do Róisín, tá sí ar iarraidh. Sin é an fáth dáiríribh, gur deineadh dishealbhú ar mhuintir Bhriain ionas go bhféadfaí an litir a ghoid. Is faoi Róisín feasta atá slánú gach cúrsa. Agus deineann. Imríonn sí seanchleas an chuairteora ag príosún Chluain Meala, nuair a théann sí ag féachaint Shéamais Óig - díreach mar a dhein Charles Dickens i Scéal Dhá Chathair. Imíonn an bheirt Róisini ar a gcoiméad. Sé an sagart a thugann bheith istigh do Róisín nuair is maing dí caidreamh a hathar féin. Tá luach ar a cheann ag Séamas Óg.

1 Róisín Bán 1ch 66

2 Róisín Bán 1ch 75

Mar aon le gach úrscéal, seo é an áit is lú dóchas don laoch (cailín sa chás seo) don chomhluadar agus don léitheoir. Má tá fuascailt i ndán dóibh, caithfidh sí teacht gan mhoill. Fiú anseo tá ceisteanna gan fhreagairt. Cad a bhí i litir SheanMháire? Cad a tharlóidh do mhuintir Bhriain agus dá sealbhas? An mbeidh saol fada buan ag Séamas Óg agus ag Róisín? Toisc gur scéal grá atá anseo, is dócha gur réiteach sásúil a bheidh ann, ach conas?

Ní fada an feitheamh. Tógaíonn an sagart Séan Paor an comhluadar le chéile do léamh litir agus uacht SheanMháire. Ghoid an Gardúnach an litir agus sheol ar aghaidh chuig an sagart í. Tuigtear dúinnanois gurb í an litir seo is cúis le trioblóidí Phádraig agus Shiobháin agus nach aon chíos a bhí gan díol. Corr breise anseo is ea nach raibh aon rud, airgead ná eile ceilte ar an Gardúnach sa litir. Nach bhfillean an feall ar an bhfeallaire i gcónaí?

Tá tinneall maith faoi chúrsaí ag léamh na huachta. Cén rogha a bheidh ag Róisín - Seoirse agus airgead ná Séamas an Gabha agus Éire? Ach ar ndóigh, roghnaíonn sí Séamas. Scaoilfear Séamas saor ar achainí Sheoirse agus beidh an talamh feasta ag Róisín Bhán.

Úrscéal cruinn atá anseo, ach mo léan, tá sé i bhfad roghairid. Is gá an uile fhocal a léamh ionas ná caillfear cuid éigin tábhachtach den phlota. Bhí ábhar úrscéil trí chéad leathanach ag Nioclás. Cén fáth gur dhein sé resumé de ar fad? chun leabhar scoile a sholáthar, is dócha. Níl ann ach naocha a sé leathanach agus leathanaigh leabhar scoile iad san, leis. Is trua b'fhéidir gur chaith sé an dea-smaoineamh agus iarracht sholáthar leabhar scoile i dtéannta a chéile mar sin.

D'fhéadaí a rá ina choinne sín go bhfuil rian an Bhéarla air faoi chlóca na Gaeilge, toisc go bhfuil beagán de bhlas úrscéal an Bhéarla air, in ainneoin an rud a dúir ag tosach na caibidle seo - fiú in ainneoin an údair?

D'éirigh leis, ó thaobh théacs nó ábhar léitheoireachta Gaeilge a sholáthar, ar dhá bhealach. Tóirthint orthu san a raibh Gaeilge acu agus orthu san gan Ghaeilge, le stíl shimplí dhíreach.

Tá dhá amhrán aige sa scéal: An Turas go Tir na nÓg ag Róisín nuair atá sí thall ; Sasana agus Priosún Chluain Meala ó litir Shéamais sa charcar. Tá an nós céanna aige sa Rábaire Bán i.e. amhrán a cheapadh atá in oiriúint don ócáid. Is mór an bua é sin agus ardaíonn sé caighdeán an tsaothair. Bhí sé seo mar thraigisiún ag Gaeil riamh. Dúirt an tAthair Pádraig Ó Duinnín "Níor leanas lorg na scéal atá le fáil i dteangthaibh eactrannacha. Leanas lorg na n-úrscéal Gaelach i rudaíbh áirithe mar atá dán beag a chur i gcorp an scéil anseo agus ansiúd de réir mar d'oir do chúrsa na heachtra".¹

Ó thaobh léirmheasannair a tháinig an scéal amach:- Bhí léirmheas in Irisleabhar Mhá Nuad 1923 a thug cur síos fada ar an scéal féin agus ag deireadh deireann:

'Leabhar an-bhreá ar fad is ea Róisín Bán.. Tá an scéal féin an-dheas agus is deise ná sín an chaint atá ann. Ba cheart go mbeadh ceannach mór air mar is maith is fiú trí raolacha í. Ní fiú trácht ar na dearmaid bheaga cló atá innante. Deinimíd comhghairdeas le Nioclás de chionn leabhar chomh deas san do thabhairt dúinn agus tá súil againn nach fada go mbeidh a leithéid eile óna lámh againn'²

Is mór an moladh é sin don am agus don rud a bhí ag teastáil agus an rud a bhí á lorg. Níor thosaigh gairm an léirmheastóra go dtí i bhfad ina dhiaidh sín, mar a thuigimíod léirmheasanois.

1 Ó Duinnín, P. Cormac Ua Conaill: Úrscéal Stairiúil, Réamhrá

2 Irisleabhar Mhaigh Nuad, 1923 Ich 78-79

Seo ceann eile ón Clonmel Nationalist 1948 scríte ag Seán Ó Floinn
a raibh cáil air ar son na Gaeilge agus a thuisceana ar dhá litriocht

Mr. Nicholas Tobin (sic) of Ring, Co. Waterford is known to hundreds of teachers and others who have attended the courses in Ring Irish College. His word Róisín Bán a'tSléibhe is a delightful story of life in the area that stretches from Helwick Head to Touraneena and thence to Clonmel. He has dramatized the story under the title Tigh leath Slí on the road between Clonmel and Dungarvan. It will meet a want that has been felt in Co. Waterford by those interested in Irish drama .

B'fhéidir gurb é 'meeting that want' an príomhrud a cháineann an saothar seo mar úrscéal.

Tháinig an Rábaire Bán amach in 1928 an t-aon úrscéal eile uaidh. Tá sé níos faide féidir dhó ná Róisín Bán. Tá sé i gceist a chruthú anseo gur úrscéal dá shamhlaiocht féin é an Rábaire Bán agus nach bhfuil sé bunaitheach i dteideal ar an amhrán "Iníon an Fhaoit' ón nGleann".

Téama coitianta sa Mhumhan ab ea an grá idir an spaílpin agus an caillín feirmeoora: an Rábaire Bán agus Neans de Faoite mar atá againn anseo. Bhí difír shóisialta idir na sclábhaithe nó iadsan gan gabháltas agus na feirmeoíri sa Mhumhan, nach raibh le fáil i nGaeltachtaí eile - Connacht mar shampla. San áit a raibh an ithir go holc bhí gach duine ar chomhchéim ag iarraidh beatha a stracadh as an cúpla acra talún. San áit a raibh talamh mhaith mhéith mar atá sna Déise, bhí dreamanna níos fearr as ná a chéile. Ag cur síos dó ar fheirmacha móra agus a ndáileadh, deir T. Jones Hughes "They (large farmers) were particularly attracted to the widespread areas of rich calcareous loams such as are found in south Co. Tipperary..."¹ Bhí coibhneas idir méid na feirme agus an méid teaghlaigh bocht a bheadh ceangailte leo: thart ar cheithre theaghlaigh do gach feirm os cionn luacháil £100 sa Mhumhan, nó 25% san áit a raibh 7% de theaghlaigh bochta i Laois, mar shampla.

1 Jones Hughes, T. "The Large Farm in C19th Ireland" in Gold Under the Furze Ich 103.

Fear den íseal aicme an Rábaire, spailpín gan talamh gan oídhreacht a raibh sé de dhánaíocht ann féachaint ar Neans, iníon an Fhaoitigh. Tá Nioclás ag cumadh de réir an dearcadh sóisialta nuair a thógann sé Neans agus an Rábaire le chéile. Cén fáth an t-éiri ín airde seo i measc na bhfeirmeoirí? Nach raibh spailpín ionchurtha aon lá le hiníon feirmeora? Nach raibh cáil ar spailpíni áirithe - cáil nár thuilleadar b'fhéidir:

There is no doubt that the true migratory worker, the potato digger the mower and the spailpín-type worker were totally free of any restrictions. They took every day as it came; they were hardy men and great workmen and had the freedom to choose to leave their employment if it displeased them in any way. Several of them were renowned as workmen and many legends have survived recounting their skills against all comers.¹

Bhí an Rábaire sa scéal seo chomh maith le spailpín ar bith eile.²

Tuigimid ón údar conas a tharla dó an scéal seo a scriobh, mar deir sé linn sa Réamhrá ag tosach an leabhair. Bhiodh cúrsai Gaeilge do mhúinteoirí ar siúl i gColáiste na Rinne gach samhradh ar a mbíodh Nioclás féin ag múineadh. Ní cúrsaí i múineadh na Gaeilge amháin a bhíodh i gceist ach cúrsaí a mhúinfeadh Gaeilge dóibh san nach raibh Gaeilge acu cheana. Rang dá leithéid seo, d'iarradar air a thaispeáint dóibh conas scéal a leagadh amach le scriobh. Scéal Iníon an Fhaoite Ghleann Atharlaí, a thóg sé ón amhrán, a bhí mar shampla aige. Bhí sé chomh sásta leis an iarracht gur bheartaigh sé 'fuil agus feoil' a chur ar chnámha an scéil agus bhaist sé an Rábaire Bán air. Agus an scéal á chumadh aige, bheartaigh sé "gan aon chruafhocail ná cruaráite (a chur ann) ionas go bhféadfadh éinne a mbeadh léamh na Gaeilge aige a léamh gan móran duaidh".³

1 O'Dowd, A. "Rabbles and Runaways, Church gates and street corners" in Gold under the Furze Ich 177.

2 Cf Ich 14-15 agus 72-73 de Rábaire Bán dá chumas lúthchleasa.

3 Rábaire Bán - Réamhrádh.

Féachaimís ar an suíomh a léirítear san amhrán chun é a chur i gcomparáid leis an scéal féin. Tá leagan den amhrán le fáil i nDuanaire Thiobrad Árann.¹ Amhrán grá deich vóarsa atá ann. Fear ag déanamh duine-dhiolaim ar a ghrá, Iníon an Fhaoit' i dtraidisiún an chineál sin amhráin.² Einíni ag canadh, é imithe dá chéill, fuascailt má fhaigheann sé póg ó Iníon an Fhaoitigh nō "cead síneadh síos led bháchnis". A glór, a pip, a báchnis, cruth mar rós i ngairdín. Tá fiú an nadúr ar meidhreán agus na comharsain ag ceapadh go bhfuil sé ina ghealt. San ochtú vóarsa insíonn an cailín gur bhreá léi imeacht leis go Caiseal Mumhan nō aon áit eile, ach nach féidir léi toisc an "Garda a bheith ar gach taobh diom/Ní féidir liom corrai a dhéanamh/Agus baineann siad cuntas géar diom/ Cá dtéim leat chun siúil". Níl aon dóchas ag deireadh an amhráin go bhfaighidh sé í le pósadh. Tá sé soileir gur sclabhai atá san amhráin agus gur cailín uasaí í an bhean. Is ar son an eolais sin amháin atá buiochas Niocláis ag dul. Mar a chífimíd ar ball beag, d'athraigh sé línte as an amhrán féin sa bheagchuid a úsáideann sé i scéal an Rábaire. Níos fearr ná sin, chum sé amhrán eile a chuir sé i mbéal Neans: "An Rábaire Bán," a bhfuil an t-iomlán le fáil sa leabhar féin (leath. 48, 53,54).³

Féachaimís tamall ar an údarás atá againn don amhrán Iníon an Fhaoite ón nGleann. Ní fios cé a cheap an t-amhrán seo ach dob é Séamas Ó Braonáin, bailitheoir bhéaloidis as cheantar Bhaile Chuilinn, Tiobrad Árann a bhailigh é idir 1860 agus 1866.⁴ Bhí an t-amhrán ar eolas go forleathan i gCúige Mumhan ag an am. Deir Ó Braonáin "This Miss White was said to be living in the Glen of Aherlow. Who this lovesick swain was, we do not know, but he gained neither the hand nor the heart of the beautiful fair one. She afterwards was married to a publican in Caher, at the close of the last century".

1 Ó hOgáin, D. Ich 32-34

2 Cf. Ó Fiaich, T. Na Dánta Grá in Leachtaí Cholm Cille VI, 1975

3 Féach leis "Bundánta" ag Nioclás Tóibín i nDuanaire Déiseach Ich 121.

4 Ó hOgáin, D. Duanaire Thiobrad Árann Ich 70.

Níl an scéal ag Nioclás bunaithe ar an stair seo, ar aon chuma.

Ach níos suimiúla go mór, tá leagan den scéal seo le fáil i leabhar ag James Fenton - "The Songs of Tomás Rua Ó Súilleabháin" faoin teideal Noirín Chnoic na Groí. Bhí an t-amhrán á rá ag spailpíní ó Uíbh Ráthach i dtábhairne i gCorcaigh nuair a thit bean uasal den chuideachta i bhfanntais, á-rá gurbh í féin bean an amhráin. Seo sampla de na finnscéil thaistealachá. Bhíodh sé de nós ag spailpíní ó Chiarraí dul go ceantracha méithe i dTiobrad Árann agus Corcaigh agus thagadh na scéalta seo leo. Ní miste a cheapadh gur mar seo a tharla don scéal teacht go dtí na Déise gur cheanglaiodh Miss White leis ó Ghleann Atharlaí. Ní féidir liom aon eolas a fháil faoi theaghlaich den sloinne Faoite/de Faoite a bheith lonnaithe sa Ghleann taca an ama seo (1850) ach is sloinne é atá coitianta i dTiobrad Árann Theas agus i bPort Láirge fós. Rud eile leis, Normanaigh ab ea na Faoitigh agus 'sé is dóichí go rabhadar rachmasach meánaicmeach agus murarbh leo féin an talamh bhiodar níos fearr as ná go leor de na comharsain thart orthu.

Ó bhualimíd le Neans don chéad uair tuigtear dúinn go mbaineann Neans agus Gobnait Nic Gearailt, an colceathar léi, leis an uasalaicme Gael. "Ó a Mháire, an bhfaca tú an t-éadach a bhí orthu, síoda ó bhonn go bathas" ¹ arsant Seanbhean tuaithe lena cara, tar éis dóibh bualadh le Neans agus Gobnait ar an mbóthar. Mar bharr ar seo, cuireann Nioclás clabhsúr ar an gcéad caibidil sin, trén léitheoir a threoiríú go dtí an geata

1 Rábaire Bán Ich 70

"Tríd an geata bhí dul isteach, síos trí phreáip crann, go tigh mór feirmeora a bhí i ngiorracht páirce do bharr faille. Ba é an tigh sin, 'tigh an Ghearaltaigh".¹ Musclaíonn an píosa seo fiosracht an léitheora. Tuigtear dóanois go mbeidh tábhacht áirithe ag an Gearaltach sa scéal seo agus ag leanacht gnó an úrscéil, iarraimid, cad a tharlóidh anois?

Is fiú ag an bpoinnte seo, achoimre tapaidh a thabhairt ar scéal an Rábaire Bán. Mar a dúrt, scéal an ghrá idir an Rábaire, Seán Ó Muiriosa agus Neans de Faoite atá ann. Tá Neans ar cuairt lena gaolta, na Gearaltaigh ag Ráth na mBirínneach, gar do Dhún Garbhán i samhradh na bliana 1850. Mar a mbeitheá ag síul le sloinnte den tsórt sin, is den uasalaicme Gael muintir an Fhaoitigh agus na Gearaltaigh. Tá cónaí ar Neans i nGleann Atharlaí lena máthair. Tá a hathair imithe le blianta gan tuairisc; tá fiacha ar a bhean agus a iníon Neans agus tá an bheirt fé thiarántacht ag comharsa nimhneach An Barrach, ar mhaith leis greim a fháil ar an talamh. Tagann an tuairim chuig an léitheoir gur chuir Níoclás rian d'eachtra a tharla sa dúiche agus a mháir i gcuimhne na ndaoine, isteach leis an scéal aige féin le beatha agus faoi a thabhairt dó.

Luaitear an Rábaire agus Neans i ngan fhios. Póstar iad faoi rún ag sagart óg. Caitear cuid mhaith den scéal leis na heachtrai a tharla don Rábaire ag lorg oibre, agus ag dul thar farraige. Nuair atá cursái ag teacht chun donais ar fad, tuigimid go bhfuil Neans ag iompar clainne. Bhí easaontas idir í féin agus a máthair mar nach bhpósfadh Neans mac an Bharraigh, ach réitítear an fhadhb agus téann Neans abhaile go Gleann Atharlaí, go dtí a máthair chun feitheamh le teacht an linbh. Cuireann an t-údar eadarliúd isteach anseo -

¹ Rábaire Bán Ich 7.

comhrá idir chptaen loinge agus mairnéalach. Baineann, agus ní bhaineann sé le hábhar. Tarlaíonn long a bheith tré thine gairid don Oighre, amach ar an bhFarraige. Fágtar beirt fhear ar bord agus nuair a chaitheann duine acu féin san uisce téann an Rábaire isteach á tharrtháil. Le Neans ar ais sa Ghleann, tá ráflaí mícharthanacha ag gabháil thart ina taobh agus i dtaobh a hathar leis; go raibh sé imithe go Sasana Nua agus bean éigin eile aige agus ós rud é go dtéann bó le bólacht, gur dhein an iníon an rud céanna - droch-chail a tharraingt uirthi féin.

Tá máthair an Rábaire agus Gobnait i láthair sa Ghleann nuair a saolaítear leanbh Neans, agus áthas ar gach éinne. Tá fós ceist fiacha ar Bhean an Fhaoitigh ach an lá tar éis breith an linbh, tagann athair Neans, an Rábaire agus Maitiú isteach. Insíonn an Faoiteach faoi conas a tharla dó a bheith i bhfiacha, agus dul go Meiriceá mar a dhein sé airgead a ghnothú. Ar a theacht abhaile dó, chuaigh an long tré thine agus chaith sé féin sa bhfarraige. Dob é Seán a shlánaigh é le cabhail corc - athair a chéile féin agus le neart buíochais, gheall an Faoiteach lámh a iníne do Sheán! Samhlaigh an t-ionadh nuair a thuig sé go raibh an gníomh déanta. Ina theannta seo fágadh le huacht chara an Fhaoitigh, an hAicéadach, gach a raibh aige, do Neans. Ní hamhain go bhfuil grá geal a croí aici, leinbhín mic, a hathair ar ais abhaile slán ach tá feirm dá cuid féin aici ionas ná beidh an spailpín ina spailpín feasta. Níl bunchleite amach ná barrchleite isteach ag deireadh ach gach duine sona sásta.

Ar ais anois go gníomhú an úrscéil. Tagann an laoch, an Rábaire, ar an láthair ag comórtaisí na lúthchleasa ag an gcrosbhothar, mar a bhfull an baile ar fad bailithe. Tá an Gearaltach ina Reactaire ar an ócáid agus nuair a iarrann sé ar an gcomhluadar 'Nach bhfuil éinne anseo ó

Ráth na mbírinneach a bhainfeadh triail as an léim seo... fear a sheasfadh i mbearna? Glaotar amach ainm an Rábaire Bán agus ar ndóigh buann sé an craobh don léim ard.

Go luath ina dhiaidh seo, beirtear air ag goid aitinn ag fear faire an tiarna talún, Diarmaid Liath. Níl aon chead ag an Rábaire, spailpín a bheith ag siúl ar an ré fiú, ach cuireann Diarmaid fáilte roimh Neans, a thagann ar a láirín néata, toisc go mbaineann sí leis na Gearaltaigh. Tá an difir shóisialta le feiscint i gcónai idir an uasalaicme agus an chosmhuintir, gan trácht ar fhear ionad an tiarna, de bhunaidh na háite, ag caitheamh anuas ar a chomharsan Gael. Cé go dtuigimíd gur dhein an Rábaire goid, táimíd taobhach leis sa pheaca. Cleas na leathfhírinne é seo ag an úrscéalaí: "The novelist's touch often argues from the wrong premise - takes what it likes and leaves the rest. What the author says may be true and yet by no means, the truth. The novelist's touch falsifies life."¹

Geit. Díreach nuair atá an comhrá ag éiri maoithneach idir Neans agus an Rábaire, tá Diarmaid chucu arís legunna ach tugann seo seans do Neans coinné a dhéanamh buaileadh leis an Rábaire arís am éigin agus imíonn leí. Tuigeann an léitheoiranois go bhfuil an bheirt i ngrá le chéile ach cad atá i ndán dóibh? Fiosracht.

Is féidir muintir Ghearaltach, Neans agus Gobnait agus an Rábaire a chur ar leataobh tamall chun féachaint ar an saghas caractarú a dheineann Nioclás. Carachtair béaloidesúla gan a bheith bunaithe ar an mbéaloides féin.

1 Forster, E.M. Aspects of the Novel Ich 49

Tá seanduine sa scéal a dhéanann ceangal idir na personae agus na heachtraí - gnó atá tábhachtach ann féin - sin Maitiú. Tá tábhacht áirithe ag Maitiú féin, eisean a fhanann le Neans nuair a imíonn an Rábaire thar lear. Bhí leithéid Mhaitiú coitianta go maith tráth. Seanfhondóir é a bhí le feiscint ar gach feirm go dtí an chéad seo féin: é meánaosta, téagartha, eolas cruinn aige ar chúrsaí feirme, é ag obair d'fhear a'tí le fiche nó tríocha bliain, é i bhfeidhl na feirme nuair nach raibh fear a'tí i láthair, nó bean a'tí ag brath air le comhairle a thabhairt di. Thuig sé a ghrád agus a áit sa struchtúr shóisialta seo. Thuig sé cad é mar ómós agus meas a bhí ag dul dó. Chuaigh a lón i dtrá de réir mar a fuair daoine bochta seilbh ar ghabháltais dóibh féin.

Seo a deirtear faoi Mhaitiú.

Bhí Maitiú buailte le deich mbliain is trí fichid. Bhí sé ag obair i dtigh an Faoitigh ó bhí sé ina gharsún. Ní raibh aon rud a bhain leis an tigh ná an áit, ná na Faoitigh féin ná raibh ar eolas aige. D'fhéadfáí a rá gurbh é Maitiú, ceann urradh na háite. Maidir le Maitiú féin de, ba é a bhí i bhfeidhl na háite agus gach aon rud agus éinne a dhéarfadh nárbh é agus ná beadh ag tabhairt an chirt dó, ba chuimhin leis.

Fear deas-chainteach, greannmhar, gealgháireach ba ea é ach ar an dtaobh eile den scéal nuair a chuirtí aír agus nuair ná beifí ag tabhairt an urraim ba dhual dó b'acfuinn leis bheith an-stuacach agus an-drochmhúinte.

Tá cumas scríbhneoirreachta breá socair ag Nioclás. Tionchar an bhéadoidis atá le feiscint anseo: comhrá idir dhaoine atá sa chuid is mó den scéal. Gné mhór de phlé na litriochta sa lá inniu féin is ea áit an Reacaire san úrscéal. Ní bhíonn an Reacaire le feiscint ach anois is arís ag Nioclás agus ansan fiú, is beag briseadh isteach a dheineann sé. Ligtear don léitheoir an t-eolas a shú isteach amhal is go raibh sé ag cúnéisteacht le comhrá na gcarad; nó b'fhéidir go bhfuil an léitheoir féin sa chomhluadar Gaelach seo.

Rud an-thábhachtach dá bhun aidhm ag Nioclás Tóibín i gcónai is ea an bheith i láthair seo. D'fhéadfadh aon fhoghlaimeoir é féin a shamhlú i measc na ndaoine seo. Ní haon téama Gallda a bhíonn ag Nioclás ach comhthéacs a thuigeann an léitheoir, is cuma an páiste óg scoile nó duine fásta é an foghlaimeoir. Ní úsáideann sé cleasanna sofaisticiúla an scéil scríofa: léimt in am ná caitheamh siar ach leanúint leis ó eachtra go chéile go réidh, mar ba nós le scéalaithe riamh.¹

Tá sampla maith den stíl réidh seo le fáil sa chur síos a thugann sé ar bhád ag imeacht ó chéanna Phort Láirge. Tá an Rábaire bocht ag dul ar an bhfarraige - saghas imírce - mar a chuaigh na céadta eile roimhe agus ina dhiaidh. Pictiúir ionlán de shuiomh, long, daoine, mairnéalaigh, scarúint céile agus cairde, brón. Thuigfeadh páiste an méid sín, ní bheadh aon cheist aır ach fós ní rud leanbáí atá againn ann.

¹ Cf. O'Riordan, A. "The epic laws of Folk Narrative" in Dundes, A. The Study of Folklore 1ch 129-142.

Um thráthnóna Dé Domhnaigh bhí barc dtrí gcrann, An Oighre fé lán tseol ag cé Phort Láirge. Ba chathair inti féin í. Bhí an-chuid daoine bailithe ar an gcé lena hais, ag fuireach go scaoilfí na téada go bhfeicfidís ag bogadh chun siúil í. 'Na measc istigh bhí óigbhcean álainn uasal agus lena hais seanduine crom, crua, aosta. Scaoileadh na téada; bhog an long; thosnaigh sí ag imeacht go mall righin agus go maorga sítheola. Bhí óghfear mairnealaigh ina sheasamh 'na tosach agus é ag féachaint amach. D'ardaigh sé a lámh agus chroth. Dhein an óigbhcean agus an seanduine an cleas céanna, á fhreagairt.¹

Ba mhaith liom filleadh ar ais anois ar an amhrán bunaigh féachaint cad iad na breiseanna a chuir Nioclás Tóibín leis, má chuir. Ní thagann an t-amhrán féin i gceist go dtí déanach amach sa leabhar. Tarlaíonn don Rábaire a bheith leis fein agus ní féidir leis Neans a chur as a aigne. Ní fheadar sé cé'n gleann arbh as di. "Ní hionadh, dá réir sin na véarsaí seo chun a aigne

Maidin cheoch nuair d'éiríos
Is a ghabhas amach na coillte
Is ansiúd a bhuail an tréid mé
Ná leigheastar faraoir

Do chuala an bhruinneall mheidhreach
I lúb na coille ag éisteacht
Is do las mo chroi le greim dí
Nó gur dhea-bhean dom í.

Níl an véarsa sin i nDuanaire Thiobrad Árann, beag ná mór. Ní deireann Daithí Ó hOgáin go bhfuil leaganacha áitiúla den amhrán le fáil ach an leagan ó Chiarrai faoi Noirín Chnoic na Groí. Ní miste a rá mar sin gurbh é Nioclás féin a chum é mar oscailt ar an amhrán agus mar 'mhiniú' ag an Rábaire ar an uair a chuala sé an caillín seo. Ina dhiaidh sin, tá dhá véarsa ag Nioclás le chéile agus is cinnte go bhfuil gaol gairid acu leis an leagan oifigiúil den amhrán, seachas focal anseo is ansiúd. Seo ar dtús leagan Niocláis de:

1 Rábaire Bán Ich 134

Siúl a chuid, bí ag gluaišeacht
Gan scíth, gan stad, gan fuaradh
Tá'n oíche ghairid shamhraidh ann
Is biom araon ar siúil.
Gheobhair aoibhneas bältí móra
Is radharc lem thaobh ar chuanta
Is a Chriost nár robheag an uain i
Le hiníon an Fhaoit' ón nGleann

Véarsa a cúig ón Duanaire:

Preabanois is bí ag gluaiseacht
Gan scíth gan stad gan fuaradh
Tá an oíche ghairid shamhraidh ann
Agus beimid i gCaiseal Mumhan le fáinne geal an lae
Béarfaidh mé infhios duit ar chuanta
Agus radharc ar bhaile móra
Agus a Chriost nár róbhreá an uain i
Ar iníon an Fhaoit' ón nGleann.

Véarsa III ag Nioclás:

Dá mbeinn-se lá breá gréine
Im shuí ar bhinn an tsléibhe
An londubh is an chéirseach
As seinm as mo cheann
Ba dheas do scriobhfainn véarsa
Is b'ionadh leo mar léighfinn
I ngrádh a bheith suite taobh leat
A Iníon an Fhaoit' ón nGleann.

Véarsa 1 ag an Duanaire

Do bhí mé lá breá gréine
Im shuí ar bhinn an tsléibhe amuigh
Bhí an londubh is an chéirseach
Ag seinm as mo cheann
Is deas mar do scriobhfainn véarsa
Agus b'ionadh dóibh mar léifinn
I ngrádh a bheith sínte síos led thaobh dheas
A iníon an Fhaoit' ón nGleann

Sin uile ag an bpoinnte sin ach níos déanaí go maith sa scéal, tagann
inspioráid don Rábaire arís agus é ina aonar, éadóchasach, go gcanann
sé:

Dhéanfainn-se gach réir duit
Dá mb'éigín dom tú shaoradh
Do réidhfinn féin ó phéin tú
Dá mbéidir, a rúin
Dhéanfainn caradas gach naon duit
Is bhéarfainn duit gach gréithir
D'fhoinn a bheith sínte taobh leat
Iníon an Fhaoit' ón nGleann.

Níl aon véarsa sa Duanaire ag comhfhireagaírt dó seo agus arís tátar sásta glacadh leis gur le Nioclás féin é. Nach breis ag aon údar úrscéil é gur féidir leis amhrán a chumadh mar mhaise ar an scéal féin? Ní fhágann sé na hamhráin ag na fir i gcónai ach an oiread. Tá an 'dán' ag Neans chomh maith. Amhrán cheithre véarsa ar fad é agus cé gur sampla é ó thaobh ábhair agus stíle de, le móran den athrá ann, tá sé taithneamhach tarraigteach agus d'fhoghlaimeodh duine é i nganfhiú dó féin.¹

Seo dar liom, an véarsa is fearr as -

Mo ghrá-sa, mo rún thú, mo shairfear mo shúil thú
Mo mháim 'gus mo mhuir thú; mo lá agus mo rae;
Mo ghá agus mo lón thú; mo pháirt is mo chuid thú
Is is tláthlag mo shiúl-sa má fhágfair mé i bpéin
Raghad ar éigin, déanfad baothbheart, má dheinfir mé thréigin
Raghad fé néal-bhrat is na spéartha ná caithfidh go bráth
Is is léanmhar 'sis déarach a chraolfar mo scéal-sa
Mura dtiocfair im chaomhnadh mo lea-lea-lea Bán'.

Bhí cáil ar Nioclás riamh don amhránaíocht a rá agus a mhúineadh, agus bhí saibhreas mór amhrán ar a thoil aige. Go deimhín dúirt sé gurbh aige féin a bhí an leagan ceart de Shliabh na mBan, a chuir Caitlín Ní Roddaí ar cheirnín sna fichidí. Ach leis an scéal seo, chruthaigh sé ní hamháin go raibh samhlaíocht aige, úrscéal a cheapadh ach go raibh an bhreis aige filíocht a cheapadh don úrscéal céanna, mar mhaisiúchán air.

Ní mór leis tréithe pearsanta na gcarachtar a iniúchadh agus a léiriú go doimhin; ná seans a thabhairt dóibh bláthú mar a deintear coitianta i genre an úrscéil sa lá inniu. Cé go gcuireann a leithéid de réalachas le húrscéalaíocht an lae ní bhraitear mar easnamh nó mar laige é ar shaothar Niocláis toisc an saghas scéil rómánsúil atá ann, agus nós na húrscéalaíochta Gaeilge ag an am.

1 Féach Duanaire Déiseach: Bundánta le Nioclás Toibín Ich 121.

Stíl éagsúil atá ag ag an údar seo. Deineann sé dearadh pictiúir, atá an-soléite, ar chineálacha áirithe daoine. An rud ar a dtugann E.M. Forster¹ "flat characters. Flat characters are types, sometimes characatures. They are not changed by circumstance" (ach cabhraíonn siad féin le hathrú a thabhairt i gcrích nuair is gá). Duine den tsaghas seo a bhí sa tseanbhean siúil ar bhual an Rábaire léi ar an mbóthar nuair a bhí sé ocrach tuirseach. Ní miste leis an Rábaire seasamh agus labhairt le bean a bhfuil cuma na hainmíse agus an bhochtanais uirthi. Ní hionann agus dreamanna meánaicmeach an lae inniu ná tabharfadhbheith istigh do lucht siúil ag bun an bhaile, ná áit dóibh le huisce a tharraingt, ná béile a réiteach.

Roinn sí a raibh aici leis an Rábaire idir bhia agus comhairle agus thug dóchas éigin dó leanacht ar a bhóthar. Seo an saghas í "Bhí na súile an-ghéar innti; na blianta le feiscint ar a haghaidh ag riceanna agus garbhchneas. Dá ngáirfeadh sí, ní bheadh fhios agat cioca ag gol nó ag gáire bheadh sí.... Bhí critheán ina lámha agus gach aon fhonn uirthi bheith ag caint léi féin"².

Roghnaíonn Nioclás an tseanbhean seo chun tagairt clasaiceach a thabhairt. Tionchar an bhéiloidís gan amhras is bun lena leithéid a bheith ag Nioclás: mar shampla "Níl i saol an duine ach snáth" arsan seánbhean "duine á choiméad, duine á tharraingt agus an triú duine réidh chun é a ghearradh pé uair is maith leis". Seo tagairt do Fates na Laidne a raibh cur amach orthu ag scoláirí scairte na tíre seo le cianta.³

1 Forster, E.M. Aspects of the Novel Ich 48.

2 Rábaire Bán Ich 66.

3 Stanford, W.B. Ireland and the Classical Tradition Ich 25.

Má táimid sásta gur chum Nioclás an t-úrscéal seo as a shamhláiocht féin agus go bhfuil eilimintí béaloidesúla sa phlota, sa stil agus sa charachtarú, ar shásraighe an t-úrscéal seo an aidhm eile ag Nioclás? Sé sin bhfuil sé oiriúnach mar ghléas múinte? Dúirt sé nár úsáid sé cruafhocail ionas go dtuigfi an foclóir ag an bhfoghlaimeoir. Níl aon téama ná gnó gáirsíúil ná gráonna aige ná aon rud a thabharfadhbh scanall do dhaoine óga. Tá pósadh rúnda ann agus leanbh a bheith ag teacht ach nach raibh a leithéid ceáonna ag Annie M.P. Smithson leis na húrscéalta rómánsúla a bhí aici sa Bhéarla, agus cail agus dea-thoil gach éinne leo?

Maidir le sás múinte ní miste sampla nó dhó a léiríonn go raibh Nioclás ag smaoineamh ar shaibriú na teanga agus leathanú foclóra don bhfoghlaimeoir. Nilim ag trácht ar na blúiríocha beaga staire logánta a thugann sé ná ar an saghas ceacht tireolaiochta atá le fáil go minic ach a leithéid seo mar shampla -

"Ar mhiste a fhiafraí diot cad é eolas agus gnó mairnéalaigh"
arsa Seán le captaen loinge lá -

"Gheobhfá ramhán a dhéanamh de mar seo"
a fuair sé mar fhreagra:

"Fios ainm gach earrai ó cheann loinge go chéile
Fios ainm gach snaidhme a cur is a réiteach
Dul i gcrann loinge nuair is truime bheadh gaoth ann
Faire ar an stuimne nuair bheadh coinne le baol ann".¹

Tá an fharraige, iascaireacht agus cultúr na farraige go doimhin sa bhfuil ag an údar. Chifeart é seo go háirithe in Oiche ar Bharr Tuinne. Ach sa scéal seo tugann an chaint idir an Rábaire agus an Captaen

1 Rábaire Bán Ich 136

seans don údar saghasanna éisc a áiřeamh. Luíonn an chaínt ar fad isteach le dul an scéil ach ag ag am gcéanna tá sí díreach ceart le haghaidh ceacht ar iascairí nó iascaireacht.

"Cuir i gcás, dá mbeifeá ag trálaeracht, dé saghas éisc a bheitheá a mharú?

"Is dócha gurb é sin slí is fearr chun cur chucu. Bheadh an leathóig breac agus an ráidéar agat, an sól, an trubart, an daba, an ruithe, an dráthar, an chuach agus mar sin de".

"Dé saghas é an daba?". "Leathóga beaga-mioniasc".

"Agus an raidéir?" "Leathóig fioruisce".

"Dá mbeifeá ag líontóireacht dé saghas a mharófaí?".

"Is mó saghas sin. Leis an mogal beag, mharófa an scadán, an spéillséir, an macrael, an faoitín agus mion-éisc eile. Leis an mogal móir, mharófa an colamór, an chadóig, an phológ agus sceoid an bhairs, an t-imlead agus an bradán féin agus gan aon dearmad ar an madra, an madra garbh an mhuc mara agus an tuinín".¹

Leanann air ag caint ar an dorú ar phortáin, breac gliomaigh 7rl. Tugann sé ceacht fiú ar conas an compás a chomhaireamh i nGaeilge. Is féidir leis cur sios a thabhairt ar dhreach tire agus é ag maiomh as a cheantar dúchais le scéilín leathbhéaloidis leathstairiúil, m.sh.

"Cad is ainm don sliabh ard sin thall"

a cheistíonn an cuairteoir Neans dá gaol Gobnait Nic Gearailt. Léiríonn an freagra líteartha an tuiscint doimhin a bhí ag an údar don nádúr agus don fhéiniúlacht a thuig sé mar Ghael -

"Sin é Cruachán ...mar is cosúil é le fathach i gceart-lár slua, nó le fear móir ceannasach i bhfeidhl a mhuintíre. Tá gach sliabh agus cnoc eile ag umhalú dó agus ag féachaint in airde air agus é sin ag féachaint anuas orthu, dá n-aire agus dá dtreorú".²

1 Rábaire Bán Ich 136-140

2 Rábaire Bán Ich 18.

I dtaca leis an úrscéal mar aonad tá go leor sa phlota chun an léitheoir a choiméad ar bis. An bhfaighidh Neans lámh an Rábaire? Cad a tharlóidh nuair atá siad pósta? An dtiocfaidh an Barrach lena bhillí agus muintir Faoite a chur amach taobh bóthair? Ní miste a rá go dtéann cursaí beagán ó smacht ag an údar ar uairibh. Is ar éigin ná fuil dearmad déanta againn ar na príomhcharactair nuair a thagann réiteach ar deireadh. Ní mórán ban a bheadh sásta leis an míniú a thug athair Neans dá bheanchéile, ar a thost agus a thurasanna le tamall de bhlianta.

Ach gan an léirmheas ar fad a fhágaint fum féin fágfaidh mé an focal scoir ag criticeoir a chomhaimsire, Micheál Mac Craith. Seo sampla den méid a scriobhsé ~~nuair~~ fhoilsíodh Rábaire Bán in 1928. Deir sé ar dtús nach bhfuil sé tugtha don fhinnscéalaithe "Cailliúint aimsire dá lucht léite agus dá lucht soláthartha" ach admhaionn sé gur tháinig athrú meona air ag léamh scéal an Rábaire. "Ba ghearr an mhoill ar bhriathra bhláithe briocht-shnoite an údair, mo leath-chlaon a shárú agus d'iombádh óir bhí de dhraoi-neart ins an "tsnáithe" úd mise do tharraingt go for-eigineach, chomh dlúth san ar lorg an Rábaire agus Neans san uile chor dár chuireadar diobh nár fhéadas an leabhar do leagaint uaim gur chuir mé deireadh leis". Molann sé an leabhar ó thaobh Gaeilge, ó thaobh scéalaithe, agus ó thaobh "sár-litriochta". Cáineann sé an easpa réalachais sa phósadh. "Ar m'fhalraig gur bhain cursaí an phósta úd gáire maith asam. Faoi mar bhí an d lí eaglasta san am is dócha go raibh bail air, gur snaidhmeadh an ceangal idir an mbeirt agus go ndeachadar grásta na sacraiminte i dtairbhe dóibh - sé sin munar fógraíodh forchonga Mhórchomhairle Threinte i Ráth Ó gCormac".¹

1 Studies Marta 1929 Ich 148-49.

An dara cáineadh aige ná seo: an ionmarca caithimh ag Nioclás i ndiaidh na seanfhocal. "B'fhearrde de chomhairle é a thuilleadh de 'chruafhocail agus de chrua-ráite' a shleamhnú isteach go gasta glic. Gan géilleadh don rud ar a dtugann sé 'bacaíocht lucht léite na Gaeilge'. Criochnaíonn sé le paidir do Dia nach den scoil sin údar an leabhair a cheapann nach dea-scéal go truaillmheoin agus nach litriocht go gáirse.

Deireann Muiris Ó Droighneáin¹ faoin Rábaire Bán "úrscéal ina gcuirtear ós ár gcomhair áilneacht na tuaithe i nDéisibh Mumhan agus saol na ndaoine ann gan a bheith róchuardaíoch agus gan breathnú ródhoimhín i gcroí na firinne".

1 Ó Droighneáin, M. Taighde i gcór Stair Litriocht na Nua Ghaeilge Ich 163.

CAIBIDIL A CEATHAIR

NA hAISTRIÚCHÁIN

As seacht leabhair is tríocha foilsithe ag Nioclás Toibín, aistriúchán is ea leabhar is fiche; nó breis agus caoga faoin gcéad dá shaothar ionlán. Is léir, mar sin gur gá féachaint ar na haistriúcháin seo aige mar ghné thábhachtach dá scribhneoireacht. Bhí a chúis féin aige leis na scéalta a roghnaigh sé: rogha ar bhonn teanga; rogha ar bhonn ábhair (stair, úrscéalta, scéalta do pháistí) agus rogha ar bhonn stíle.

Ní miste féachaint ar cheist seo aistriúchán roimh cás Niocláis a chioradh. Cé go bhfuil na mílte leabhar ar fáil a phléann an léirmheastóireacht agus teoiric agus canóin a ghabhann le ceird an léirmheastóra, tá fiongħanntanas leabhar eolaiocha a dheineann teoiric an aistriúcháin a phlé. Is aisteach seo, mar is rómhinic a bhíonn an dá ealaín ag feidhmiú as láimh a chéile. Glactar leis ag oideachasóirí na nollscoil gur gá cur amach éigin a bheith ag an duine ar na seanchlasaici leithéid Homer, Ovid, Sophocles, fiú Caeser agus scribhneoirí na nua-aoise ar nós Dostoyevsky agus Tolstoy. Bionn de dhánaiocht ionainn a rá go bhfuil Ovid rómansúil nó go raibh an-spéis ag Tolstoy i gċursai cogaidh agus náisiúnachais, má bhí. Mura bhfuil léamh na dteangacha iasachta seo againn, taimid ag brath ar dhuine amháin ar a laghad, nó uaireanta, ar bheirt eolai: aistritheoir agus léirmheastóir. Tarlaíonn sé ar uairibh go liontar an dá pháirt san ag an aon duine amháin. Tá gach moladh agus creidiúint ag dul don léirmheastóir, ach cad mar gheall ar an aistritheoir? Is sine qua non é an t-aistritheoir do léiriú ar litriocht iasachta ach is beag meas nó moladh atá á thabhairt dó ná dá shaothar.

An gnáth-thuairim a noctar ag na heolaithe faoin aistriúchán líteartha ná gur rud éigin athlámhach é, nach bhféadfadh riamh teacht i ngar don bhunleagan, gan fiúntas líteartha ar bith agus nach gá dul níos faide leis mar scéal. Is mó duine nach mbeadh tuiscint dá laghad acu don Rubiyat de Omar Khayyam, murach Fitzgerald. Aistriúchán is ea

The Moving Finger writes and having writ
Moves on. Nor all your piety nor wit
Can lure it back to cancel half a line
Nor all your tears wash out a word of it

Ní fios conas atá an bunleagan sa Pheirseas. Is fios go bhfuil an t-aistriúchán sín taistneamhach, fileata, agus go n-éillionn sé meas an léitheora ó thosach deireadh. Ceist eile ar fad is ea an dtugann sé leis an chiall, an dearcadh agus an smaoineamh a bhí ag an bPeirseach.

Conas, mar sín a leagtar síos na teoiricí don aistriúchán agus don aistritheoir? Cén gnó atá ag aistriúchán? An féidir cás a dhéanamh dó mar genre lítriochta neamhspleách? An ceart an córas aistriúcháin foirméálta a mhöladh agus a mhúineadh, mar a mhúintear aisteoireacht nó iriseoireacht? An ceart ligint don duine aonraic an gnó a dhéanamh ar ár son agus neamhshuim a dhéanamh dá shaothar féin? Pléimis é sínanois.

Tá leabhar úrnua in eagarr ag Theo Hermans¹ ina meintear na ceisteanna seo a phlé ar chaighdáin ard sofairsticiúil ag Eorpaigh atá ag plé le cúrsai aistriúcháin le cúig bhliain déag anuas. An aídhm atá acu go ginearálta ná staídéar a dhéanamh chun teacht ar theorric foirfe tré thaighde praiticiúil leanúnach.

Theorric an iolchórais a thugann sé ar an gcóras a fhéiceann an t-aistriúchán mar ghné amháin i measc gnéithe eile na lítriochta. In ionad a bheith ag

1 Herman, Theo The Manipulation of Literature: Studies in literary translation, 1985.

tabhairt treoracha don chéad aistriúchán eile ar thaithí obair a chuaigh roimhe, féachann an modh nua seo ar gach aistriúchán ann féin agus deireann iarracht ar é a mheas ar na gnéithe a thugann saindhealramh don scéal. I bhfocla eile, molann an dream seo iniúchadh a dhéanamh ar theoiric an aistriúcháin ón aistriúchán féin.

Maidir le cúis an Aistriúcháin, deireann Ria Vanderauwera "They (translations) are made and commissioned to fulfil a particular purpose. that of making known a foreign literature to an audience which has no access to it, otherwise".¹ Nuair a thógann an t-aistrítheoir an gnó seo idir lámha, tarlaíonn rudai suimiúla don litriocht sprice. Ní féidir coincheap, atá gallda ar fad, a chur trasna sa dara teanga - caithfear láimhseáil áirithe a dhéanamh air nó braithfidh an léitheoir easpa éigin. Ní bheidh an léitheoir ar a chomhord leis an aistriúchán agus teipfidh ar an aistriúchán mar shaothar eacnamúil agus mar shaothar líteartha.

Bhíodh, agus tá fós, sean-aighneas idir dhá chineál an aistriúcháin - nó idir lucht leanúna an dá chineál a ba cheart dom a rá - se sín an cíneal foirmiúil agus an cíneal fuinniúil nó dínimiciúil. Is ionann an cíneal foirmiúil agus an t-aistriúchán a luionn go beacht le míniú lom, mar a thuigtear don aistrítheoir é. Is ionann an cíneal fuinniúil agus aistriúchán a, chuireann crot litriochta na dara teanga ar an leagan. Níl ansan ach an bunstratum. Mar shampla, is lú go mór an "cur isteach" atá ag an aistrítheoir san aistriúchán foirméálta. Ní thagann sé idir an téacs bunaigh agus an aistriúchán. Tá staidear déanta ag Maria Tymoczko ar an gceist seo.² Dar leí go bhfuil an-tábhacht ag cursaí gramadaí leis an aistriúchán, agus go bhfuil gá le hainnílis chruinn a dhéanamh ar an dá theanga chun an fógra a thabhairt trasna go tarraingteach agus go gairmiúil.

1 Vanderauwera, R. "The response to translated literature" in Hermans, T. Op.cit. Ich 198

2 Tymoczko, Maria "How distinct are formal and dynamic equivalence" in Hermans, T. Op.cit. Ich 63

Mar léiriú ar na deacrachtaí a ghabhann le teangacha áirithe a aistriú i ná chéile, tógaann María Tymoczko Sean-Ghaeilge agus Béarla. Cé gur teangacha Ind-Eorpacha iad araon, tá difriocht bhunúsach eatarthu maidir le húsáid an ailt agus an bhrí is féidir a fháil nuair atá an t-aínmfhocal cinnite, éiginnte, uillioch nó sainiúil.

Nuair a thagann duine nō rud i gceist don chéad uair i scéal sa Bhéarla, ní úsáidtear an t-alt - tá sé éiginnte. "There was a man walking in the jungle... Suddenly he met a lion". Ansan nuair atá aithne agaínn ar na carachtéirí tógtar isteach an t-alt, "He knew the lion would be on him in a minute".¹ Samplaí an dá abairt seo ó bhéaloideas Shasana a bailiódh le linn obair pháirce.

Ach a mhalaírt ar fad atá le fáil sa tSean-Ghaeilge.

Co n-accae in fer ocund fulucht i mmedon ind
feda indala lám dó cona gaisciud indi
ind láim aile oc fuiniu in tuirrc²

Féach cad a tharlaíonn mura n-úsáidtear ach an foclóir agus brí ghlan na bhfocal sa Bhéarla

So he saw the man at the cooking-pot in middle
of the wood, one of two hands to him with
his weapons in it, the other hand at cooking
the boar³

Do léitheoir an Bhéarla, ciallaíonn the man, the fire, the boar, (ainmfhocal cinnite leis an alt) go' rabhadar seo sa scéal roimhe, rud nach fíor. Fágann seo an léitheoir ar strae, beagán - eolas éigin in easnamh aír, nō poinntí áirithe dearmadta aige. Is féidir scéim mhatamaíticiúil a leagadh amach leis an poinnte seo a léiriú ach is leor a rá anseo, go

1 ibid, Ich 64

2 Strachan, J. Stories from the Táin, Ich 10

3 Is le María Tymoczko an leagan Béarla i gcónaí.

gcruthaionn an diospóireacht an bhuntáiste atá le bunchíall na chéad teanga a thiontó go bunchíall na dara teanga. Molann Tymoczko dul thar "the tyranny of words" agus fós a bheith in ann cloí leis an téacs tré luí ar bhunloighic an scéil.

Feictear go bhfuil deacrachartaí áirithe san sampla próis sín thuas. Is casta fós an scéal nuair is filíocht atá i gceist. Filíocht na mBard sa tSean-Ghaeilge a úsáideann sí an babhta seo

'Gairid coí chruaid dén
"Is fo-chen sam sáir"
Suidigthir sine serb
Imme cherb caill cráib'¹

Is féidir Béarla na bhfocal a chur air mar seo a leanas -

'Hardy firm cuckoo calls
"Welcome noble summer"
Harshness of storm is settled
Which hacked the branchy wood.'

Béarla atá ansan gan dabht, agus fós ní bréag é ar an mbunteanga. Ach cad mar gheall ar ábhar na Sean-Ghaeilge. Níl an loighic chomh soiléir sa chás seo. Déarfadh aistrítheoirí áirithe gur círe leagan Béarla mar seo a bheith leis -

"A Hardy firm cuckoo calls
Welcome noble summer"

An raibh file ná Sean-Ghaeilge ag rá go bhfógraíonn gach cuach teacht an tSamhraídh an sainchás áirithe é seo, nó an cuach uílích le comhthéacs domhanda atá agaínn? Is cuma don téis seo cén leagan atá ceart, cén leagan atá mícheart, má tá. An poinnte ná seo - go gcaithfimíod beart a dhéanamh de réir loighic na Gaeilge. Níl an loighic le feiscint láithreach, Ní foláir dul taobh amuigh den abaírt féin.

¹ Carney, J. Three Old Irish accentual poems in Ériu 22, 1911 Ich 41.

An sampla déanach don turas seo, agus an sampla is fearr a chabhróidh linn dul i ngleic leis an rud seo leibhéal an aistriúcháin - Am gaeth i mmuir ón Leabhar Gabhála.¹

"Am gaeth i mmuir
Am tond trethan
Am fuaimmara
Am dam secht ndirend...."

Liodán fada fileata ag draoi ag seasamh dó don chéad uair ar thalamh na hÉireann, de réir an tseanchais. Cad dó a bhfuil na meafair sa dán seo ag tagaírt? Ar leibhéal amháin, sé an nádúr atá fé chaibidil ainmhíthe, plandaí áirithe, fiú áit áirithe éigín, má chuirtear san áireamh gur ainmfocal éiginnte atá luaite gach uair. An cur síos uilíoch nó cur síos láithreach atá anseo? Tá sé suimiúil a fheiscint gur glacadh gach saghas féidíreachta ag aistrítheoirí an Bhéarla i rith na mblíanta. Macalister féin, bhí dearcadh amháin aige i 1916:

"I am a wind of the sea
I am a wave of the ocean
I am the roar of the sea
I am the strength of art"²

Nuaир a thóg sé faoin dán arís tar éis daichead bliain bhí athrach meona tagtha chuite ó thaobh uilíochas agus sainiúlachta de

"I am wind on sea
I am ocean-wave
I am roar of sea
I am a work of skill".³

Ag caint dó ar fhiliocht nadúr na Gaeilge, dúirt Kuno Meyer "To seek out and watch and love nature in its tiniest phenomenon, as in its grandest, was given to no people so early and so fully as to the Celt".⁴

1 Macalister,R.A.S., MacNéill,E. (eds.) Leabhar Gabhála.

2 Macalister,R.A.S., MacNéill,E. (eds.) Leabhar Gabhála The Book of Conquests of Ireland,1916.

3 Macalister,R.A.S. Irish Texts Society V.5 Ich 111-13

4 Meyer, K Selections from Early Irish Poetry. Introduction Ich 9

Gan dul ró-fhada leis mar scéal, taispeánann na heis omláiri thusas an saothar a bhaíneann le haistriúchán ó theanga go chéile. Má tá loighic an údair, chomh maith le brí na bhfocal le tabhaírt abhaile slán go dtí foirmle agus lítriocht na dara teanga, ní foláir féachaint ar gach iarracht ó thosach deireadh mar aonad, agus gan é a mheas nó é a cháineadh i bhfianaise shaothar daoine nó teoirici eile nó tuairimiocht réamhcheaptha.

Ar an dtaoibh eile den scéal tá daoine a cheapann go bhfuil *gnó* áirithe ag an aistritheoir agus go bhfuil cúraími áirithe agus freaghracht chinnte air dá bharr. Ag scriobh dó ar an ábhar seo, bhí ceithre *chineál* ag J. Casagrande don aistritheoir:¹

1. Teachtaireacht a thiontó le béim an chruinnis ar an eolas m.sh. treoracha a thiocfadh le hínneall níocháin.
2. Aistriúchán fileata - eisteidiúil, ina bhfuil tionchar, mothúchán agus aídhm na bunteanga, chomh maith le fógra nó eolas.
3. Aistriúchán a bhaíneann le cultúr cíne agus an comhthéacs ina n-úsáidtear focaíl nó frásai áirithe. Mar shampla den chinéal seo, luann sé béalgar an Chine Gorm i Meiriceá.
4. Aistriúchán teangeolaiochta a bhaíneann le gramadach na dara teanga.

Dar le Casagrande go mbíonn níos mó ná *cineál* amháin acu seo thusas ag roinnt le phíosa aistriúcháin, má tá lítriocht i gceist, seachas fógra ar bhosca. Is féidir caighdéan an aistriúcháin a mheas fé na cinnfeidil sín, ag brath ar an bhéim a theastaíonn ón aistritheoir a chur ar an saothar ar fad nó ar phíosa áirithe de.

◦

1 Casagrande, J. "The ends of translation" in International Journal of American Linguistics 1954 V.20 lgh 335-40.

Tá tábhacht ag an aistriúchán do chúrsaí domhanda, deireann Lila Ray -

That translation has another role to play (seachas teanga a fhoghlaím) a role of major importance, is not widely enough realized. Translations can be made from all languages can make our world heritage accessible to an increasing extent and it is the only activity which can. The translator alone is able to overcome language barriers. Translation....is concerned with the entire range of human experience.¹

Tá poinnte eile ag Ray atá an-suimiúil ach nach féidir a chioradh sa chás seo. Tá téis aici faoi úsáid na gconsan agus úsáid na ngutai i ngach teanga. Dar leis go bhfuil ceangal idir úsáid na gconsan chun gluaiseachtaí nó, comharthaí a léiriú agus fós ceangal idir úsáid na ngutai chun mothúcháin nó braistintí a léiriú.

Ag féachaint ar ghnó an aistriúcháin faoi analís, is cosúla le heolaíocht é ná le scil éigin. Bionn patrún focal, frásai, abairtí agus ansan brí ag baint leis an aistriúchán. Ar bhealach bionn cuid mhór den obair chéanna le déanamh ag an aistrítheoir is a bhí le déanamh ag an údar ar dtús an t-ábhar a láimhseáil agus a chur i riocht agus i bhfoirm don chomhluadar arbh dóibh é. Mar bharr ar na comharthaí soirt seo go léir, is minic go mbionn gá ag an aistrítheoir leis an imfhiú chun crot agus crioch a chur ar an saothar.

Tá sé in amanois filleadh ar Nioclás Toibín agus ar na haistriúcháin aige. Béarla ar an gcuid is mó a bhí sna scéalta a thiontaigh Nioclás. Ba chuma faoi chúrsaí teanga mar dob é an bunábhar a bhí tábhachtach do Nioclás. Tá éagsúlacht le fáil sna haistriúcháin aige, go háirithe ó stair

1 Ray, Lila "Multi-dimension translation Poetry in translation," in Hermans, I op. cit. Ich 264

na hÉireann mar shampla Fir Taistil (1935), Deoráí Gael (1937) - an scéal cáiliúil ag Myles Byrne faoi Éiri Amach 1798 agus Do Theacht na Normannach (1955). Tá samplái ann den iarracht aige eolas ginearálta a chur ar fáil do dhaóine óga. Sár-eachtraí na gGuardóirí Móra (1936) nó Saoi Leanai thar Lear (1947). Roghnaigh sé leis, samplái de "chlasaircigh na scéalaíochta" mar atá An Scotch Dubh (1944), Cú na mBaskerville (1934) Uilliam Ropaire (1951), Mon oncle et mon curé (1955). An dá scéal a bheidh faoi chaibidil anseo ná scéal ag scéalaí cáiliúil francach - Alphonse Daudet La Belle Nivernaise agus scéal Béarla ag Meirceánach Louisa M. Alcott Little Women. Tosóimid leis an scéal ón bhFraincis La Belle Nivernaise.

Chéad - scriobhadh an scéal seo ag Alphonse Daudet sa bhliain 1881. Scriobhneoir francach é Daudet a rugadh sa bhliain 1840 i ndeisceart na Fraínce agus a bhí beo bocht le linn a óige. "He is remembered chiefly for the humour and sentiment with which he portrayed the life and characters of Southern France".¹ Bhí tuiscint mhaithe aige do na bochtáin, an chosmuintir agus an dream iméallach. Ba mhíníci a roghnaigh sé téip mar théama ná bua, ba mhó aige na daoine a dtéann cúrsai sa mhuiileann orthu, seachas iadsan a n-éiríonn go geal leo.

Is fiú, is dóigh liom ag an bpointe seo, cnámha scéal an Belle Nivernaise a thabhairt.

Bádóir é Francois Louveau, a thuilleann a bheatha tré last adhmaid a thabhairt ar an mbád leis ón gceantar foraoise mar a ghearrtar é, amach ar na canálacha agus é a dhiol ag ceann scribe, Nívers. An bád atá aige, an Belle Nivernaise, a thugann ainm don scéal, 'sí leis a thugann beatha agus baile don teaghlaich. Ar an mbád leis tá a bhean agus a pháiste agus fear cúnta, an criú. Oíche go raibh Louveau ag teacht abhaile déanach -

1 ~ Encyclopædia Britannica 15ú eag. 1978 iml III, Ich

é isona sásta leis féin - bhí margadh maith déanta aige a chuid adhmaid a dhíol, agus braon faoin bhfiacal aige leis, tháinig sé ar dhream daoine agus dílleachtaí bocht óg ina lár, agus é ag béicigh dá mháthair. Bhí máthair aige, ach fágadh ina ndiaidh é ag tuismitheoirí bochta an mhaidín sin agus iad ag teicheadh ón bhfeair ciosa, Nach minic a tharla! Agus an garda ar tí an leanbh a thabhairt go dtí an stáisiún, dúirt Louveau go dtógfadh sé féin an leanbh agus is mar sin a fuair sé Totor le huchtáil agus a thabhairt abhaile. Ní ró-fháilteach a bhí an bhean ar dtús- bhíodar bocht go leor gan dílleachtaí a thabhairt isteach. Chaithfi é a thógaínt thar nais. Ach thóg sé trí lá chun an bád a fholmhú agus i rith an ama sin, ghnóthaigh Totor cion agus seasamh dó féin leis an teaghlaich, le Clara, an caillín óg, sa tstí nach bhféadfaidís scarúint leis. Thug Bean Louveau cairde dó, ach bhagair sí go dtógfadh féin ar ais é má thosaigh Louveau ar an ól arís, nó má bhí Clara dána.

Ach anois bhí sé tagtha. D'fhás sé i dteannta na bpáistí eile - chuaigh sé ar scoil le Clara agus bhí cliste diograiseach. Théadh seisean agus Clara tríd na coillte ag filleadh dóibh ón scoil agus is minic a théidís ag caínt le M. Maugendre, feidhlí adhmaid. Bhí a bhean agus a chlann caillte ag Maugendre agus é ina chónaí go haonarach, uaigneach. Bhí sé ceanúil go maith ar Victor. D'iarr sé ar Louveau Victor (Totor) a thabhairt uaidh agus go dtógfai go maith é le hoideachas Choláiste Foraoise agus go mbeadh sé mar mhac ag Maugendre. Ach dá chostaisí a bhí sé ar Mhuintir Louveau Victor a bheathú ba mhó fós an grá a bhí acu dó agus chinneadar ar é a choiméad.

Tharla oíche gur éirigh stoirm. Chaithseadar an lá ag folmhú an bháid: gach duine ag obair go dtí a haondéag san oíche chun an last a chur ar na céanna. Bhí gach bád ag an cé á luascadh agus á bhriseadh ag an taoide. Ní raibh codladh na hoíche acu. D'ériodar go luath, féachaint cén domáiste

a deineadh. Bhíodar ag seasamh ar an gcé nuair a dhein an tuairt an Belle Nivernaise a chur dá ceangal agus shleamhnaigh sí amach ón gcé leis na páistí fós ar bord. Bhí gach duine greamaithe den talamh le heagla. Victor a chaith é féin sa bhád, Victor a thóg air féin ordaithe a thabhairt agus an bád a stiúriú ionas do dtángadar ar deireadh slán sabhálta. Nach buioch a bhíodar de Victor!

Tamall ina dhiaidh sin, fuair Louveau amach nár bhíad na daoine a d'fhág Victor sa tsráid, a mhuintir féin, ach gur goideadh é. Chuir an t-eolas seo olc ar Louveau, gur éirigh sé teasai le gach duine, go háirithe, le Maugendre, a sheanchara. Dúirt Maugendre nach bhféadfadh sé an saol aonarach a sheasamh a thuilleadh - bhí faoi dul go dtí an baile. Leis sin, chuaigh Louveau ag caint leis an sagart agus mhínigh dó go dtuigeann sé gur mac le Maugendre é Victor. Tugadh Victor do Maugendre agus le móráthas, chuir sé ar scoil é go dtí an Coláiste Foraoise. Ach bhí croí Victor sa bhád le Muintir Louveau agus níor éirigh go maith leis sa scoil. Mhéadaigh na litreacha ó Clara ar a uaigneas. Litir uaithe a dúirt go raibh an bád le diol, a chuir an barr donaís ar chúrsaí gur thír sé breoite le fiabhras. Le heagla go gcaillfí an lead den bhfiabhras, gheall Maugendre do Victor go raghadh sé ar ais chuig Louveau. Nuair a tháinig a chiall chuige, bhí Clara agus muintir Louveau ag seasamh thart ar an leaba ag Victor. Bhí Maugendre tar éis teacht i gcabhair orthu, thug fothain dóibh ina theach féin; fuair post do Louveau mar Mháistir ar La Nouvelle Nivernaise agus ar ndóigh, phós Clara Victor.

Tá stil Daudet briomhar, beo, fiú aerach. Is fearr a thugann sé cur síos le pictiúrí atá lán le hathú in áit miontuairisci doimhne. Sampla sármhaith é de dhuine a raibh scil agus cleachtadh scríbhneora fásta aige, á chur

féin agus a scéal in oíriúint do scéalaiocht don óige. Sín dhá chúis agaínn láithreach go mbeadh Nioclás Toibín tógtha leis mar scéalaí. Bhí sé féin níos cleachtaithe ar chur sios ná ar anaílis charachtéirí. Scéal a bhí uaidh a thógfadh an t-aos óg leo, ach go háirithe agus tá san le fáil in Daudet. Tá an téacs féin simplí, so-léite. Thairis sin, aithnítear an cíneal daoine atá ann láithreach: daoine tuaithe a thuilleann a mbeatha ag obair go dian agus a bhaíneann pléisiúr agus sásamh as an saol simplí a chaitear ar chanálacha na Fraínce, ag iompar agus ag diol adhmaid. Sín mar a bhíodh ag deireadh na haoise seo carte. Sín mar a bhíodh ag lucht na tuaithe in Éirinn, leis. Dob fhuirist féin-aitheantas á dhéanamh ag an léitheoir ar shaol na gcanálacha. Bhíodh na canálacha in Éirinn beo le trácht agus le trádáil go dtí ~~tús~~¹ na haoise seo.

B'fhéidir gur ceart anois an téacs ag Daudet agus an téacs ag an Tóibíneach a chur taobh le taobh. Ní miste a rá go bhfanann Nioclás dílis don scéal tríd sios agus nach n-athraíonn sé ord na n-eachtraí ná cl aerach na gcarachtar. Tré dhíriú ar chúpla pointe, chífimíd conas d'éirigh le Nioclás mar aistrítheoir, eispéaras an údair a thabhairt leis. Ba leis an údar an struchtúr bunaigh. Is don aistrítheoir comhionannas an struchtúir sin, a fháil sa dara teanga. Tarlaíonn gur féidir an Fhraíncis a chur ag luí ar chomhréir na Gaeilge, go sásúil. Is cinné gur chabhraigh an méid sin le Nioclás.

Féach seo mar shampla d'atmaisféar á dhéanamh, le fuaim seachas le bri na bhfocal

Il y eut en silence¹
La menagère mettait le couvert brutalement
Heurtant les verres, jetant les fourchettes .
Bhí sé ina chíúnas²
Leag bean a'tí an bord agus í is na craobhachaibh
Gloiní á gclagadh, forceanna á sluaisteáil timpeall' .

1 BN Ich 17

2 BNG Ich 17

Baineann Nioclás feidhm as fhaoi chéasta na Gaeilge áit a bhfuil an fhaoi ghníomhach ag Daudet, ionas go mbeidh béim láidir chun tosaigh. Lagófai an fhuaim, agus uaidh san an t-atmaisféar, dá mbeadh bean a' tí, "ag clagadh na gloiní, ag sluaisteáil na bhforceanna." Maidir le comhdhéanamh na habairte, tá an abaírt fraincise roinnte i dtrí coda: mettaít le couvert; heurtant les verres, jetant les fourchettes". Sa leagan Gaeilge, d'éirigh le Nioclás an frása céanna a leanacht. leag sí an bord, bhuaíl sí na gloiní, chaith sí na forceanna. Bionn meas i gcónaí ar an gcóngar cainte.

Tá ciall áirithe sa chomhthéacs ag an trí focail "brutalement", "heurtant" agus "jetant". Má smaoinimíodh ar an teoiric ag Ray, a luadh cheana, go n-úsáidtear na consain chun corraí agus gluaiseacht a chiallú. Seo sampla de, más fíor dó é. Tá na consain chun tosaigh sa Ghaeilge leis sna briathra, clagadh agus sluaisteáil. Fós tá na focail seo go léir ceart ó thaobh brí agus tá stíl na dara teanga nádúrtha.

Eachtra ann féin is ea an uair a thaispéanann Victor an miotal atá ann. Tá Victor anois cúig bhliain déag d'aois, fásta, téagartha, socair. Tuigeann sé cúrsái bád go maith. Tá an abhairt ataithe, chomh hard leis na céanna agus tá na báid go léir ag léimrigh cois caladh. Tá trioblóid ag Muintir Louveau leis an lasta adhmaid. Go hobann, bristear bád leo ag brú an uisce, caitear í i gcoinne an ché go ndeintear smuastar dí. Leis an ruathar a leanann an suathadh seo san uisce, scaoiltear an bád La Belle Nivernaise dá ceangail agus sleamhnaíonn sí amach ón gcé. Tá na páistí ar bord, na tuistí ar an gcé. Téann Victor ar an mbád láithreach agus glacann freagracht air féin. Tá an bád ag imeacht le sruth i dtreo Droichead Austerlitz mar a bhfuil oscailt an-chúng. Muna n-éireodh léi dul tríd!

Mais aurait-on la hauteur de passer, Mon Dieu.
Il voyait le pont se rapprocher, très vite.

"A ta gaffe, l'Equipage. Toi Clara, ne lâche pas les enfants".

Il se cramponnait au gouvernail. Il sentait déjà le vent de l'arche dans ses chevaux. On y'était. Emportée par son élan, La Belle Nivernaise disparut sous la travée avec un bruit épouvantable mais non pas si vite, que la foule, amassée sur le pont d'Austerlitz, n'aperçut le matelot à la jambe de bois manquer son coup de gaffe, et tomber à plat-ventre, tandis que l'enfant criait du gouvernail.

"Un grappin! Un grappin".

Elle était sous le pont. Dans l'ombre de l'arche, Victor distinguait nettement les énormes anneaux sallés dans l'assise de piles, les joints de la voûte au-dessus de sa tête, et dans la perspective, l'enfilade des autres ponts encadrant des pans de ciel; Puis ce fut comme un élargissement d'horizon, un éblouissement de plein air au sortir d'une cave, un bruit de hourras au-dessus de sa tête, et la vision de la cathédrale, ancrée sur le fleuve comme une frégate. Le bateau s'arrêta net.¹

'Ach Dia lem anam an mbeadh a dóthain slí aici chun dul ar aghaidh?
Bhí sé ag féachaint ar an droichead agus é ag déanamh air go ro-mhearr.

"Faigh do gha, a Chriú. Coiméad-sa greim ar na leanbhai, a Clara".

Rug sé greim daingean ar an bhfeilm. Mhothaigh sé an ghaoth ina chuid gruaige ag teacht amach ón áirse cheana féin. Bhiodar istigh ann. Ba ghairid go raibh an Belle-Nivernaise agus glór uafásach a dhéanamh aici leis an bhfuinneamh a bhí fúithe ó radharc faoin áirse, ach níor chuir an imeacht a bhí fúithi an slua a bhí bailithe ar Dhroichead Austerlitz gan mairnéalach na coise bata thabhairt faoi deara ag cailliúint a aimsiú leis an nga agus an tuitim ar a bhéal agus ar a aghaidh agus an t-ógánach ar an stiúr ag liúragh.

"Greimire. Greimire".

Bhí an Belle-Nivernaise faoin droichead. Faoi scáil na hárse, thug Victor faoi ndeara go cruinn na fáinní móra iarainn a bhí greamaithe sna cleatharaibh, na siomáí a bhí sna háirsí ós a chionn inairde agus ag imeacht uaidh, ar raon droichead eile a bhí mar phaistí ar an speír. Ansin leathnaigh ar fhíor na spéire tháinig bolgam d'aer briomhar ar a ngabháil amach dóibh as an bpoll dorcha, d'eirigh liú lúcháire ós a chionn inairde agus bhí scáil Notre Dame mar a bheadh frigeid ar ancaire, le feiscint ar an abhainn. Stad an bád d'urchar'.²

Sin eachtra iomlán chun cùrsái stíle a bhrath agus a phlé. Dúradh ag tosach go raibh stíl briomhar staccato ag Daudet. Níor lean Nioclás Toibín an modh sin i gconaí, e.g. "Il voyait le pont se rapprocher très vite".

1 BN Ich 49-50

2 BN Ich 44-45

Tá ceithre bheum nó frása san abhairt sin: voyait, pont, rapprocher agus vite. Cuireann luas na bhfrásai seo sceitímini nó ansocracht eigin i gceíill, díreach mar a theastaigh ón údar. Dá raghadh an bád i bhfastó sa droichead agus é ag gluaiseacht nő-mhear, bheadh deireadh le Victor, bád agus leis na páistí. Féach anseo an abairt atá ag freagairt dó san sa Ghaeilge ag Nioclás:

"Bhí sé ag féachaint ar an droichead agus é ag déanamh air ró-mhear".

Tá dhá bhriseadh san abairt seo, ag droichead agus ag mear. Bhí ar a chumas ag Nioclás 'd'fhéach sé' a úsáid, a chuirfeadh an gheit san abairt. Ina ionad san, cloíonn leis an aimsir céanna gramadaí, an aimsir ghnáth-chaite mar a bhí ag an údar. Agus fós tá gach drámatúlacht is gá san ráiteas lom cothrom. Eiríonn leis gach clásál a aistriú san ord cheart ón mbun-saothar. Nuair a ghlaough an fear óg Victor amach 'un grappin, un grappin', bhí ar chumas Niocláis focal le ciall, le faid agus le fuaim díreach ceart d'fháil - 'greimire'.

Nuair atá an dalta Maugendre (Victor) i mbaol a bháis le fiabhras agus an t-athair bocht trínachéile leis an mbrú a chuir sé ar an lead, tá séimhe agus brón le léamh sá scéal:

"Et le charpentier se pencha sur le lit de Victor.
C'est fini. Le vieil arbre est fendu jusqu'à l'aubier.
Le cœur de Maugendre est devenu tendre.
'Je te laisserai partir, mon gas. Tu retourneas avec eux, tu retourneras navigueras encore. Et ce sera trop bon pour moi de te voir quelquefois en passant".

"Agus chrom an siúinéir ós cionn leaba Victor.
Bhí an scéal pléite. Bhí an sean-chrann snoite go dtí an súlach. Bhí an laige tar éis teacht i gcroí Maugendre.
"Scaoilfead-sa leat, a bhuaachaill; Gheobhair dul thar nais chucu, beir id mhairnéalach arís. Agus déanfaidh sé níos mó ná maitheas dom-sa tú a fheiscint uaireanta ag gabháil thart."²

1 BN Ich 78

2 BNG Ich 67

Tá meafar ansan ag Daudet atá oiriúnach do cheird an tsíúinéara - ceird Maugendre - faoin chrann a bheith gearrtha siar go dtí an smior nó an sú. Féach gur éirigh le Nioclás an smaoineamh a thiontó agus mar bharr, ar bhealach liteartha, le comhfhuaim "seanchrann....snoitesúlach".

Sa bhFraincis arís, tá foirm cheana "mon gas" ag Daudet. Tá an t-athair ag féachaint ar a mhac sínte, gar don bhás. Usáideann Nioclás "a bhuaachaill" don leagan Ghaeilge agus tá sé séimh ann. Tá úsáid an fhocail "Gheobhair" san abairt "Gheobhair dul ar ais ..." beagán cosúil le suantraí linbh.

Tá sé níos deacra b'fhéidir, tiantó maith a dhéanamh le miontuairisci eolais a thabhairt ar eachtra a tharla, ná ar ghnáth-chur síos. Seo scéal a bheatha á mhíniú ag Maugendre do Louveau agus an mífhortúin a bhain dó.

Je n'ai jamais été un méchant homme, Francois. Mais j'avais un vice.

Toi?

Je l'ai encore. J'aime la denrée par-dessus tout. C'est ce qui a causé mes malheurs

Comment ca, mon pauvre Maugendre?

Je vais te le dire. Sitot marié quand nous avons eu notre enfant, l'idée m'est venue d'envoyer ma femme à Paris, chercher une place de nourrice. Ca rapporte gros, quand le mari a de l'ordre et qu'il sait conduire sa maison tout seul.

Ma femme ne voulait pas se séparer de son moutard. Elle me disait: 'Mais mon homme nous gagnons asse d'argent comme ça.'

Le reste serait le l'argent maudit. Il ne nous profiterait pas. Laisse ces ressources-la aux pauvres ménages déjà chargés d'enfants et épargne-moi le chagrin de vous quitter. Je n'ai rien voulu écouter, Louveau et je l'ai forcée à partir. Eh bien, quand ma femme a eu trouvé une place, elle a donné son enfant à une vieille pour le ramener au pays. Elle les a accompagnés au Chemin de fer. Depuis on n'en a plus jamais entendu parler'.

'Et ta femme, mon pauvre Maugendre?'

Quand on lui a appris la nouvelle, elle est tombée gravement malade. Elle est morte'.

Ils se turent tous deux, Louveau ému de ce qu'il venait d'entendre, Maughendre accablé par ses souvenirs.¹

1 BN Ich 40

'Ní rabhas ríamh im dhroch-dhuine, a Francois'. Ach bhí aon droch-bhith amháin orm.

Ort-sa?

Tá sé fós orm. Dheineas mo scáth agus mo Dhia de airgead.

Sín is ciontach le mé bheith ar an an-aírd mar atáim.

Conas san, Maugendre bocht?

Táim chun a insint duit. Tar éis ár bpósta, an túisce a rugadh an chéad leanbh a bhí againn, chuir rud éigin im cheann-sa mo bhean a chur go Paras ar lorg a bheith ina banaltra ann. Bíonn teacht isteach maith as sín nuair a bhíonn an fear stuama agus go mbíonn sé iníúl ar thíos a dhéanamh é féin. Ba leasc lem mhnaoi scarúint lena' leanbh. Arsa sí liom "Ach a ghrá ghil, ná fuillimid ag déanamh ár ndóthain airgead mar atá againn. Ní bheadh an rath ar an mbreis tuillimh dá mbeadh sé againn. Bheadh sluamhallacht air. Fág na seifteanna sin faoin mhuintir bhocht a bhfuil a ndóthain agus fuíollach leanbh cheana féin acu, agus ná cuir de chaitheamh orm-sa a bheith ag scarúint leat-sa.' Ní thabharfainn aon chluas dí, a Louveau, agus chuireas uirthi imeacht. Bhoil, nuair a fuair mo bhean post, thug sí a leanbh do shean-bhean chun é a bhreith léi faoin dtuaith. Chuaigh sí in éineacht leo go dtí stad na traenach. On lá sín go dtí an lá inniu, níor áriodh aon tuairisc ar an leanbh!

'Agus cad mar gheall ar do mhnaoi, Maugendre bocht?

'Nuair d'airigh sí go raibh sé caillte, tháinig sí tinn.

Tá sí tar éis bháis!'

Bhí an bheirt acu ina dtost, Louveau agus é an-chorrtha ag ar chuala sé, Maugendre agus é báite sa rud a bhí sé a thabhairt chun cuimhne.¹

Stíl inste scéil cur síos beacht, stairiúil, fiú gan mothú an scéalai a bheith le tuiscint taobh nó taobh eile, go dtí an deireadh. Seo an insint, ar fhuadach mhac Maugendre (Victor) ag an rógaire mná, nuair a théann Louveau ag lorg comhairle ar an sagart.

Mais la mère Maugendre était tombée sur une femme qu'on ne connaissait pas, une sorcière qui volait les enfants et les louait à d'autres faînaltes. Pour les trimballer dans la rue et faire pitié au monde.

'Qu'est-ce que vous me contez là, François?

La vérité toute pure, monsieur le curé. Cette coquine de femme-la a enlevé un tas d'enfants et le mioche de Maugendre avec les autres. Elle l'a gardé jusqu'à quatre ans. Elle voulait lui apprendre à mendier, mais c'était le fils d'un brave homme, si refusait de tendre la main. Alors elle l'a abandonné dans la rue, et puis deviens ce que tu peux. Mais voilà que, il y a six moins à l'hôpital, au moment de mourrir, en remords l'a prise. Je sais ce que c'est, monsieur le curé, ça fait diablement souffrir.²

1 BNG Ich 37

2 BN Ich 62.

Ach tharla gur bhuaile Bean Maugendre le bean nach raibh aon aithne ag éinne uirthi le bandraoi a bhiodh ag goid leanbh agus á dtabhairt ar páigh do dhaoine eile gan mhaitheas chun a bheith á stracadh ar fuaid na sráide, go nglacfadh an pobal trua dhóibh.

"Cad é seo atáir a insint dom, Francois?

'An fhírinne ghlan, a Athair. Rug an rógaire mná sin léi ualach leanbh agus leanbh Maugendre ina measc. Choiméad sí go raibh sé ceithre bliana d'aois. Dhein sí iarracht ar a mhúineadh dó conas dul ar dhéirce, ach óir ba mhac é a raibh an diríocht ina athair, ní shinfeadh sé amach a láimh di. Ansin, d'fhág sí ar an sráid é chun ligint dó imeacht ar a ábhar féin. Ach féach sé mhí ó shin, ag an ospidéal, díreach agus í ar leaba a báis, tháinig an t-aithreachas uirthi. Tá a fhios agam-sa féin cad is bri leis sin, a Athair, is mó an fhulaing a dheineann duine leis.'¹

Nuair a thuigimíd go raibh nótáí dírbheataisnéise á gcur sa scéal seo ag Daudet - bhí sé bocht ina óige agus níor éirigh go maith leis ar scoiltá an-bhuntáiste ag Daudet thar Nioclás. Ach nuair a thuigimíd ansan gur ag a bhean Siobhán a bhí an Fhraincis agus nach aige féin, is mó fós an meas atá ag dul do Nioclás ar an aistriúchán seo. Bhí Gaeilge ag Siobhán, Gaeilge a bhí foghlamtha, ach ní raibh an caighdeán aici leath chomh hard le Nioclás. Mar sin, bhí sé ag brath uirthi an scéal a thabhairt dó, ach ag brath air féin ansan chun píosa litriochta snasta cruinn a dhéanamh de. Chuir sé dua thar an gnách air féin leis an aistriúchán seo a thabhairt i gcrích. Níl sé foclach, casta ná leadránach, ach néata agus beacht.

